Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10491/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0555(COD)**

| | |
|---|---|
| **COMPET 764** | **ECOFIN 810** |
| **IND 413** | **COH 116** |
| **MI 629** | **INDEF 125** |
| **CADREFIN 290** | **CULT 86** |
| **FIN 874** | **CYBER 290** |
| **RECH 281** | **JAI 821** |
| **ESPACE 102** | **DIGIT 164** |
| **CONSOM 194** | **DATAPROTECT 199** |
| **DUAL USE 48** | **FREMP 209** |
| **EDUC 270** | **RELEX 832** |
| **TELECOM 317** | **COPS 348** |
| **ENER 397** | **UD 181** |
| **ENV 725** | **AUDIO 85** |
| **CLIMA 329** | **PROCIV 131** |
| **AGRI 495** | **IPCR 66** |
| **TRANS 420** | **MAP 128** |
| **SAN 478** | **FISC 221** |
| **PHARM 107** | **CODEC 1165** |
| **BIOTECH 81** | **IA 165** |
| **POLMIL 239** | **CSC 402** |
| **POLGEN 168** | |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11770/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta<br>- *Cur chuige ginearálta páirteach* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an téacs a chuirfear faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) ag an gcruinniú a bheidh aici an 16 Meitheamh 2026 d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas.

Níl aon athrú ar uimhriú an togra ón gCoimisiún go dtí deireadh na caibidlíochta.

Ní shocrófar na méideanna tagartha nó go gcuirtear clabhsúr ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Eisiatar na forálacha idir lúibíní ón gcur chuige ginearálta páirteach.

**IARSCRÍBHINN**

2025/0555 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, (AE) 2025/2643**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), Airteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 168(5), Airteagal 172, an chéad fhomhír, Airteagal 173(3), an chéad fhomhír, Airteagal 175, an chéad fhomhír, Airteagal 182(4), Airteagal 183 i gcomhar le hAirteagal 188, an dara mír, Airteagal 189(2), Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 212(2) agus Airteagal 322(1), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,[1]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,[2]

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) [Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach táscach airgeadais don Chiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI'), lena n-áirítear an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta, arb imchlúdach é a bheidh ina mhéid príomhthagartha, de réir bhrí an chomhaontaithe idirinstitiúidigh maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Chun críche an Rialacháin seo, déantar praghsanna atá ann faoi láthair a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.]

(2) Beidh tionchar cinniúnach ag an tréimhse amach romhainn ar thodhchaí an Aontais, ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta, na sochaí, an chomhshaoil, na haeráide agus na slándála de, agus rioscaí méadaithe maidir le gnáthbhagairtí míleata á gcur san áireamh freisin. I dtuarascáil Draghi dar teideal 'todhchaí Iomaíochas na hEorpa'[3], cuireadh fís nua i láthair chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe san Eoraip an athuair. Leagadh amach i dtuarascáil Letta[4] nach mór don Eoraip a Margadh Aonair a ghiaráil chun bheith ar thús cadhnaíochta san iomaíocht dhomhanda. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gCompás Iomaíochais[5], rinneadh foráil maidir le treochlár comhpháirteach chun borradh a chur faoin dícharbónú agus faoin iomaíochas, ar bhonn mholtaí na dtuarascálacha sin. Leagadh amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[6] a riachtanaí atá sé dlús a chur leis an dícharbónú, leis an ationsclú agus leis an nuálaíocht, agus an gníomhú ar son na haeráide agus an t-iomaíochas á dtabhairt le chéile faoi aon straitéis uileghabhálach fáis amháin. Is é is aidhm do Phleananna Gníomhaíochta Tionsclaíocha Earnála, amhail Gluaisteáin, Cruach agus Miotail agus Ceimiceáin iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach thionsclaíocht na hEorpa a áirithiú. I Staid na Deacáide Digití 2025[7], leagtar béim ar a phráinní atá sé comhar a chothú agus infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhéadú chun ceannaireacht dhigiteach, ceannasacht agus cuimsitheacht an Aontais a neartú. Cuirtear béim sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa[8] ar a riachtanaí atá sé athinfheistiú ollmhór tapa a dhéanamh sa chosaint chun tacú le saoirse ghníomhaíochta na hEorpa. Ba cheart aird a thabhairt ar na riachtanais shonracha a eascraíonn as dúshláin gheopholaitiúla is cúis le hábhair imní slándála mhéadaithe.

---

3 Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi, Meán Fómhair 2024, https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_en

4 Tuarascáil Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair, Aibreán 2024, https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.

5 Compás iomaíochais - an Coimisiún Eorpach

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún dar teideal An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú, COM(2025) 85 final, 26.2.2025.

7 COM(2025) 290 final Staid na Deacáide Digití 2025: Leanúint de cheannasacht agus todhchaí dhigiteach an Aontais a thógáil.

8 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', JOIN(2023) 20 final, 20.6.2023.

Thairis sin, is léiriú breise iad tosaíochtaí na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Eacnamaíoch ar a ríthábhachtaí atá sé buntáiste teicneolaíoch an Aontais a chosaint agus caidreamh eacnamaíoch an Aontais a dhí-rioscú, lena n-áirítear trí athléimneacht na slabhraí soláthair a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, spleáchais a laghdú. Leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan an gá atá le feabhas a chur ar an iomaíochas agus dlús a chur leis an aistriú straitéiseach ar fud earnálacha an gheilleagair ghoirm, agus béim ar leith á cur ar dhícharbónú agus ar an nuálaíocht a uas-scálú. Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mbóthar i dtreo an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil ('CAI') eile[9], ní mór an chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais a bheith níos dírithe, níos simplí, níos solúbtha agus níos intuartha agus ní mór tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach ar bhealach níos fearr leis, lena n-áirítear iomaíochas an Aontais a neartú.

(2a) Le CEI, ina iomláine, ba cheart na cuspóirí ginearálta mar a léirítear sa Rialachán seo iad a shaothrú agus sainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi CEI á gcur san áireamh ag an am céanna.

---

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Bóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile COM(2025) 46 final, 11.2.2025.

(3) Chun a bhuntáiste iomaíoch a athghabháil agus a threisiú, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh an tAontas an timthriall nuálaíochta a athbheochan trína chumas nuálaíochta suaití a fhorbairt agus trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil acmhainneacht mhór eacnamaíoch acu, lena n-áirítear trí tháirgiúlacht a ardú. Chun a neamhspleáchas sa gheilleagar domhanda a áirithiú, ba cheart don Aontas a cheannaireacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch in earnálacha straitéiseacha a dhaingniú, agus slabhraí soláthair amhábhar criticiúil agus an geilleagar ciorclach mar thúsphointe i ndáil leis sin, agus ba cheart dó teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip agus maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann dá shlándáil agus dá athléimneacht agus a eascraíonn as spleáchais sheachtracha chriticiúla. Is féidir é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhréireach, ar chlistí margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamaí gan cistiú príobháideach a phlódú amach, i bhfianaise na n-ardriachtanas infheistíochta chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear riachtanais le haghaidh dícharbónú agus an aistrithe dhigitigh. D’fhéadfadh cásanna infheistíochta fo-optamaí den sórt sin eascairt freisin as dálaí a bhaineann le cúrsaí athléimneachta, cumais nó slándála, as cur isteach ar nascacht, nó as nochtadh méadaithe bonneagar straitéiseach agus slabhraí luacha do bhagairtí. Ba cheart, dá bhrí sin, béim níos mó a chur ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a ghiaráil trí fheabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as sásraí roinnte riosca idir cistí an Aontais agus infheisteoirí príobháideacha, chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as cistiú poiblí. Cuirfidh sé sin leis an dul chun cinn a rinneadh ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, lena soláthrófar an tírdhreach rialála is gá d’infheistíochtaí príobháideacha chun go mbeidh rath orthu, agus méadóidh sé tionchar an dul chun cinn sin. Ba cheart úsáid aon acmhainní náisiúnta breise a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE.

(4) Leis an gcistiú ón Aontas, ba cheart tacaíocht a thairiscint do ghnólachtaí agus do thionscadail feadh an aistir infheistíochta ar fad. Cuimsíonn an t-aistear sin na céimeanna uile a bhaineann le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí straitéiseacha a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip, ón taighde feidhmeach, ar aghaidh go dtí gach cineál nuálaíochta, uas-scálaithe, agus cur in úsáid tionsclaíoch, agus uaidh sin go dtí an monarú agus an cur in úsáid sa mhargadh, lena n-áirítear an tacaíocht is gá maidir le costais infheistíochta agus oibríochtúla, bonneagar agus scileanna. Ní bhíonn an t-aistear infheistíochta líneach toisc go gcuireann na céimeanna uile lena chéile, agus d’fhéadfadh smaointe le haghaidh teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí nua teacht chun cinn ag céim ar bith. Leis an gcistiú ón Aontas, ní mór freastal ar an réaltacht neamhlíneach sin trí sholúbthacht mhéadaithe sa tacaíocht a sholáthraítear, agus intuarthacht an chistiúcháin á caomhnú ag an am céanna.

(5) De bharr an chistithe ón Aontas, ba cheart é a bheith níos fusa éiceachórais nuálacha tionsclaíocha a chruthú agus a leathnú, arb éiceachórais iad ina n-idirghníomhódh gníomhaithe éagsúla ar bhealach sineirgeach. In éiceachórais rathúla, bíonn idirghníomhaíochtaí agus comhar láidir solúbtha idir cuideachtaí beaga agus móra, institiúidí taighde ollscoileanna, soláthraithe bonneagair, infheisteoirí agus údaráis phoiblí. In éagmais an chomhair sin laistigh d'éiceachórais nuálaíochta agus tionsclaíochta aonair agus idir na héiceachórais sin, fágtar acmhainneacht nuálaíochta gan saothrú.

(6) Tá an nascacht dhigiteach agus an chibearshlándáil ríthábhachtach chun comhar a chothú laistigh den éiceachóras, trí dhlús a chur leis an nuálaíocht, trí rochtain rianúil shlán a thabhairt ar acmhainneachtaí agus réitigh dhigiteacha chriticiúla ar fud an Aontais, trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí trasteorann a éascú, agus trí idir-inoibritheacht agus costéifeachtúlacht a chothú.

(7) Dá bhrí sin, is é is cuspóir do CEI acmhainneacht infheistíochta a bhunú chun tacú le hiomaíochas na hEorpa i dteicneolaíochtaí, bonneagair, táirgí agus seirbhísí agus earnálacha straitéiseacha, sa tslí is go mbeidh aistear infheistíochta níos rianúla ann. Cuirfidh sé cruthú agus leathnú na nuálaíochta, an mhaoinithe phríobháidigh agus na n-éiceachóras tionsclaíoch chun cinn, agus cuirfidh sé an comhar idir an méid sin chun cinn freisin.

(8) San Aontas, tá éagothromaíochtaí leanúnacha fós ann maidir le hiomaíochas agus feidhmíocht nuálaíochta ó réigiún go réigiún. Tar éis iarrachtaí leanúnacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé in am leas iomlán a bhaint as acmhainneacht gach réigiúin. Trína áirithiú go mbeidh réigiúin bheagfhorbartha nasctha go héifeachtach le slabhraí luacha an Aontais, is fearr a bheidh an tAontas ina iomláine in ann dul san iomaíocht ar fud an domhain.

(9) Is sócmhainní uathúla straitéiseacha iad na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus na tíortha agus na críocha thar lear, agus baineann tairbhí leo a théann chun sochair an Aontais ina iomláine – lena n-áirítear gaireacht do thríú tíortha, dálaí eisceachtúla le haghaidh taighde spáis agus réaltfhisice, acmhainneacht fhlúirseach fuinnimh in-athnuaite, bithéagsúlacht shaibhir, agus limistéir mhuirí fhairsinge. Le CEI, ba cheart a n-acmhainneacht a ghiaráil mar urphoist gheostraitéiseacha, go háirithe chun tacú le cuspóirí an Aontais maidir le slándáil, ullmhacht, slabhraí luacha réigiúnacha, agus iomaíochas.

(9a) I gcomhréir le hAirteagal 182(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le cur chun feidhme trí chláir shonracha lena sainítear na rialacha mionsonraithe maidir lena gcur chun feidhme, lena socraítear a dtréimhse feidhme agus lena bhforáiltear an maoiniú a mheastar is gá. Áirítear le CEI an clár sonrach maidir le taighde cosanta de réir bhrí Airteagal 182(3) CFAE, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht] maidir le gníomhaíochtaí taighde cosanta.

(10) Ba cheart don Choimisiún comhordú docht agus sineirgí a áirithiú idir foinsí cistiúcháin uile an Aontais in CAI. Chun na críche sin, ba cheart an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a bheith nasctha go dlúth le CEI chun a áirithiú go ndéanfaidh tionscal na hEorpa torthaí taighde arna gcistiú ag an Aontas a ghiaráil chun tuilleadh nuálaíochta agus táirgthe a dhéanamh san Eoraip. Chun sineirgí a chothú, ba cheart na cláir oibre arna nglacadh faoin Rialachán seo ( na 'cláir oibre') i gcuid shonrach thiomnaithe a chomhtháthú agus comhleanúnachas a áirithiú leis an gcomhpháirt 'Iomaíochas', Cuid II 'Iomaíochas agus Sochaí' de Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa[10] agus ón gComhairle [Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht][11], i gcomhréir leis an nós imeachta coiste a leagtar amach sa Rialachán seo. Féadfar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí sonracha a shainítear faoi na hionuithe beartais a bhunaítear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí, trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe taighde agus nuálaíochta. Ba cheart cláir oibre CEI, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi na hionuithe beartais i gCaibidlí IV go VII de CEI, a ghlacadh i gcomhréir le rialacha an chláir oibre le haghaidh CEI, lena n-áirítear a nósanna imeachta coiste, chun tacaíocht rianúil don aistear infheistíochta a choinneáil ar bun. Ba cheart a shraith rialacha féin arna comhdhlúthú in CEI a bheith ag an gclár sonrach um thaighde agus forbairt cosanta, agus ba cheart rialacha an chláir oibre le haghaidh CEI a bheith infheidhme maidir leis an gcomhpháirt um tacaíocht don bheartas tionsclaíoch cosanta, lena n-áirítear Taighde agus Forbairt Chomhoibríoch, Nuálaíocht agus Scothracht Theicneolaíoch i réimse na Cosanta. Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha Fís Eorpach, lena n-áirítear na rialacha ann maidir le coistí meastóireachta agus critéir dhámhachtana, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta arna gcistiú faoin gcuid 'Iomaíochas' de Cholún II d'Fhís Eorpach, ar cheart iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach i gcláir oibre CEI. Maidir le comhlachas, ba cheart incháilitheacht do na gníomhaíochtaí sa chuid thiomnaithe shonrach maidir le taighde comhoibríoch arna chistiú faoin gclár Fís Eorpach, ba cheart í a bheith faoi réir comhlachas iomlán nó páirteach le Fís Eorpach.

---

10 IO L.., lch

11 COM(2025) 543

(11) Chun sineirgí a chothú idir gníomhaíochtaí faoi CEI agus faoin gCiste don Nuálaíocht, ba cheart comhleanúnachas a áirithiú sna cláir oibre le tosaíochtaí an Chiste don Nuálaíocht agus leis na cineálacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chistiú faoin gCiste sin. I dteannta a chéile, ba cheart CEI, Fís Eorpach agus an Ciste don Nuálaíocht a bheith ina bhfoinsí comhleanúnacha tacaíochta d'iomaíochas an Aontais.

(12) Thairis sin, leis na clár oibre, chun go mbeidh nasc láidir ann leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, ba cheart comhleanúnachas a áirithiú leis na tionscadail roghnaithe agus leis na tosaíochtaí iomaíochais arna sainaithint faoin Uirlis sin.

(12a) Chun úsáid éifeachtúil acmhainní an Aontais a áirithiú agus cuspóirí CEI á mbaint amach, cuirfear CEI chun feidhme i sineirgíocht le cistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ciste don Eoraip Dhomhanda, an Clár um an Margadh Aonair agus Custam, Erasmus+ agus AgoraEU.

(13) Is féidir go dtairbheodh iomaíochas na hEorpa de chomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus is gá infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil chun cuspóirí CEI a chur i gcrích. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith indéanta codanna de bhuiséad CEI a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha in éineacht le comhpháirtithe eile, gníomhaithe poiblí nó príobháideacha, i gcás inarb é sin an fhoirm cur chun feidhme is éifeachtaí chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí um chur in úsáid sa mhargadh. Cuimsítear leis an rogha sin comhpháirtíochtaí faoi CAI 2028-2034, chomh maith le comhpháirtíochtaí a bunaíodh faoi CAI 2021-2027 a leanann de bheith ag feidhmiú le linn na hidirthréimhse. D'fhonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí a chothú, ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Eorpacha cur chuige straitéiseach punannbhunaithe a leanúint chun comhleanúnachas a fheabhsú, comhlántacht a áirithiú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní an Aontais, agus a rannchuidiú leis na cuspóirí iomaíochais faoin gCiste seo á chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart punann chomhleanúnach chomhlántach de líon teoranta Comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú i bpróiseas trédhearcach oscailte iomaíoch, bunaithe ar shraith critéar saolré inchainníochtaithe.

(14) Le CEI, ba cheart bosca uirlisí iomlán bhuiséad an Aontais a úsáid chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise a chur ar fáil, go háirithe ó infheisteoirí institiúideacha ar feadh an aistir infheistíochta ar fad. Ba cheart é a bheith ina chúnamh le 'cultúr infheistíochta' a chruthú trí chistí poiblí agus acmhainneacht laghdaithe riosca bhuiséad an Aontais a ghiaráil ar bhealach níos fearr. Ba cheart uasmhéadú a dhéanamh leis freisin ar bhreisluach ghníomhaíocht an Aontais phlódú isteach an chaipitil phríobháidigh chun bonn iomaíoch nuálaíochta agus tionsclaíoch a áirithiú, agus ba cheart é sin a dhéanamh freisin trí úsáid a bhaint as ionstraimí nuálacha cistiúcháin lena n-áirítear comhinfheistíocht phoiblí-phríobháideach lena mbaineann neamhshiméadracht ó thaobh rioscaí agus luaíochta de. I ndáil leis sin, ba cheart úsáid ionstraimí airgeadais lena ndéantar infheisteoirí príobháideacha a phlódú isteach a bheith ina céadrogha nuair is féidir.

(15) Iarrtar i dtuarascáil Draghi go dtabharfaí níos mó tacaíocht infheistíochta chun an bhearna infheistíochta a dhúnadh agus aithnítear gurb é Clár InvestEU an phríomhionstraim comhroinnte riosca is ceart a úsáid. [Le hIonstraim InvestEU CEI, ba cheart ráthaíocht bhuiséadach aonair a chur ar bun agus ionstraimí airgeadais a sholáthar chun tacú le hiomaíochas an Aontais.]

(16) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta, slándála agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le tuilleadh solúbthachta in CAI solúbtha agus ina chláir. [Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí CEI, ba cheart aird chuí a thabhairt sa chistiú, le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún agus an intuarthacht is gá do chur chun feidhme na n-infheistíochtaí á háirithiú an tráth céanna.]

(17) Ba cheart CEI rochtain ar chistiú ó chláir an Aontais a éascú trí nósanna imeachta atá úsáideoir-lárnach, tapa, níos simplí agus comhchuibhithe agus ba cheart feabhas a chur leis ar an gcomhleanúnachas idir ionstraimí an Aontais agus le hinfheistíochtaí na mBallstát. Le CEI, ba cheart tairbhithe chistiú an Aontais, go háirithe tairbhithe sa tionsclaíocht, fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'), gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear iad siúd arna mbunú faoin 28ú córas atá ar na bacáin, ba cheart iad a chur i gcroílár dhearadh ionstraimí cistiúcháin an Aontais.

(18) [Ba cheart CEI feidhmiú trí cheithre ionú beartais atá ar aon dul le príomhthosaíochtaí beartais an Aontais: Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch; an tSláinte, an Bhith-theicneolaíocht, an Talmhaíocht agus an Bithgheilleagar; Ceannaireacht Dhigiteach; an Athléimneacht agus an tSlándáil, an Tionscal Cosanta agus an Spás.]

(19) Is den ríthábhacht é an bonneagar má táthar lena chur ar chumas na hEorpa a bheith iomaíoch. Is den riachtanas é infheistíochtaí a dhéanamh i mbonneagar chun go bhfeidhmeodh margadh aonair an Aontais go cuí, chun go ndéanfaí an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus chun athléimneacht agus slándáil an Aontais a mhéadú. Mar shampla, cothaíonn an gréasán tras-Eorpach iompair cineálacha inbhuanaithe iompair, cuireann sé réitigh dhigiteacha agus iompair ilmhódacha idir-inoibritheacha fheabhsaithe chun cinn, agus rannchuidíonn sé ar an gcaoi sin le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Tá na gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh ríthábhachtach chun go mbeadh fíor-Aontas Fuinnimh ann a chuirfeadh ar chumas an Aontais a chuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach trí eangacha leictreachais agus fuinnimh ghlain thíortha an Aontais a nascadh le chéile chun ár neamhspleáchas fuinnimh agus ár n-iomaíochas a áirithiú. Chuige sin, tá sé fíor-riachtanach idirnascairí trasteorann, tarchur intíre agus córais dáileacháin a fhorbairt. Ba cheart tacaíocht CEI a bheith comhleanúnach agus comhlántach leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). Tá sé bunriachtanach d’iomaíochas na hEorpa foráil a dhéanamh maidir le sineirgí idir forbairt gréasán tras-Eorpach fuinnimh agus iompair ag a bhfuil tionchar láidir trasteorann agus a fhaigheann tacaíocht ó SCE agus tacaíocht infheistíochta chun bonneagar iompair, fuinnimh agus digiteach a dhícharbónú, a nuachóiriú agus a leathnú faoi CEI.

(20) Thairis sin, tá gréasáin dhigiteacha thras-Eorpacha fíor-riachtanach chun gréasáin teileachumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta a idirnascadh, rud a fhágann gur féidir rochtain trasteorann rianúil, shlán a fháil ar acmhainneachtaí ríomhaireachta ardfheidhmíochta, néalríomhaireachta, sonraí agus intleachta saorga. I ndáil leis sin, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí bonneagair iomaíochais, amhail gréasáin cnáimhe droma trastíre agus bonneagair cáblaí fomhuirí, a fhorbairt, a chosaint agus a chothabháil, sa tslí is go n-áiritheofaí leanúnachas seirbhíse i gcás teagmhas agus chun go ndéanfaí na cumais bhraite in imchuacha farraige a mhéadú chun slándáil cáblaí fomhuirí a fheabhsú, mar a chuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ‘Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cháblaí’.

(21) Is i muintir an Aontais atá neart iomaíochta an Aontais. Sainaithnítear sa Chompás Iomaíochais scileanna agus poist ardcháilíochta a chur chun cinn mar chumasóir cothrománach. Mar a chuirtear in iúl sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025: ‘ag eascairt as an teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir le hAontas na Scileanna, ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar shealbhú, aitheantas agus coinneáil scileanna ar fud an Aontais, , ó fhorbairt na mbunscileanna go rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, san athsciliú agus san uas-sciliú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann leis’. Tá idirphlé láidir ina chuid de na hiarrachtaí sin. Tá caipiteal daonna agus cur chun cinn an chomhionannais inscne ríthábhachtach do rathúnas inbhuanaithe an Aontais, dá athléimneacht eacnamaíoch agus dá gheilleagar sóisialta margaidh uathúil. Tá sé bunriachtanach rathúnas inbhuanaithe a chothú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta, trí bhorradh a chur faoin bhfás táirgiúlachta, trí earnálacha eacnamaíocha an Aontais a dhéanamh níos iomaíche agus níos nuálaí, trí infheistíochtaí breise a mhealladh, agus trí thacú le margadh aonair dinimiciúil agus le slándáil eacnamaíoch fheabhsaithe. Ba cheart CEI a bheith ina chúnamh le hAontas na Scileanna[12] trí thacú le lucht saothair oilte a fhorbairt a mbeidh na scileanna sonracha is gá acu i réimsí infheistíochta straitéiseacha CEI, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, oideachas, tionscadail oiliúna agus printíseachtaí, agus trí phoist tharraingteacha ardcháilíochta a chruthú a mbeidh rochtain ag cách orthu agus trí infheistíochtaí CEI a nascadh le hinfheistíocht scileanna chun ganntanais scileanna a mhaolú in earnáil straitéiseach áirithe CEI. Ba cheart a áireamh leis sin an Ráthaíocht Eorpach um Scileanna lena gcuirtear ar chumas oibrithe in earnálacha a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, i gcomhréir le straitéisí ábhartha náisiúnta, réigiúnacha nó earnála um aistriú. Le CEI, ba cheart tacú le faisnéis scileanna, lena n-áirítear anailís ar bhearnaí scileanna, uas-sciliú agus athsciliú, agus ba cheart comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chothú idir ollscoileanna, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, gnólachtaí, go háirithe FBManna, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta feidhmeacha. Ba cheart é a bheith indéanta freisin go dtacódh CEI le gníomhaíochtaí na gcomhghuaillíochtaí d’Ollscoileanna Eorpacha, lena n-áirítear i gcomhar le fostóirí, feabhas a chur ar a mbaineann siad amach ó thaobh na nuálaíochta agus forbairt scileanna agus tallainne de.

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final, 5.3.2025.

(21a) Ba cheart CEI a bheith ina thaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, gníomhú ar son na haeráide, nuálaíocht agus iomaíochas ar fud na réimsí uile a chumhdaítear le clár LIFE faoi CAI 2021-2027, lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, an dúlra agus an bhithéagsúlacht, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan. Le 'gníomhaíochtaí LIFE', ba cheart gnéithe bunriachtanacha chlár LIFE a chaomhnú, sa tslí is go n-áiritheofar tacaíocht leanúnach do thionscadail nuálacha ón mbun aníos agus do na páirtithe leasmhara ábhartha uile maidir leis an aistriú glan agus dícharbónú tionsclaíoch, agus go músclófar feasacht maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol ag gach leibhéal rialachais ábhartha.

(22) Ba cheart CEI a bheith ina chúnamh leis na cuspóirí maidir le tionsclaíocht na hEorpa a dhícharbónú trí fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí glana, agus a slabhraí soláthair, a chur chun cinn. Ba cheart CEI a bheith ina thaca le cur chun feidhme reachtaíocht aeráide agus fuinnimh an Aontais agus an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-aistriú glan agus an dícharbónú ina spreagadh d'fhás agus d'iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa. Chuige sin, le CEI, ba cheart tacú leis an dícharbónú trí chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, lena gcuimsítear réitigh ghlan-nialasacha agus ísealcharbóin, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna do rannchuidiú na dteicneolaíochtaí éagsúla le cothromú eangaí agus le cúpláil earnála, chun ailíniú go háirithe le riachtanais infheistíochta na n-earnálacha dianfhuinnimh. Thairis sin, ba cheart cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne a chur chun cinn leis, sa tslí is go n-áiritheofar fuinneamh slán, inacmhainne, éifeachtúil, in-athnuaite agus glan do mhuintir na hEorpa go léir. Ba cheart CEI a bheith ina rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar dícharbónaithe, ciorclach, tíosach ar acmhainní, aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh uisce de agus bithbhunaithe, lena n-áirítear aistriú glan FBManna, mar shampla sa turasóireacht, san iompar, sa tógáil agus in earnálacha eacnamaíocha eile nach iad. Ba cheart é a bheith ina thaca le táirgeadh tionsclaíoch inbhuanaithe, dúlra-dearfach agus athléimneach i dtionscail dianfhuinnimh san Aontas, i gcomhréir le cuspóirí an togra le haghaidh an Ghnímh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht. Le CEI, ba cheart tacú le hardábhair i gcomhréir le cuspóirí an Ghnímh um Ardábhair atá ar na bacáin. Ba cheart é a bheith ina thaca freisin le cuspóirí Rialachán (AE) 2024/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta), lena gcuirtear borradh faoi acmhainneacht monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasacha agus faoi acmhainneachtaí táirgeachta, agus lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i mbonneagar gaolmhar.

[13] Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

(22a) Chun an earnáil iompair a dhícharbónú, ba cheart, le CEI, i measc nithe eile, infheistíocht a dhéanamh, agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais á gcomhlánú, i bhforbairt breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus sa leictriú. Áirítear leis sin freisin bonneagar gaolmhar, amhail bonneagar luchtaithe, agus sócmhainní soghluaiste, lena n-áirítear feithiclí, soithí amhail soithí iascaireachta, aerárthaí agus rothstoc, chomh maith le nuachóiriú, uathoibriú agus digitiú an bhonneagair iompair, mar shampla calafoirt, moil fuinnimh calafoirt agus iarnród ardluais. Féadfaidh na tionscnaimh sin tacú le cuspóirí bheartais iompair an Aontais, lena n-áirítear iompar inbhuanaithe a fhorbairt, iomaíochas agus claochlú thionscal na ngluaisteán agus slabhraí luacha tionsclaíocha ábhartha, i bhfianaise straitéisí earnála agus pleananna gníomhaíochta an Aontais.

(23) Ba cheart CEI a bheith ina rannchuidiú le cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú, lena n-áirítear an t-aer, an t-uisce, an cósta, an fharraige, an talamh agus an ithir, chun truailliú a laghdú, cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú agus chun dul i ngleic le díghrádú na n-éiceachóras talún, fionnuisce agus muirí, agus athléimneacht aeráide agus uisce á feabhsú ag an am céanna, lena n-áirítear athléimneacht in aghaidh thionchair an athraithe aeráide, cuir i gcás triomach, tuilte agus teagmhais adhaimsire. Le hionú CEI um Aistriú Glan agus Dícharbónú, ba cheart tionscadail a rannchuidíonn leis na cuspóirí sin a mhaoiniú.

(24) Leis na tionscadail agus na gníomhaíochtaí a thagann faoin ionú um Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch, ba cheart tacú le dícharbónú thionsclaíocht na hEorpa, dícharbónú próiseas táirgthe, soláthar fuinnimh agus glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite glan, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite comhtháite, solúbthachtaí córais fuinnimh, stóráil fuinnimh, athchóirithe fuinnimh, agus réitigh nuálacha téimh agus fuaraithe a chur chun cinn chomh maith le forbairt samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe agus réiteach ar thaobh an éilimh le haghaidh foirgnimh, iompar agus tionsclaíocht ghlan dhícharbónaithe. I gcás inar gá sin chun cuspóirí CEI a bhaint amach, ba cheart CEI a bheith ina thaca le gníomhaíochtaí arna ndéanamh mar chuid de chomhpháirt rollta amach Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua, i sineirgíocht le [Clár Réime 10: Fís Eorpach].

(25) Braitheann táirgiúlacht monaraíochta an Aontais ar an éifeachtúlacht acmhainní, agus is cuid shuntasach de na costais táirgthe é an t-ionchur ábhair. Cuireann cuir chuige chiorclacha maidir le hábhair, táirgí, seirbhísí agus monaraíocht borradh faoi tháirgiúlacht acmhainní, agus cuireann gníomhaíochtaí coinneála luacha amhail athmhonarú, athchóiriú agus deisiú deiseanna suntasacha fostaíochta ar fáil. Ba cheart CEI a bheith ina rannchuidiú leis an mbithgheilleagar, leis an ngeilleagar ciorclach agus le rochtain ar ábhair, lena n-áirítear bitheábhair.

(26) D'fhéadfadh an tAontas a bheith ina cheannaire domhanda i dteicneolaíochtaí digiteacha. Le CEI, ba cheart forbairt agus cur in úsáid réiteach digiteach, bonneagar digiteach agus acmhainneachtaí digiteacha a chur chun cinn ar fud an Aontais, agus forbairt ardscileanna digiteacha, lena n-áirítear scileanna cibearshlándála, a chur chun cinn ar mhaithe le sochaí agus geilleagar na hEorpa. Chomh maith leis an tacaíocht d'ardscileanna digiteacha in CEI, ba cheart tacú le leibhéal leordhóthanach scileanna digiteacha ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear bunscileanna agus scileanna idirmheánacha, trí chláir eile CAI toisc go bhfuil na scileanna sin tábhachtach chun bonn taca a chur faoi iomaíochas na hEorpa.

(27) Tá tearcinfheistíocht ainsealach in earnáil teicneolaíochta na hEorpa ar cheann de na príomhchúiseanna le heaspa iomaíochais an Aontais, i gcomparáid lena iomaitheoirí domhanda. Thairis sin, tá ceannasacht an Aontais i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i mbonneagair dhigiteacha tagtha chun bheith ríthábhachtach d'athléimneacht, do shlándáil agus do dhaonlathas an Aontais, mar a léiríodh i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití inar cuireadh i dtábhacht freisin na bearnaí suntasacha atá fós ann chun spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, go háirithe maidir le forbairt na hIntleachta Saorga (IS), leathsheoltóirí, 5G agus ardscileanna digiteacha, lena n-áirítear scileanna cibearshlándála.

(28) Cé go bhfuil dlús á chur le claochlú digiteach an Aontais, fágann an iliomad spleáchais chriticiúla ar sholáthróirí nach soláthróirí de chuid an Aontais iad (idir sholáthróirí amhábhar, ard-leathsheoltóirí, agus sliseanna intleachta saorga agus soláthróirí córas, bonneagar agus seirbhísí) go bhfuil gá le roghanna malartacha Eorpacha lena ndéanfaí an claochlú digiteach i ngeilleagar na hEorpa a dhaingniú, agus ár luachanna comhroinnte á gcaomhnú ag an am céanna mar an difreálaí fíor-riachtanach, lena n-áirítear trí chumhacht na dteicneolaíochtaí foinse oscailte, na gcaighdeán idir-inoibritheach agus na réiteach atá slán trí dhearadh a ghiaráil.

(28a) Tá tacaíocht don cheannaireacht dhigiteach á spreagadh ag tionscnaimh bheartais rialála an Aontais sa réimse digiteach, idir thionscnaimh rialála agus tionscnaimh neamhrialála, lena n-áirítear na tionscnaimh seo a leanas, gan bheith teoranta dóibh: straitéisí, pleananna gníomhaíochta, agus gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis an intleacht shaorga (amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga, an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht agus [an togra le haghaidh Gníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga]); idir-inoibritheacht; sonraí agus néalríomhaireacht (an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach agus an Gníomh um Shonraí); bonneagar digiteach agus nascacht dhigiteach (amhail [an togra le haghaidh Gníomh um Líonraí Digiteacha], cáblaí fomhuirí agus tionscnaimh nascachta cáblaí, Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí); céannacht dhigiteach agus seirbhísí iontaoibhe (eIDAS2 agus [an togra maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa]); teicneolaíochtaí candamacha (Straitéis an Aontais um Eoraip Chandamach agus [an togra maidir leis an nGníomh Candamach]); cibearshlándáil (amhail an Gníomh um Chibear-Athléimneacht, an Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, [togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil] agus an Dara Treoir NIS); leathsheoltóirí (amhail an [togra maidir leis an Dara Gníomh um Shliseanna]); agus tionscnaimh straitéiseacha níos leithne amhail an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas. Ba cheart an tacaíocht don cheannaireacht dhigiteach a chur chun feidhme i gcomhréir le baint amach spriocanna agus chuspóirí Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

---

[14] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj).

(28b) Ar na príomhréimsí teicneolaíochta a bhfuil infheistíocht le déanamh iontu tá na réimsí seo a leanas, i measc réimsí eile: an intleacht shaorga (lena n-áirítear samhlacha, algartaim agus uirlisí IS, leathchúplaí digiteacha atá cumhachtaithe ag IS, IS inbhuanaithe, saoráidí tástála agus turgnamhaíochta IS); teicneolaíochtaí agus bonneagair ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus sonraí (lena n-áirítear monarchana IS, gigeamhonarchana IS agus spásanna sonraí); teicneolaíochtaí agus bonneagair chandamacha (lena n-áirítear ríomhaireacht agus ionsamhlú, cumarsáid, brath); leathsheoltóirí (lena n-áirítear micrileictreonaic agus fótónaic, ábhair agus teicneolaíochtaí leathanbhearna, dearadh sliseanna, teicneolaíochtaí próisis, sliseanna candamacha); ábhair ardfhorbartha; teicneolaíochtaí agus seirbhísí bogearraí (lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte); réaltacht bhreisithe agus domhain fhíorúla, ardáin agus teicneolaíochtaí a bhaineann leis na meáin; róbataic (lena n-áirítear uathoibriú) agus teicneolaíochtaí agus próisis shuimitheacha agus monaraithe dhigitigh; teicneolaíochtaí agus bonneagair nascachta (lena n-áirítear teicneolaíochtaí imeall-teileachumarsáide agus néalríomhaireachta, idirlíon na rudaí nithiúla, teicneolaíochtaí braiteachta agus cumarsáide, teicneolaíochtaí treoraíochta agus loingseoireachta, ardbhonneagair nascachta, líonraí digiteacha, 5G, 6G agus teicneolaíochtaí eile gan sreang, líonraí cumarsáide — líonraí cnáimhe droma, aisiompair agus rochtana agus athléimneacht líonraí, faireachán ar an speictream raidió agus éifeachtúlacht speictrim, cáblaí fomhuirí, ardacmhainneachtaí breathnóireachta agus deisiúcháin faoi uisce); teicneolaíochtaí digiteacha nua agus teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí hibrideacha, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir dhigiteacha trasearnála, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu; bonneagair agus seirbhísí digiteacha amhail Tiachóga Céannachta Digití an Aontais agus seirbhísí iontaoibhe, lena n-áirítear [Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa], teicneolaíochtaí digiteacha idir-inoibritheacha. I measc na réimsí trasearnálacha tá: an chibearshlándáil (lena n-áirítear cripteagrafaíocht iar-chandamach, ardréitigh chibearshlándála, Cibearmhoil náisiúnta agus réigiúnacha); ardscileanna digiteacha, uas-sciliú agus athsciliú, cláir scileanna speisialaithe; tacaíocht maidir le glacadh agus cur in úsáid (Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, an Líonra 'an tAontas ar son an Ghnó'); caighdeánú agus idir-inoibritheacht.

(28c) Trí phríomhréimsí digiteacha a chothú ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí, beidh ár ngeilleagar ina iomláine níos iomaíche, níos sláine, níos ceannasaí agus níos inbhuanaithe, rud a dhaingneoidh athléimneacht agus ullmhacht na sochaí. Thairis sin, tá teicneolaíochtaí digiteacha idir-inoibritheacha ag spreagadh nuachóiriú na hearnála poiblí, rud a fhónann do chomhtháthú an mhargaidh aonair, arb í an chéim is luachmhaire í atá le tabhairt chun go mbeidh gnólachtaí digiteacha Eorpacha, idir ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí atá ag méadú, iomaíoch ar fud an domhain.

(28d) Ba cheart tacaíocht don cheannaireacht dhigiteach a chur chun feidhme go háirithe trí na gníomhaíochtaí seo a leanas: croítheicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhúnlú; éiceachórais dhigiteacha tharraingteacha iomaíocha athléimneacha a thógáil agus slándáil an tsoláthair a neartú; feidhmchláir, bonneagair agus seirbhísí digiteacha úrscothacha agus inbhuanaithe a thógáil, a fhorbairt, a nuachóiriú, a chomhlánú agus a chur in úsáid, lena n-áirítear gréasáin dhigiteacha thras-Eorpacha; tacú le claochlú digiteach agus idir-inoibritheacht na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha; tacú le gníomhartha dlí agus beartais ábhartha de chuid an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a fhorfheidhmiú; éiceachóras cibearshlándála an Aontais a neartú agus ardleibhéal cibearshlándála san Aontas a fheabhsú. Ar mhaithe le leanúnachas, agus ós rud é go bhfuil cistiú fíor-riachtanach d’fhorbairt fhadtéarmach agus neamhspleáchas na hearnála cibearshlándála, ba cheart don Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus do Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin comhordú na n-infheistíochtaí cibearshlándála idir an tAontas agus na Ballstáit a áirithiú ar leibhéal an Aontais, laistigh de na paraiméadair a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], nó trí aon bheart eile a d’fhéadfaí a dhéanamh chun na críche sin.

---

[15] Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (IO L 202, 8.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj).

(29) Go bunúsach, is é a spreagann an dul chun cinn teicneolaíoch agus an nuálaíocht i ngach earnáil eacnamaíoch, agus táirgiúlacht agus iomaíochas na n-earnálacha sin, ná comhtháthú forbairtí digiteacha earnáilsonracha agus úsáid réiteach digiteach, ar cheart tacú leo ar fud CEI i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a fhorbraítear in ionuithe beartais éagsúla CEI.

(29a) Tá sé ríthábhachtach ardleibhéal cibearshlándála an Aontais a fheabhsú chun a athléimneacht agus a iomaíochas a áirithiú. Dá bhrí sin, le CEI, ba cheart an chibearshlándáil-trí-dhearadh a chur chun cinn trí bhearta cibearshlándála a chuimsiú sna gníomhaíochtaí ábhartha uile chomh maith le tacú le hiomaíochas éiceachóras cibearshlándála an Aontais, go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú.

(29b) D’fhéadfadh spleáchas ar sholáthróirí ardriosca tríú tíortha in earnálacha criticiúla a bheith ina riosca straitéiseach maidir le cur isteach eachtrach agus slándáil, athléimneacht agus ceannasacht an Aontais a chur i mbaol. Tá ról lárnach ag an nGrúpa Comhair a bunaíodh faoi Threoir (AE) 2022/2555[16], i gcomhar leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), maidir le measúnuithe riosca slándála comhordaithe a dhéanamh ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais, agus tosca riosca teicniúla agus, i gcás inarb ábhartha, neamhtheicniúla á gcur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir sin.

---

16 Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148; Téacs atá ábhartha maidir le LEE, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/2022-12-27.

(30) Tá an tAontas lena leasanna slándála a chosaint ar sholáthróirí a d’fhéadfadh a bheith ina riosca leanúnach slándála mar gheall ar an gcur isteach a d’fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha chomh maith lena slándáil, go háirithe an chibearshlándáil. Dá bhrí sin, is gá an riosca a bhaineann le spleáchas leanúnach ar sholáthróirí ardriosca sa mhargadh inmheánach a laghdú, lena n-áirítear i slabhra soláthair na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith ag na soláthróirí sin ar an tslándáil d’úsáideoirí agus do chuideachtaí ar fud an Aontais agus ar bhonneagar criticiúil an Aontais ó thaobh rúndacht, sláine agus infhaighteacht sonraí agus seirbhísí de. Ba cheart an srian sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ar bhearta maolaithe gaolmhara mar a shainmhínítear i mbeartais agus i ndlí an Aontais iad.

(31) Tá acmhainneacht shubstaintiúil neamhshaothraithe ag baint le cur in úsáid rathúil na hidir-inoibritheachta thar theorainneacha agus thar earnálacha, go háirithe maidir le hiomaíochas ghnólachtaí na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt bonneagar poiblí digiteach uile-Eorpach lena gcuimsítear líonraí, réitigh agus seirbhísí digiteacha idir-inoibritheacha, slána agus ceannasacha chun aghaidh a thabhairt ar an tírdhreach idir-inoibritheachta ilroinnte ar fud an Aontais, agus ar an gcaoi sin éiceachóras digiteach idirnasctha, saoráideach, lúfar a dhéanamh d’earnáil phoiblí na mBallstát. Is réamhriachtanas é go gcuirfeadh riaracháin phoiblí Eorpacha an idir-inoibritheacht i bhfeidhm ar gach leibhéal má tá earnáil phoiblí athléimneach le bheith ann a bheidh dírithe ar an nuálaíocht agus a rannchuideoidh le spriocanna an Aontais maidir le hiomaíochas, ceannasacht theicneolaíoch agus slándáil.

(31a) Chun iomaíochas, athléimneacht agus rathúnas fadtéarmach an Aontais a fheabhsú, is gá cur chuige comhtháite a chur chun cinn lena n-aithnítear an t-idirspleáchas idir sláinte daoine, ainmhithe, plandaí agus éiceachóras. Leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, mar a shainmhínigh Painéal Ardleibhéil Saineolaithe na hAon Sláinte Amháin in 2021 é, déantar foráil maidir le creat comhtháite agus aontaitheach arb é is aidhm dó cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach agus sláinte daoine, ainmhithe, plandaí agus éiceachóras a bharrfheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an tsláinte phoiblí, ar chórais bhia, ar an mbithéagsúlacht agus ar an gcomhshaol, trí fheabhas a chur ar an gcosc, an ullmhacht agus an athléimneacht, an inbhuanaitheacht agus an nuálaíocht ar fud na n-earnálacha ábhartha uile. Leis an gcur chuige sin agus leis an slógadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhisciplíní gaolmhara agus ar leibhéil ghaolmhara rialachais agus ar fud na ndisciplíní agus na leibhéal sin, ba cheart freagairtí comhleanúnacha beartais a áirithiú agus é a chur ar a chumas don Aontas an tslándáil sláinte agus athléimneacht na gcóras sláinte a choimirciú, dul i ngleic leis an athrú aeráide, acmhainní nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chosaint, an tslándáil bia a chosaint, agus feidhmiú an mhargaidh aonair a threisiú.

(32) Chun an tsláinte phoiblí a fheabhsú agus iomaíochas an Aontais a neartú, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis an méadú atá ag teacht ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha agus an t-ualach a bhaineann leo a laghdú trí straitéisí spriocdhírithe maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc agus trí infheistíochtaí leanúnacha a dhéanamh i gcórais sláinte agus in earnálacha na cógaisíochta agus na bhfeistí leighis. I gcomhréir le cuspóirí an Aontais Sláinte Eorpaigh agus ag tógáil ar ghníomhaíochtaí éifeachtúla arna gcur chun feidhme faoi Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], féadfaidh gníomhaíochtaí den sórt sin, mar aon le fothú acmhainneachta, malartú dea-chleachtas, gníomhaíochtaí chun neamhionannais sa tsláinte a laghdú agus córais sláinte éifeachtacha, inrochtana agus athléimneacha a chothú, féadfaidh siad borradh suntasach a chur faoi tháirgiúlacht an lucht saothair trí shláinte an daonra a fheabhsú agus ganntanais lucht saothair a mhaolú, agus tacú le córais sláinte a spreagann nuálaíocht ag an am céanna. Tá sé bunriachtanach sonraí sláinte a úsáid sna hiarrachtaí sin, sa tslí is go bhféadfar cinnteoireacht fheasach a dhéanamh. Thairis sin, má táthar le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú, is den ríthábhacht é infheistíochtaí a dhéanamh san earnáil sláinte, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha a shainaithnítear i ngníomhartha dlí an Aontais, agus nuálaíocht fhreagrach a chothú lena léirítear luachanna an Aontais tríd an gconair fhianaisebhunaithe ó fhionnachtana leighis go réitigh indíolta a dhaingniú agus a chuíchóiriú, agus tá tairbhe ag baint leis an méid sin freisin maidir le slándáil an tsoláthair a threisiú.

[17] Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj).

(32a) Tá rannchuidiú suntasach déanta ag clár EU4Health 2021-2027 i bpríomhréimsí amhail ullmhacht agus freagairt i leith géarchéimeanna sláinte, cur chun cinn na sláinte agus cosc galar, ailse agus galair neamhchoitianta. Chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh sna réimsí sin, ba cheart an raon gníomhaíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh roimhe seo faoi EU4Health agus nach gcumhdaítear le cláir eile de CAI, ba cheart iad a mheas freisin faoi CEI. Go háirithe, chun bagairtí a bhféadfadh éigeandálaí sláinte a bheith mar thoradh orthu a chosc, chun ullmhú dóibh agus chun freagairt orthu, ba cheart leanúint de ghníomhaíochtaí ábhartha ar tugadh tacaíocht dóibh roimhe seo faoi EU4Health a mheas faoi CEI má thagann siad faoi raon feidhme na gcuspóirí sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith ina gcomhlánú ar ghníomhaíochtaí de chineál níos oibríochtúla ar mhaithe le cosc, ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) [Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte], lena bhféadfaí gníomhaíochtaí amhail faireachas, mear-imscaradh beart sláinte poiblí, acmhainneachtaí cúltaca, stoc-charnadh agus imscaradh frithbheart leighis, agus oiliúint agus cleachtaí a áireamh.

(32b) Tá an bhiteicneolaíocht ar cheann de na teicneolaíochtaí is mó a bhfuil gealladh fúthu sa chéad seo agus é d'acmhainn aici athrú ó bhonn a dhéanamh ar go leor réimsí den gheilleagar, lena n-áirítear an tsláinte agus an cúram sláinte, an t-agraibhia, an tionsclaíocht, an comhshaol, agus na hearnálacha muirí agus uisceacha. Slabhraí luacha atá ag teacht chun cinn a neartú agus rochtain ar chistiú, maoiniú agus tacaíocht shaincheaptha a sholáthar, i gcás inarb ábhartha, do sholáthraithe cúraim sláinte, d'eagraíochtaí ábhartha a dhéanann taighde, do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú, do sheach-chuideachtaí agus do nuálaithe, is den ríthábhacht an méid sin chun a áirithiú go soláthróidh an bhiteicneolaíocht réitigh a thagann le luachanna an Aontais agus a rannchuidíonn le hathléimneacht, inbhuanaitheacht agus iomaíochas an Aontais.

(32c) Is earnáil straitéiseach í an talmhaíocht, agus tá sí bunriachtanach do bhiafhlaitheas, d'iomaíochas agus d'athléimneacht eacnamaíoch an Aontais. Is cuid lárnach de chórais bhia í, lena n-áirítear an slabhra iomlán ó tháirgeadh go tomhaltas, lena gcumhdaítear talmhaíocht, iascach, dobharshaothrú, táirgeadh bia agus beatha, próiseáil, dáileadh, miondíol, tomhaltas agus dramhaíl, agus an tionscal agraibhia á chuimsiú ag an am céanna. Tá dúshláin mhéadaitheacha roimh earnáil na talmhaíochta mar gheall ar an athrú aeráide, ganntanas uisce, tuilte agus cailliúint na bithéagsúlachta, ar feiniméin iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun iomaíochas earnáil na talmhaíochta agus rathúnas fadtéarmach an Aontais a chosaint. Tá sé ríthábhachtach an acmhainneacht agus na réitigh nithiúla a chur ar fáil do tháirgeoirí talmhaíochta agus bia chun aistriú chuig earnáil talmhaíochta atá inbhuanaithe, aeráidneodrach, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus cliste ó thaobh uisce de. Cuireann sé sin le cáilíocht agus slándáil fhadtéarmach an uisce le haghaidh táirgeadh bia agus beatha, le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus le cosaint na bithéagsúlachta. Ar an iomlán, is gá iomaíochas, nuálaíocht, inbhuanaitheacht, athléimneacht agus cothroime earnálacha na talmhaíochta, an iascaigh, an dobharshaothraithe agus na foraoiseachta a chothú, agus is gá déanamh amhlaidh i gcás na limistéar tuaithe agus cósta, ionas go n-áiritheofar slándáil fhadtéarmach bia an Aontais agus go gcosnófar sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí.

(33) Is inneall fáis é an bithgheilleagar a chuireann ar a cumas don Eoraip rath an aistrithe ghlais a bhaint amach, agus a hiomaíochas agus a huathriail straitéiseach a neartú. Cé go bhfuil tionchar bhithgheilleagar na hEorpa le sonrú cheana féin maidir le héiceachórais thionsclaíocha a athmhúnlú, an uathriail straitéiseach a threisiú agus luach a scaoileadh ar fud earnálacha straitéiseacha, tá sé ríthábhachtach infheistíochtaí, tionscnaimh agus straitéisí a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun é a aistriú óna nideog agus normalú a dhéanamh air ar fud earnálacha agus réigiúin an Aontais, chun an leas is mó is féidir a bhaint dá acmhainneacht, go háirithe i gcás príomhthionscail.

(34) Tá gá le hinfheistíochtaí, tionscnaimh agus straitéisí chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus chun dlús a chur le fionnachtain, forbairt, dí-rioscú, taisealbhadh, uas-scálú agus monarú nuálaíochtaí bithgheilleagair, chun tacú lena nglacadh sa mhargadh, chun maoiniú a sholáthar feadh an aistir nuálaíochta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus chun cuideachtaí ardfháis a uas-scálú, chun éifeachtúlacht acmhainní a uasmhéadú agus chun soláthar bithmhaise a fhoinsítear go hinbhuanaithe a dhaingniú. Rannchuidíonn an bithgheilleagar leis an dícharbónú trí roghanna malartacha inbhuanaithe ar tháirgí agus ar phróisis atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a sholáthar, agus rannchuidíonn sé freisin leis an gciorclaíocht, leis an aistriú glan, leis an bhfeirmeoireacht carbóin, leis an mbithéagsúlacht, le seirbhísí éiceachórais, agus le hathchóiriú an dúlra.

(35) Tá sé bunriachtanach athléimneacht thionscal na hEorpa agus a earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha a chothú chun go leanfaidh an tAontas de bheith iomaíoch fiú le linn géarchéimeanna agus tá sé bunriachtanach do shlándáil an Aontais. Chun an athléimneacht sin a áirithiú, le CEI, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh spleáchais a laghdú agus an soláthar a éagsúlú in earnálacha straitéiseacha amhail earnáil na n-amhábhar criticiúil, agus ar an gcaoi sin acmhainneachtaí an Aontais a threisiú ar mhaithe le soláthar slán amhábhar criticiúil inbhuanaithe feadh an tslabhra luacha ina iomláine i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] ('an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla'), atá mar bhonn taca faoi gach earnáil tionsclaíochta. Tá sé fíor-riachtanach clár oibre trádála atá uaillmhianach agus tairbheach go frithpháirteach a shaothrú chun go mbeidh an tAontas in ann a shlabhraí soláthair a éagsúlú agus spleáchais a laghdú go héifeachtach. Ba cheart don Lárionad Eorpach um Amhábhair Chriticiúla an coiste faoin Rialachán seo a chur ar an eolas, ag teacht le chéile dó mar Choiste Ginearálta CEI nó mar Choiste Athléimneachta, faoi chur chun feidhme na tacaíochta do shlabhraí luacha athléimneacha amhábhar criticiúil.

---

18 Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 )Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj

(36) Ina theannta sin, de dheasca an chomhthéacs gheopholaitiúil, go háirithe cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, nochtadh an tAontas agus na Ballstáit, go háirithe iad siúd a bhfuil teorainneacha acu leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin, d'ardriosca go dtiocfadh gnáthbhagairtí míleata chun cinn, mar a léiríodh sa teachtaireacht maidir le réigiúin teorann an oirthir, rud a chruthaíonn cásanna infheistíochta fo-optamaí agus a fhágann gur tosaíocht í infheistíocht mhéadaithe sa chosaint. Is príomhéiceachórais iad an tionscal cosanta agus an spás chun athléimneacht, ullmhacht agus uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú agus chun ullmhacht cosanta an Aontais a mhéadú. Tacaíonn an méid sin freisin le fócas an Aontais ar an inbhuanaitheacht, ar an iomaíochas, ar an athléimneacht agus ar an tslándáil agus ar sheasamh an Aontais ar fud an domhain. Is réamhriachtanas fíor-riachtanach don ullmhacht thionsclaíoch agus don fhorbairt cumais i réimse an cosanta é bonn láidir tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE). Tá sé sin bunriachtanach freisin chun saoránaigh an Aontais a chosaint, chun cumas an Aontais freagairt ar dhúshláin slándála atá ag teacht chun cinn a áirithiú, agus chun tacú leis an Úcráin agus seasamh an Aontais mar ghníomhaí domhanda a chaomhnú. Aithnítear BTTCE mar shócmhainn straitéiseach, lena rannchuidítear le hathléimneacht eacnamaíoch agus slándáil, nuálaíocht, ceannaireacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais. Ar fud an Aontais agus na mBallstát, tá earnáil na cosanta ag athrú go tapa, agus tá ról níos tábhachtaí ag teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus ag gníomhaithe nua. Tá dlús á chur le timthriallta nuálaíochta freisin, agus béim níos mó á cur ar fhréamhshamhaltú tapa, ar thástáil agus ar bhailíochtú, lena n-áirítear i bhfíorthimpeallachtaí oibríochtúla. Chun feabhas a chur ar an iompar míleata, ní mór infheistíochtaí a fhorbairt in iompar dé-úsáide agus i gcumais lóistíochta agus i gcosaint agus athléimneacht bonneagair dé-úsáide agus i stóráil breosla agus i gcórais a ghabhann léi, agus aon mheasúnú ar a n-ábharthacht arna dhéanamh ag na Ballstáit nó i gcomhthéacs CBES á chur san áireamh.

Ba cheart forbairt agus nuachóiriú bonneagar nua píblínte breosla agus síneadh na mbonneagar atá ann cheana a eisiamh ó fhorbairt na stórála breosla agus na gcóras a ghabhann léi. Dá bhrí sin, tá tacaíocht chomhordaithe agus leanúnach do EDTIB, lena n-áirítear trí thionscadail leasa choitinn cosanta uile-Aontais a fhorbairt, ríthábhachtach chun ullmhacht thionsclaíoch i réimse na cosanta agus slándáil chomhchoiteann an Aontais agus na mBallstát a threisiú. [I ndáil leis sin, ba cheart gníomhaíochtaí lena dtacaítear le treisiú bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine a mhaoiniú freisin, ós rud é go mbeidh a tionscal fíor-riachtanach chun tacú le riachtanais mhéadaithe chosanta na hEorpa.] Ba cheart an tacaíocht don bheartas tionsclaíoch cosanta faoi CEI a chur chun feidhme agus cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint á gcur san áireamh agus ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na tosaíochtaí cumais cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbartha Cumais, agus leis na deiseanna comhoibríocha a sainaithníodh san Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint. Thairis sin, le CEI, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chomhar na mBallstát faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO) agus thionscnaimh agus thionscadail na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) agus, i gcás inarb ábhartha, ba cheart féachaint le CEI a ailíniú leis an gcomhar sin. Le CEI, ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar ghníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), lena n-áirítear Próiseas Pleanála Cosanta ECAT. Ba cheart cineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe a urramú go hiomlán le CEI freisin.

(36a) (…)

(36b) Ba cheart do na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus an Úcráin, nó SCAE, a bheith in ann comhthiomsuithe ullmhachta tionsclaíche i réimse na cosanta a bhunú, a bhainistiú agus a choinneáil ar bun, ina mbeadh táirgí cosanta a d’fhéadfadh na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus an Úcráin a cheannach nó a úsáid go héasca, chun iomaíochas BTTCE agus atógáil, téarnamh agus nuachóiriú BTTC na hÚcráine a neartú. Is é a dhéanfadh na comhthiomsuithe sin, ina mbeadh stoic de tháirgí cosanta arna soláthar ó BTTCE nó ó BTTC na hÚcráine, éileamh a mhealladh agus intuarthacht a mhéadú don earnáil cosanta. Thabharfaidís comharthaí dearfacha don Aontas agus do thionscal na hÚcráine, agus dhreasófaí iad chun táirgí cosanta a tháirgeadh agus chun infheistíocht a dhéanamh lena neartófaí acmhainneachtaí tionsclaíocha san earnáil sin.

(37) Tá teicneolaíocht, sonraí agus seirbhísí spáis an Aontais éirithe chomh tábhachtach sin i saol laethúil mhuintir na hEorpa nárbh fhéidir déanamh dá n-uireasa agus tá ról sárthábhachtach acu i gcaomhnú leasanna straitéiseacha. Cuireann an spás le gach earnáil den gheilleagar, bíodh sin sa talmhaíocht, sa bhaincéireacht, sa teileachumarsáid, san ullmhacht nó i mbainistiú tubaistí. Is cumasóir criticiúil é don tslándáil agus don chosaint, do dhea-fheidhmiú na sochaí agus d’iomaíochas an gheilleagair, mar shampla trí sheirbhísí suímh cruinne a sholáthar do raon leathan earnálacha agus úsáideoirí, lena n-áirítear gach cineál iompair, agus ar an gcaoi sin tá ról lárnach aige maidir le neamhspleáchas agus ceannasacht na hEorpa. Tá an spás ríthábhachtach chun tosaíochtaí an Aontais agus a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, lena n-áirítear maidir le rathúnas eacnamaíoch, fás inbhuanaithe agus slándáil eacnamaíoch, dícharbónú, cosaint an chomhshaoil, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, chomh maith le huathriail straitéiseach an Aontais. Cuireann an spás le slándáil eacnamaíoch an Aontais agus na mBallstát. Spreagann sé taighde eolaíoch agus nuálaíocht theicneolaíoch freisin, agus bíonn éifeachtaí seach-iarmharta ag an méid sin i raon leathan earnálacha. Ar deireadh, cuireann an spás ardán ar fáil don chomhar idirnáisiúnta agus don taidhleoireacht spáis, rud a threisíonn seasamh an Aontais mar chomhpháirtí iontaofa ar an leibhéal domhanda.

(38) Leis na comhpháirteanna spáis faoi CEI, ba cheart seirbhísí oibríochtúla láidre lániontaofa a sholáthar agus a áirithiú go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil thar réimsí seirbhíse sainithe. Ba cheart leanúnachas, sláine agus athléimneacht seirbhísí oibríochtúla agus ardleibhéal slándála a áirithiú, fiú sna géarchéimeanna is tromchúisí, lena n-áirítear trí nósanna imeachta dámhachtana. D’fhéadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ag suaitheadh na seirbhísí sin ar shlándáil an Aontais agus na mBallstát. Chun na hiarmhairtí sin a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha sonracha go háirithe maidir le coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta agus fíorphráinn maidir le seirbhísí d’úsáideoirí údaraithe rialtais agus do Sheirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo. Ina theannta sin, d’fhonn slándáil an Aontais agus na mBallstát a chosaint, níor cheart rannpháirtíocht san fho-chomhpháirt maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (SST) a bheith oscailte ach amháin don Iorua, i bhfianaise a logánaithe straitéisigh agus toisc go bhféadfadh a rannpháirtíocht dul chun tairbhe bhonneagair SST.

(38a) Maidir le deontais a dhámhtar in earnáil an spáis, is léir ón taithí a fuarthas gur fearr oibríonn glacadh úsáideoirí agus an mhargaidh nuair a dhéantar é ar bhealach díláraithe. Chuir an uasteorainn ar thacaíocht airgeadais bac ar na bearta atá ann cheana a bhfuil an ráta ratha is airde acu i measc iontrálaithe nua agus FBManna, amhail dearbháin, agus ba cheart, dá bhrí sin, an uasteorainn sin a ardú d'earnáil an spáis. Thairis sin, bíonn costais indíreacha shonracha ar pháirtithe leasmhara in earnáil an spáis, amhail costais a bhaineann le slándáil nó le húsáid saoráidí tástála sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart ráta comhréidh na gcostas indíreach is infheidhme a bheith suas le huasmhéid 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána. Ina theannta sin, nuair a chuirtear de chúram ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, arna bunú i gcomhréir le Rialachán (AE) xx/xx* [*EUSPA*] ('an Ghníomhaireacht'), gné spáis a shaothrú, ba cheart di a bheith in ann cúraimí a chur de chúram breise ar eintitis eile, agus dúbailt neamhriachtanach oibre á seachaint, chun cur chun feidhme éifeachtúil a áirithiú.

* IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

(38b) An [*cuir isteach an dáta*], d'fhormhuinigh Coiste Polaitiúil agus Slándála na Comhairle *High Level Civil Military User Needs for Earth Observation Governmental Services (EOGS)* [Riachtanais Ardleibhéil Úsáideoirí Míleata Sibhialta maidir le Seirbhísí Rialtais um Fhaire na Cruinne (SFRCanna)], a d'ullmhaigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus lena ndearnadh riachtanais an úsáideora mhíleata, arna sainaithint ag GEC ina Chomhsprioc Foirne a glacadh i mí Aibreáin 2026, agus riachtanais na n-úsáideoirí sibhialta, arna mbailiú ag an gCoimisiún, a chumasc. Agus na Riachtanais Ardleibhéil sin le haghaidh Úsáideoirí Míleata Sibhialta á gcur san áireamh, is gá sonraíochtaí teicniúla a bhunú chun bonneagar Sheirbhís SRFC a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí ghníomhartha cur chun feidhme. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar leasanna slándála náisiúnta na mBallstát agus ar leasanna CBES an Aontais, is gá, le cinntí maidir le forbairt agus oibríochtaí misean agus bonneagair nua um fhaire na Cruinne i gcomhthéacs SRFC, cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú, ar cumhachtaí iad ba cheart a thabhairt don Chomhairle. Ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir le togra ón gCoimisiún, a bheidh bunaithe ar anailís ar bhearnaí. I bhfianaise ról lárnach SatCen maidir le tacú le cinnteoireacht uathrialach an Aontais agus na mBallstát, ba cheart na cúraimí a bhaineann le hoibríochtaí Seirbhísí SRFC agus Sonraí SRFC a chur ar iontaoibh SatCen. I gcomhréir le hAirteagal 40 CAE agus le hAirteagal 4(2) CAE, leis an sainmhíniú ar bheartais rochtana, ar shrianta agus ar thosaíocht a thabhairt do sholáthar Seirbhísí SRFC d'úsáideoirí údaraithe, ba cheart leasanna CBES an Aontais agus leasanna slándála náisiúnta na mBallstát a urramú. Ba cheart rochtain ag tríú tíortha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar Sheirbhísí SRFC agus ar shonraí SRFC a bheith faoi réir comhaontuithe idirnáisiúnta.

(39) Cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát í an tslándáil náisiúnta i gcónaí, teastaíonn comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais chun í a chosaint. Le CEI, ba cheart tacú leis na spriocanna beartais maidir le hEoraip níos sábháilte agus níos sláine a bheith ann agus a bheidh níos ullmhaithe i leith bagairtí slándála, go háirithe trí fheabhas a chur ar iomaíochas thionscail na hEorpa agus ar a huathriail straitéiseach, lena n-áirítear slándáil mhuirí agus chustaim, bonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus ullmhacht shibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála atá ag dul i méid amhail an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht thromchúiseach eagraithe, an choireacht chibearchumasaithe agus ionsaithe ar bhonneagar criticiúil, chomh maith le tubaistí aeráide agus bagairtí hibrideacha, ba cheart CEI a bheith ina thaca le hiarrachtaí na hEorpa a feasacht ar bhagairtí a mhéadú, a hathléimneacht a fhorbairt, lena n-áirítear athléimneacht na n-eintiteas criticiúil de réir bhrí Threoir (AE) 2022/2557[19] agus athléimneacht eintiteas eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith ríthábhachtach i gcás bagairtí slándála, borradh a chur faoina hinfheistíochtaí slándála agus a hullmhacht trí dhearadh a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha ábhartha.

(40) De réir a chéile, tá na teicneolaíochtaí céanna á n-úsáid le haghaidh feidhmeanna sibhialtacha agus cosanta, rud a bhíonn á spreagadh go minic ag gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, bearta a lorg chun leas níos fearr a bhaint as na sineirgí sibhialtacha-cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann agus as teicneolaíochtaí dé-úsáide, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú freisin le hathléimneacht na slándála réigiúnaí. Féadfar tacú le teicneolaíochtaí, ábhair, eolas nó táirgí dé-úsáide is féidir a úsáid chun críoch sibhialta agus míleata araon ar fud CEI, chun a áirithiú go mbeidh nasc níos fearr idir tionscal teicneolaíochta an Aontais agus bonn tionsclaíoch cosanta an Aontais agus le caipiteal nuálaíochta teicneolaíochta an Aontais.

---

[19] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

(41) [Chun intuarthacht a áirithiú do pháirtithe leasmhara agus chun leibhéal leordhóthanach cinnteachta a sholáthar maidir le pleanáil infheistíochta, ba cheart dáileadh buiséid táscaigh a leagan amach le CEI ar fud na n-ionuithe beartais don tréimhse 2028 go 2034 agus solúbthacht á coinneáil an tráth céanna chun codanna den bhuiséad a athdháileadh i gcomhréir le dúshláin nua agus tosaíochtaí a thiocfaidh chun cinn le linn fhad an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil.] Chuige sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh imchlúdach buiséid íosta áirithe ar fáil le haghaidh pleanáil fhadtéarmach agus gealltanais arna miondealú thar roinnt blianta ina dtráthchodanna bliantúla i ngach ionú bheartais, rud a chuirfidh é ar a chumas don Aontas a éileamh a chomhdhlúthú agus dul i mbun caidreamh straitéiseach fadtéarmach le faighteoirí, intuarthacht fhadtéarmach a thabhairt don éiceachóras tionsclaíochta agus airgeadais, agus bonneagair thábhachtacha a bhunú, amhail bonneagar le haghaidh bainistiú hidrigine agus carbóin thionsclaíoch, córais satailíte den chéad scoth, bonneagair bhreathnóireachta faoi uisce, bonneagar cibearshlándála, leathsheoltóirí, candamacha, IS agus ríomhaireachta ardfheidhmíochta nó bonneagar criticiúil, agus tionscadail leasa choitinn i réimse na cosanta nó an spáis.

(42) [Chun na cuspóirí tábhachtacha a bhaint amach agus chun CEI a bhainistiú, ba cheart leibhéal leordhóthanach acmhainní a sholáthar chun CEI a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, leis an imchlúdach buiséid, ba cheart ranníocaíocht leordhóthanach a sholáthar le haghaidh an chostais a bhaineann le bainistiú CEI.]

(43) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] (an 'Rialachán Airgeadais') maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos ann na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[22], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[23] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[24], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur.

---

20 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

21 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

22 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

23 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus ar neamhrialtachtaí eile (IO L 292.15, 15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

24 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) le himscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas, ní mór dó nó di dul i gcomhar go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, OIPE, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha a dheonú.

(44) Chun iomaíochas an Aontais a chur chun cinn, ba cheart CEI, sa bhreis ar a bhuiséad, ioncaim sheachtracha shannta bhreise a mhealladh agus a ghiniúint, nuair is féidir. I ndáil leis sin, ba cheart CEI a bheith oscailte agus sineirgí agus comhar a éascú le haghaidh aon rannchuidiú airgeadais nó neamhairgeadais ar féidir leo tacú leis na cuspóirí iomaíochais, lena n-áirítear ó na Ballstáit, ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

---

[25] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

(45) Chun athléimneacht gheilleagar an Aontais a chur chun cinn, go háirithe trí spleáchais straitéiseacha a laghdú, ba cheart CEI é a chur ar a chumas don Aontas tosaíocht a thabhairt do thacaíocht d'fhorbairt agus do mhonaraíocht teicneolaíochtaí straitéiseacha agus earnálacha atá lonnaithe san Aontas, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais, i gcomhréir le dlí an Aontais agus lena ghealltanais idirnáisiúnta. Tá sé fíor-riachtanach go rannchuideoidh cistiú an Aontais le glacadh teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbraítear san Aontas agus a chistítear trí chistiú an Aontais. Chun tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas arna gcistiú ag an Aontas, ba cheart é a bheith indéanta go leagfadh CEI coinníoll síos maidir lena thacaíocht trí bhíthin srianta rialaithe, srianta ar aistrithe sócmhainní agus srianta soláthair ar úsáid táirgí agus teicneolaíochtaí sonracha.

(46) Ba cheart gníomhaíochtaí CEI a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha, i gcás ina bhfuil sé sin chun leas an Aontais. Sa mhéid sin, ba cheart don Aontas a bheith in ann comhlachas iomlán nó páirteach tríú tíortha leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú faoi CEI a cheadú i gcás ina bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha i bhfeidhm leis an tír sin agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos iontu. Ba cheart catagóir na micreastát Eorpach (Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó, Poblacht San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine) a áireamh ar na tríú tíortha freisin. Ba cheart an rannpháirtíocht a bheith faoi réir cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair na dtríú tíortha agus ba cheart cosaint leas airgeadais agus slándála an Aontais a áirithiú léi. Ba cheart sainchumais ábhartha Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin faoi Airteagal 218 CFAE a urramú agus rannpháirtíocht tríú tíortha á cinneadh.

(47) Ba cheart CEI a bheith oscailte agus sineirgí a éascú le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthbhaint acu le hiomaíochas, lena n-áirítear an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, beartais agus cláir sheachtracha i mbainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Leis sin, ba cheart a bheith in ann cistiú a chomhcheangal agus a charnadh le haghaidh gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cuspóirí i níos mó ná réimse beartais amháin de chuid an Aontais. Gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha sonracha maidir leis an tacaíocht don bheartas maidir leis an tionscal cosanta, ba cheart a bheith in ann sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm agus gealltanas dlíthiúil aonair a shíniú le haghaidh mhéid iomlán an chistithe arna dhámhachtain ar thionscadal nó ar ghníomhaíocht trí chláir ar leithligh. I gcás ar bith, ba cheart a shonrú sna cláir oibre cé na rialacha is infheidhme. Ba cheart comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit a bhunú chun comhsheasmhacht agus comhlántachtaí a áirithiú idir CEI agus Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí]. Thairis sin, ba cheart tacaíocht a sholáthraítear faoi Rialachán (AE) [XXX] [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] agus faoi CEI do thionscadail ar bronnadh an Séala Iomaíochais orthu a éascú, agus leas á bhaint as an measúnú a rinneadh sular sannadh an Séala Iomaíochais agus gan dochar do na rialacha maidir le Státchabhair. Ba cheart na critéir chun an Séala Iomaíochais a dhámhachtain a dhearadh ar bhealach lena bhféadfaí an Séala Iomaíochais a úsáid mar ráthaíocht cháilíochta lena dtugtar dearbhuithe d’infheisteoirí institiúideacha go ndearnadh grinnfhiosrúchán iomchuí ar an tionscadal. Ba cheart an Séala Iomaíochais a dhámhachtain ar thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí CEI, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus faoi Rialachán (AE) 2025/102 (‘an Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla’) agus faoi thionscadail straitéiseacha eile a shainaithnítear i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais, agus ba cheart liosta na dtionscadal ar bronnadh an Séala Iomaíochais orthu a chur ar fáil faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le foilsiú agus rúndacht. Ba cheart é a bheith indéanta CEI a chur chun feidhme i gcomhpháirt le cláir eile de chuid an Aontais nó le comhdheontóirí nó comhinfheisteoirí eile, agus ba cheart na comhdheontóirí agus na comhinfheisteoirí sin a bheith in ann a bheith rannpháirteach i gcoistí meastóireachta le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana arna gcistiú go comhpháirteach. Ba cheart cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sineirge sin uile a bheith simplí. Ba cheart na ceanglais tuairiscithe agus na ceanglais maidir le taifid a choimeád d’fhaighteoirí a laghdú, i gcás inar féidir, chuig sruth tuairiscithe agus íocaíochta conarthach aonair le tacar aonair rialacha maidir leis an tacaíocht uile a sholáthraítear.

(48) Ba cheart tacaíocht an Aontais a dhíriú ar chuspóirí beartais agus ar bhreisluach Eorpach a bhaint amach. I ngach cás, ba cheart cistiú CEI a sholáthar san fhoirm is fearr atá in ann a chuspóirí a bhaint amach, agus an tráth céanna an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí a theorannú don mhéid is lú is féidir. Agus an buiséad á chur chun feidhme, ba cheart CEI bosca uirlisí iomlán de thacaíocht an Aontais a sholáthar agus sineirgí a áirithiú idir a bheartais a fhaigheann tacaíocht, go háirithe trí nósanna imeachta comhchoiteanna dámhachtana simplithe a cheadú chun na cuspóirí atá ag níos mó ná beartas amháin a shaothrú. Mar mhórbheart simplithe ba cheart féachaint le deireadh a chur le tuairisciú airgeadais trom tríd an úsáid is leithne is féidir a bhaint as maoiniú nach bhfuil nasctha le costais.

(49) [Ba cheart CEI a bheith ina thaca le tacar éagsúil beartas a rannchuidíonn leis an iomaíochas, agus an tráth céanna ba cheart tacar bonnlíne comhchuibhithe de chritéir incháilitheachta a sholáthar chun stiúradh beartais a sholáthar agus leibhéal leordhóthanach cosanta do leasanna eacnamaíocha agus slándála a áirithiú trí thacaíocht ón Aontas a dhíriú ar fhaighteoirí sna Ballstáit, lena n-áirítear Tíortha agus Críocha Thar Lear. I gcás inar gá, ba cheart coinníollacha incháilitheachta sonracha a bhunú le CEI le haghaidh earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha, lena n-áirítear slabhraí luacha foluiteacha, bonneagair chriticiúla de chuid an Aontais agus cumais shonracha.]

(50) Ba cheart CEI a chur chun feidhme trí chláir oibre mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart é a bheith indéanta na cláir oibre a ghlacadh i bhformáid bhliantúil nó, más féidir, i bhformáid ilbhliantúil, ag brath ar chineál agus ar chuspóir na ngníomhaíochtaí. Go háirithe, ba cheart an fhormáid ilbhliantúil a mheas chun críocha na tacaíochta ón Aontas a sholáthraítear le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus ionstraimí airgeadais, d’fhonn intuarthacht a sholáthar do chomhpháirtithe cur chun feidhme. Maidir le ranníocaíochtaí na n-ionuithe beartais le hIonstraim InvestEU CEI, féadfar dul i gcomhairle roimh ré leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme ábhartha nó leis na comhpháirtithe cur chun feidhme ábhartha chun a n-infheidhmeacht agus a n-indéantacht a áirithiú. Léiríonn modh ainmnithe cur chun feidhme CEI na riachtanais shainaitheanta maidir le treoíocht, solúbthacht, intuarthacht agus éifeachtúlacht, a bhfuil gá leo chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. I gcomhréir le Rialachán (AE Euratom) 2024/2059, leagfar amach sna cláir oibre agus i ndoiciméid an ghlao níos mó mionsonraí teicniúla cur chun feidhme le haghaidh an bhuiséid ar fud thacar na mbeartas a fhaigheann tacaíocht ó CEI, lena n-áirítear critéir shonracha incháilitheachta agus dhámhachtana ag brath ar ionstraim chur chun feidhme an bhuiséid, cibé acu an deontas nó soláthar atá i gceist, agus na cuspóirí beartais sonracha atá á saothrú. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, ba cheart feidhm a bheith ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca, ar chúiseanna slándála. I gcás ina leagtar síos critéir dhámhachtana leis na cláir oibre, ba cheart, i gcás inarb infheidhme, cáilíocht agus tionchar na dtograí a chur san áireamh leo i bhfianaise chuspóirí CEI chomh maith le cumas na dtograí tacú le gníomhaíochtaí sonracha na n-ionuithe beartais. Ba cheart an measúnú ar thograí a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. Is iad na cláir oibre an áit iomchuí freisin chun buiséad a leithdháileadh i gcomhréir le tosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn, agus ba cheart ranníocaíochtaí, coinníollacha sonracha agus na torthaí a bhfuil coinne leo a leagan amach iontu. Ba cheart aghaidh a thabhairt sna cláir oibre ar na réimsí tosaíochta a rannchuidíonn ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun cuspóirí an chláir seo a bhaint amach.

(50a) Is dlúthchuid de gheilleagar na hEorpa iad FBManna agus is foinse thábhachtach fostaíochta agus acmhainneachta fáis iad, ach tá dúshláin agus bacainní rompu freisin a bhféadfadh aird ar leith a bheith ag teastáil ina leith. Chun a áirithiú go gcuirfear riachtanais FBManna san áireamh i gceart, ba cheart tuairisc a thabhairt sna cláir oibre i gcuid thiomnaithe shonrach ar an gcaoi a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le FBManna.

(51) Chun go mbeidh ionstraimí airgeadais agus an ráthaíocht bhuiséadach in ann airgead príobháideach a phlódú isteach go héifeachtach, ní mór dlúthbhaint a bheith ag comhpháirtithe cur chun feidhme. Cinntíonn sé sin stiúradh agus ailíniú beartais, chomh maith le giniúint píblíne tionscadal. Leis an taithí agus na ceachtanna a foghlaimíodh le cur chun feidhme Chlár InvestEU, léirítear an tábhacht a bhaineann le treoirlínte infheistíochta chun an ceannach isteach sin a chruthú agus chun an intuarthacht agus an infheictheacht is gá a sholáthar do na comhpháirtithe cur chun feidhme agus d'infheisteoirí, chun go gcuirfidh siad a n-acmhainneachtaí eagraíochtúla ar bun agus go dtionscnóidh siad píblíne na n-infheistíochtaí, agus an tsolúbthacht is gá á ceadú an tráth céanna chun stiúradh leordhóthanach beartais a áirithiú le linn an chur chun feidhme. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte infheistíochta tuairisc mhionsonraithe ar réimsí beartais na hidirghabhála agus an fhócais infheistíochta d'fhonn breisíocht a áirithiú agus plódú isteach a dhreasú, go háirithe caipiteal príobháideach agus infheisteoirí institiúideacha chomh maith le cistiú poiblí, ar bhealach comhréireach, chun tacú le cuspóirí beartais agus tionscadail straitéiseacha an Aontais. Ba cheart na treoirlínte infheistíochta a ullmhú i gcomhairle le comhpháirtithe cur chun feidhme chun leas a bhaint as a n-eolas ar an margadh. Leis na treoirlínte sin, ba cheart é a chur ar a gcumas do chomhpháirtithe cur chun feidhme infheistíocht a dhéanamh i réimsí tosaíochta an Aontais agus iad a dhreasú chun níos mó rioscaí a ghlacadh, le tacaíocht ón ráta soláthair níos airde d'Ionstraim InvestEU CEI. [Chun freastal ar riachtanais agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte infheistíochta i gcomhthéacs athbhreithniú lár téarma CAI.]

(52) Maidir le maoiniú chun gur féidir le gnólachtaí domhainteicneolaíochta méadú, a thugtar faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, a bhí ann tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart é a dhéanamh faoi na téarmaí a comhaontaíodh in CAI 2021-2027. Ba cheart an maoiniú uile um méadú faoi CAI 2028-2034 a thabhairt faoi CEI.

(52a) Ba cheart comhlántachtaí agus sineirgí a áirithiú idir Ciste CNE agus CEI ag gach céim den chur chun feidhme. Ba cheart do chomhpháirtithe cur chun feidhme atá freagrach as infheistíochtaí a roghnú go díreach nó trí idirghabhálaithe airgeadais Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme go háirithe trí ráthaíochtaí buiséadacha comhroinnte riosca agus ionstraimí airgeadais. Ba cheart é a bheith indéanta go dtacódh Ionstraim InvestEU CEI le haon fhaighteoir deiridh agus infheistíocht deiridh atá inmharthana go heacnamaíoch, ag aon chéim dá bhforbairt, ó ghnólachtaí nuathionscanta (maoiniú síl agus fás luath) go gnólachtaí atá ag méadú, agus leis na teicneolaíochtaí uile, lena n-áirítear fionnachtana, san áireamh. Ba cheart é a bheith indéanta an tacaíocht ón Aontas a aistrítear chuig faighteoirí deiridh a bheith i raon leathan foirmeacha, e.g. iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíochtaí cuasachothromais agus cothromais. Le Ciste CNE, ba cheart tacaíocht i bhfoirm infheistíochtaí cothromais dhírigh a chur ar fáil do chuideachtaí. Ba cheart measúnú a bheith ag dul le cinntí infheistíochta a dhéantar faoi chuimsiú Chiste CNE chun a áirithiú go n-infheisteoidh Ciste CNE i bhfaighteoirí deiridh (gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta de ghnáth) nach bhfuil in ann a riachtanais mhaoiniúcháin uile a chomhlíonadh trí fhoinsí margaidh nó CEI, mar gheall ar an leibhéal riosca a bhaineann le teicneolaíochtaí núíosacha nó le margaí nua. Ba cheart Seirbhísí Luasghéaraithe Gnó CNE a bheith in ann tacaíocht neamhairgeadais a sholáthar do thairbhithe CNE agus d'fhaighteoirí deiridh, agus díriú ar a riachtanais shonracha a bhaineann leis an teicneolaíocht dhomhain agus leis an nuálaíocht shuaiteach, agus ba cheart Seirbhísí Comhairleacha Tionscadail CEI a bheith in ann seirbhísí comhairleacha níos leithne a sholáthar chun tacú le raon níos leithne tairbhithe. Ba cheart sineirgí a chruthú ionas go bhféadfaí faighteoirí deiridh Luasaire CNE agus Chiste CNE a mhaoiniú le linn a gcéime méadaithe le hIonstraim InvestEU CEI, go háirithe an tSaoráid um Uas-scálú, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha ábhartha. Ba cheart na comhlántachtaí sin a áirithiú, mar shampla, trí chomhar an Bhoird Chomhairligh faoi Ionstraim InvestEU CEI agus Bhord CNE.

(53) [Chun an cuspóir a bhaint amach maidir le torthaí taighde a aistriú go margaí agus láithreacht thionsclaíoch an Aontais i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus in earnálacha straitéiseacha a neartú, beidh Rialachán (AE) [XXX] [an Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht] nasctha go dlúth le CEI agus tacóidh sé le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta mar a leagtar síos le hionuithe beartais CEI. Áireofar i gcláir oibre CEI gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta, i gcuid thiomnaithe shonrach. Féadfar a áireamh leis sin freisin ranníocaíochtaí le Comhpháirtíochtaí Eorpacha arna mbunú faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, i gcás inar gá chun cuspóirí CEI a bhaint amach. Ba cheart tosaíochtaí beartais a leagan amach freisin i gcláir oibre CEI lena stiúrfar dúshláin CNE.]

(54) Ba cheart na huirlisí um chomhordú an bheartais thionsclaíoch (i.e. glaonna ó thógálaithe slabhraí luacha an mhargaidh aonair, ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais, gníomhaíochtaí chun borradh a chur faoin táirgeadh agus breisithe le haghaidh tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (TTLECanna), agus Gníomhaíochtaí Luathaithe agus Spriocdhírithe le haghaidh Iomaíochais) a chur chun feidhme trí na cláir oibre. Tá sé ríthábhachtach bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú chun athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú, leanúnachas an tsoláthair a áirithiú le linn géarchéimeanna agus iomaíochas fadtéarmach a chosaint, go háirithe in earnálacha straitéiseacha. Chun go gcothófaí slabhraí luacha athléimneacha de chuid an Aontais lena gcuimsítear roinnt Ballstát, ba cheart é a bheith indéanta a áireamh sna cláir oibre glaonna speisialta ar uas-scálú slabhraí luacha a thacaíonn le hullmhú tionscadal, agus go háirithe caipiteal príobháideach agus infheisteoirí institiúideacha chomh maith le cistiú poiblí a phlódú isteach ar bhealach comhréireach chun soláthróirí, monaróirí agus nuálaithe ó Bhallstáit éagsúla a chomhtháthú agus foinsí soláthair a éagsúlú. D’fhéadfadh glaonna ar an slabhra luacha rannchuidiú le hoibriú an mhargaidh aonair a neartú, lena n-áirítear trí shlabhraí luacha trasteorann a fhorbairt, lena n-áirítear FBManna, agus saobhadh á sheachaint ag an am céanna.

(55) Chun iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa a chothú trí nuálaíocht ón mbun aníos faoi stiúir na dtionscal, ba cheart é a bheith indéanta nósanna imeachta dámhachtana speisialta dhá chéim ón mbun aníos a áireamh sna cláir oibre chun ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais a shainaithint agus chun tacú leo trí chuibhreannais tionscalthiomáinte. Ba cheart FBManna a áireamh sna cuibhreannais sin chun leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht agus chun breisluach an Aontais a fheabhsú, agus d’fhéadfaí comhpháirtithe taighde agus nuálaíochta a áireamh iontu.

(56) Ba cheart bosca uirlisí cistiúcháin cothrománach trasearnálach a shocrú chun freastal ar gach ionú beartais, lena gcuirfear ar fáil gach cineál tacaíochta a cheadaítear faoin Rialachán Airgeadais, amhail ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthraítear i bhfoirm cothromais. Ba cheart rogha na hionstraime cistiúcháin sonraí agus go háirithe cé acu atá nó nach bhfuil tacaíocht le haisíoc, a bheith ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí atá le cistiú (mar shampla clistí margaidh foluiteacha, an riachtanas sonrach, cineál an tionscail, céim forbartha nó cineál an tairbhí). Le tacaíocht ón Aontas, ba cheart tionscadail a dhí-rioscú a mhéid is gá chun go n-infheisteoidh an earnáil phríobháideach agus chun go gcuirfear na tionscadail i gcrích go rathúil. [Ba cheart na rátaí cómhaoinithe a bheith chomh híseal agus is féidir agus chomh hard agus is gá chun an tionscadal dá dtugtar tacaíocht a réadú.] Ba cheart é a bheith indéanta meascán d'uirlisí cistiúcháin a úsáid, lena n-áirítear oibríochtaí measctha agus meascán de chistiú. Ba cheart CEI a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear go n-úsáidfear an uirlis chistiúcháin is iomchuí le haghaidh na ngníomhaíochtaí sonracha i ngach clár oibre, ag brath, *inter alia*, ar chéim na forbartha, ar riachtanais shonracha an tionscail agus ar chlistí bunúsacha margaidh.

(56a) Ba cheart do Choiste Ginearálta CEI comhairle a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le FBManna agus le gnólachtaí nuathionscanta ionas gur féidir riachtanais FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta ó gach cearn den Aontas a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar FBManna á gceapadh. Ba cheart do Choiste Ginearálta CEI fónamh freisin mar fhóram chun comhar agus comhroinnt faisnéise a éascú i measc na mBallstát maidir le saincheisteanna a bhaineann le CEI. Ba cheart don Choimisiún an chomhairle a chuireann Coiste Ginearálta CEI ar fáil a chur san áireamh agus CEI á chur chun feidhme.

(56b) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ionchur straitéiseach a sholáthar ag céim luath i gcur chun feidhme CEI maidir leis an treoir straitéiseach fhoriomlán do CEI, agus treochtaí iomaíochais fadtéarmacha agus réimsí clistí margaidh á gcur san áireamh. Chuige sin, ba cheart do Choiste Ginearálta CEI a bheith in ann teacht le chéile ar leibhéal iomchuí, roimh thús thréimhse CAI agus tar éis t+ 3 bliana, chun moltaí a chur ar fáil maidir leis an treoir straitéiseach fhoriomlán agus na tosaíochtaí foriomlána do CEI. Chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ábharthacht choiteann ag baint leo a bhaineann le taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch, ba cheart seisiún comhpháirteach leis an gCoiste faoi Airteagal 17b de [Cinneadh ón gComhairle — Fís Eorpach 2025/0544] faoina ról comhairleach a áireamh sna cruinnithe sin. Ba cheart treoir pholaitiúil níos leithne an Aontais don tréimhse a chumhdaítear le CAI a chur san áireamh sna cruinnithe sin. Chun an plé a éascú, ba cheart don Choimisiún doiciméad straitéiseach ilbhliantúil a chur ar fáil lena gcumhdófar na hábhair is ábhartha do CEI, agus ionchur ábhartha á chur san áireamh, lena n-áirítear tuairimí na mBallstát, anailísí ábhartha, staidéir fadbhreathnaitheachta agus ionchur fianaisebhunaithe ó eagraíochtaí eacnamaíocha, tionsclaíocha agus T&N, i gcás inarb iomchuí. Tá an méid sin gan dochar don nós imeachta buiséadach bliantúil, don nós imeachta coiste chun cláir oibre a ghlacadh, agus do chineál comhairleach Choiste Ginearálta CEI. Ba cheart na moltaí a chuireann na Ballstáit in iúl ag na cruinnithe sin a chur san áireamh, gan ceangal a chur ar an gCoimisiún, agus an Rialacháin seo á chur chun feidhme.

(57) Ba cheart aiseolas ó phobail páirtithe leasmhara a struchtúrú trí bhoird chomhairleacha agus ba cheart é a léiriú i ndearadh na gclár oibre. Chun na críche sin, ba cheart do Bhord Páirtithe Leasmhara CEI léargais a sholáthar agus comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le treochtaí beartais, riachtanais infheistíochta agus cur chun feidhme CEI ó thaobh páirtithe leasmhara de, lena n-áirítear tionscnóirí tionscadail, agus páirtithe leasmhara i réimse an taighde agus sa tionsclaíocht. Ba cheart comhairliúcháin ilpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhairliúcháin saineolaithe earnála, taighdeoirí agus tionscail, na comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le hinfheisteoirí, úsáideoirí deiridh agus an tsochaí shibhialta, ó FBManna, eagraíochtaí beaga go heagraíochtaí móra, a bheith ina rannchuidiú le tosaíochtaí na gclár oibre. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún líonraí comhoibríocha poiblí a chruthú i bhfoirm ardán téamach amháin ar a laghad in aghaidh an ionú. Leis na hardáin sin, ba cheart é a chur ar chumas na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile a n-ionchur a sholáthar ar bhonn deonach maidir leis na saincheisteanna earnála ar gá, dar leo, aghaidh a thabhairt orthu leis na cláir oibre. Ba cheart na comhairliúcháin, mar aon leis an gcomhairle ó Bhord Páirtithe Leasmhara CEI, a bheith mar bhonn eolais d’obair an Choimisiúin ar na cláir oibre.

(58) Is ionstraim státchabhrach agus uirlis beartais thionsclaíoch iad Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (TTLECanna) a ndéanann an Coimisiún measúnú orthu de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE[26]. Cuireann siad go mór le fás eacnamaíoch, cruthú post, an t-aistriú glas agus digiteach agus iomaíochas agus athléimneacht thionsclaíocht agus gheilleagar an Aontais. Le TTLECanna, is féidir eolas, saineolas, acmhainní airgeadais agus gníomhaithe eacnamaíocha a thabhairt le chéile ar fud an Aontais agus éifeachtaí seach-iarmharta dearfacha a chruthú don Aontas ar fad. Le TTLECanna, is féidir infheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail ardriosca a phlódú isteach freisin, ar tionscadail iad atá fíor-riachtanach chun nuálaíocht cheannródaíoch a thabhairt níos gaire don chur in úsáid tionsclaíoch agus do thionscadail bhonneagair a bhfuil an-tábhacht ag baint leo don Aontas agus a bhfuil rochtain oscailte neamh-idirdhealaitheach acu. [I bhfianaise na gcomhchuspóirí atá á saothrú, cothóidh CEI sineirgí idir cistiú ón Aontas agus TTLECanna trí thacú le tionscadail shonracha a chomhtháthaítear laistigh de TTLECanna, bunaithe ar a rannchuidiú le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, amhail athléimneacht an Aontais, agus ar chumas mhaoiniú CEI rannpháirtíocht a leathnú, go háirithe rannpháirtíocht FBManna, nó cumhdach na mBallstát a leathnú, chomh maith le breisluach an Aontais a mhéadú.]

(59) [Leis an staid gheopholaitiúil atá ag síorathrú, cuirtear i dtábhacht gur gá don Eoraip a uathriail straitéiseach féin a áirithiú agus spleáchais straitéiseacha a sheachaint. Áireofar le CEI an fhéidearthacht tacú le borradh a chur faoin táirgeadh agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí iomaíochais brostaithe le haghaidh tionscadail lena dtugtar tacaíocht shonrach d'uathriail straitéiseach na hEorpa.] Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás tionscadail a roghnaíodh mar thionscadail straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus faoin nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla.

(60) Tá sé léirithe gur sásra coimirce tábhachtach é an sásra árachais fhrithpháirtigh (SAF) a cuireadh ar bun de bhun an chláir Fís Eorpach agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún lena maolaítear na rioscaí a bhaineann leis na méideanna atá dlite agus nár aisíoc rannpháirtithe mainneachtana. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de SAF agus, i gcás inarb ábhartha, a bheith oscailte lena úsáid ag gníomhaíochtaí faoi CEI.

---

26 Teachtaireacht ón gCoimisiún, Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá an Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn C/2021/8481 (IO C 528, 30.12.2021, lch. 10).

(61) Chun iniúchadh a dhéanamh ar na conairí uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa, le CEI, ba cheart creat struchtúrtha a sholáthar le haghaidh turgnamh spriocdhírithe i ndámhachtain agus i gcur chun feidhme thacaíocht an Aontais, go háirithe chun nósanna imeachta dámhachtana an Aontais a spriocdhíriú agus dlús a chur leo ar bhealach níos fearr agus chun a gcur chun feidhme a shimpliú agus a luathú chun tairbhe faighteoirí. Leis sin, ba cheart a bheith in ann, laistigh de chreat atá sainithe go coincréiteach, gníomhaíochtaí nó catagóirí áirithe gníomhaíochtaí a shonrú ar bhonn cás ar chás chun tairbhiú de bhreiseanna, maoluithe agus eisceachtaí áirithe ó ghníomhartha dlí de chuid an Aontais agus chun an tionchar i bhfíorthimpeallacht a thástáil ar feadh na tréimhse teoranta d'fhad CEI agus a áirithiú an tráth céanna go bhfuil coimircí iomchuí, go háirithe leas coiteann Eorpach, i bhfeidhm. Is de chineál eisceachtúil iad na sásraí sin. Chun a áirithiú go bhforchoimeádtar na sásraí sin le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo d'iomaíochas an Aontais, ba cheart a n-úsáid a theorannú do ghníomhaíochtaí a bhfuil tionchar straitéiseach acu i gcás ina mbeadh riosca ábhartha ann d'iomaíochas an Aontais mar thoradh ar easpa tacaíochta ón Aontas nó ar mhoill ar thacaíocht ón Aontas. Ba cheart údar cuí a bheith le dul i muinín na sásraí sin i ngach cás, ag féachaint do chineál, do scála agus do phráinn na gníomhaíochta lena mbaineann, agus ba cheart na cúiseanna lena n-úsáid a chur in iúl go trédhearcach, lena n-áirítear trína bhfoilsiú sa Tuarascáil Bhliantúil ábhartha ar Ghníomhaíochtaí. Le cur i bhfeidhm beart turgnamhach, d'fheadfaí ceachtanna a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar athruithe amach anseo ar an gcreat dlíthiúil cothrománach chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar.

(62) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, le CEI, ba cheart sásra idirghabhála spriocdhírithe a sholáthar chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar d'aon ghnó do ghníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach agus eacnamaíoch ag baint leo. I gcás nach bhféadfaí tionscadail thábhachtacha áirithe a chur chun feidhme go rathúil laistigh den amlíne chun gnáth-nósanna imeachta dámhachtana iomaíocha a chur i gcrích, ba cheart foráil a dhéanamh le CEI maidir leis an bhféidearthacht tionscadail den scoth a ghlacadh go díreach, ar tionscadail iad a d'fhan neamhchistithe faoi aon chlár de chuid an Aontais nó leanúint de thacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscadail a oibríonn go maith gan uaim sna chéad chéimeanna eile ar an aistear infheistíochta, gan ualach riaracháin breise a fhorchur ar na faighteoirí. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an gcur chuige a glacadh leis na gníomhartha dlí earnála ábhartha, mar atá an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla nó Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ('an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite') agus dá dtagraítear i dteachtaireacht an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus i Straitéis an Mhargaidh Aonair, ba cheart a bheith in ann cásanna a shainaithint i ngníomhartha dlí ar leithligh de chuid an Aontais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo ina meastar go bhfuil leas poiblí sáraitheach ag baint le tionscadail shonracha, mar shampla tionscadail straitéiseacha.

(63) [I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, ba cheart CEI a bheith in ann sásra 'idirghabhála luathaithe' a sholáthar freisin chun dlús a chur le soláthar thacaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chistiúcháin phráinneacha chun go bhféadfar smaointe tábhachtacha gnó a chur chun feidhme go rathúil sa mhargadh aonair i gcás nach bhfuil cistiú den sórt sin ar fáil, ar leibhéal leordhóthanach, ar an margadh. Chun na críche sin, mar gheall ar an bpráinn, níor cheart seiceálacha áirithe a dhéanamh ach amháin tar éis cistiú a sholáthar, lena n-éascaítear agus lena dteorannaítear an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí agus lena soláthraítear cinnteacht airgeadais ar an mbealach is tapúla is féidir agus, an tráth céanna, glacadh le leibhéal réasúnta riosca airgeadais don Aontas i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú.]

---

[27] Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

(64) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, le CEI, ba cheart gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas a dhreasú chun athlonnú nó infheistiú, agus chun a ngnó a fhorbairt sa mhargadh aonair, trí fhoráil a dhéanamh do shásra 'idirghabhála spreagtha' lena mealltar gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe rathúla ó gach cearn den domhan, agus leas á bhaint freisin as a líonra de Thoscaireacht an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart na ceanglais incháilitheachta, mar shampla a mhéid a bhaineann le bunú sna Ballstáit nó i dtíortha comhlachaithe ag tús thacaíocht an Aontais, a tharscaoileadh go sealadach chun ligean d'fhaighteoirí athlonnú laistigh de thréimhse ama shocraithe le dearbhú go bhfaighidh sé tacaíocht ón Aontas ina dhiaidh sin. Ba cheart leas airgeadais an Aontais a chosaint go cuí, agus níor cheart íocaíochtaí a sholáthar go dtí go gcomhlíonfar na ceanglais incháilitheachta.

(65) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, le CEI, ba cheart bealach níos solúbtha agus níos inrochtana a cheadú chun tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta dámhachtana atá neodrach ó thaobh ionstraime de lena gceadaítear do thaighdeoirí, d'fhiontraithe, do chuideachtaí agus do shaoránaigh eile a réiteach nuálaíochta a mholadh gan aon chúngú ná teorannú saorga tosaigh ar thacaíocht ón Aontas do dheontas, soláthar nó foirm eile tacaíochta ón Aontas. Ba cheart smaointe a mheasúnú agus a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán faoi seach nó ar thosaíocht bheartais an Aontais, agus níor cheart an ionstraim is iomchuí agus is éifeachtaí de chur chun feidhme an bhuiséid chun tacú leis na smaointe sin, cé acu deontas, soláthar nó ionstraim eile, a roghnú ach amháin ina dhiaidh sin bunaithe ar riachtanais agus fiúntais an tionscadail aonair.

(66) I gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis, le CEI, ba cheart cur chun feidhme thacaíocht an Aontais do thionscadail thábhachtacha áirithe a shimpliú agus a luathú.

(67) Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI an ráthaíocht bhuiséadach agus ionstraimí airgeadais a sholáthar chun infheistíocht bhreise a shlógadh ar fud an Aontais chun tacú le hiomaíochas na hEorpa i dteicneolaíochtaí, i seirbhísí agus in earnálacha straitéiseacha.

(68) Ba cheart do chomhpháirtithe, lena n-áirítear Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, na bainc agus na hinstitiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh chomh maith le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme. I ngeall ar an ról atá ag Grúpa BEI faoi na Conarthaí, ar a chumas oibriú sna Ballstáit uile agus ar an taithí atá aige cheana faoin gCiste InvestEU reatha agus faoi CEIS, ba cheart dó leanúint de bheith ina chomhpháirtí cur chun feidhme den chéad tábhacht faoi urrann an Aontais d'Ionstraim InvestEU CEI. Sa bhreis ar Ghrúpa BEI, ba cheart do bhainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh a bheith in ann táirgí airgeadais comhlántacha a thairiscint, ós rud é go bhféadfadh a dtaithí agus a gcumais ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a bheith tairbheach chun tionchar na gcistí poiblí ar chríoch iomlán an Aontais a uasmhéadú, agus chun cothromaíocht gheografach chóir a áirithiú idir tionscadail bunaithe ar ailtireacht oscailte ar cheart di leanúint de bheith ina príomhghné d'Ionstraim InvestEU CEI, ag tógáil ar an gcomhar leathan agus ar an taithí leathan faoi Chlár InvestEU. Ba cheart don Choimisiún agus do Ghrúpa BEI oibriú i gcomhpháirtíocht leis an gcuspóir acu tacú le cur chun feidhme Ionstraim InvestEU CEI agus comhsheasmhacht, cuimsitheacht, breisíocht agus cur in úsáid éifeachtúil a chothú.

(69) Chun ualach riaracháin míchuí a sheachaint agus chun cur in úsáid tapa agus tacaíocht don mhargadh a áirithiú go leanúnach ar fud na gclárthréimhsí, agus Ionstraim InvestEU CEI á chur chun feidhme, ba cheart cur leis an bpobal atá ann cheana de chomhpháirtithe cur chun feidhme Chlár InvestEU a ndearnadh measúnú colúin dearfach orthu, le socruithe conarthacha agus le táirgí airgeadais ábhartha. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do bhailíocht na measúnuithe colúin atá ann cheana, atá fós bailí faoi na téarmaí a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais. Thairis sin, chun bainistíocht fhónta airgeadais, leathadh amach agus simpliú níos tapúla chuig eintitis ar cuireadh cúram orthu a áirithiú, ba cheart cur chun feidhme Ionstraim InvestEU CEI a bheith bunaithe ar chomhaontuithe atá ann cheana, ar theimpléid le haghaidh socruithe dlíthiúla agus conarthacha, chomh maith le huirlisí faireacháin agus tuairiscithe atá bunaithe. Chuirfeadh sé sin feabhas ar thionchar thacaíocht an Aontais agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí díriú níos mó ar thacaíocht a thabhairt d'fhaighteoirí deiridh go héifeachtúil. Ba cheart don Coimisiún a bheith in ann brath ar na comhaontuithe le comhpháirtithe cur chun feidhme arna dtabhairt i gcrích faoi Rialachán (AE) 2021/523, agus iad a athúsáid go hiomlán nó go páirteach, agus ar mheasúnuithe arna ndéanamh aige féin nó ag eintitis eile i gcomhthéacs na gcomhaontuithe a tugadh chun críche faoin Rialachán sin.

(70) Chun rochtain níos leithne ar Ionstraim InvestEU CEI a sholáthar do chomhpháirtithe cur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir faoi bhainistíocht indíreach leis na catagóirí eintiteas uile a liostaítear faoi Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán Airgeadais.

(71) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha, faoi Ionstraim InvestEU CEI, a chur chun feidhme i gcomhréir le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

(72) Chun comhsheasmhacht a áirithiú i gcur chun feidhme ráthaíochtaí buiséadacha, ionstraimí airgeadais agus oibríochtaí measctha faoi chláir éagsúla de chuid an Aontais, ba cheart don Choimisiún treoir a fhorbairt lena n-áirítear socruithe teicniúla, téarmaí agus coinníollacha chun na cineálacha tacaíochta sin a chur in úsáid faoi na cláir sin.

(72a) Ba cheart an measúnú colúin i gcomhthéacs an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistíocht indíreach a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais.

(73) Chun ceanglais an Rialacháin Airgeadais a chomhlíonadh, ba cheart a leagan amach sa Rialachán seo uasmhéid den ráthaíocht bhuiséadach faoi Ionstraim InvestEU CEI, ráta soláthair don ráthaíocht bhuiséadach sin i gcomhréir le hAirteagal 214(1) den Rialachán Airgeadais agus an oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh gach bliain ar an ráta soláthair sin tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais agus i gcomhréir le creat bainistithe riosca an Choimisiúin agus leis an bhféidearthacht do thríú páirtithe agus do thríú tíortha rannchuidiú go sonrach le hIonstraim InvestEU CEI.

(74) [Is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go bhfeidhmeoidh Ionstraim InvestEU CEI, lena n-áirítear an ráthaíocht bhuiséadach, mar uirlis seachadta chothrománaigh le haghaidh beartais eile de chuid an Aontais, chun tacaíocht a sholáthar faoi chláir eile de chuid an Aontais i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna cláir sin. Chun na críche sin, is trí na cláir eile sin is ceart soláthar comhfhreagrach dliteanas airgeadais a dhéanamh. I gcás ina rannchuidíonn cláir eile de chuid an Aontais le cuspóirí bheartais inmheánacha an Aontais, ba cheart tacaíocht i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, a sholáthar go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI.]

(74a) Ba cheart foráil a dhéanamh in Ionstraim InvestEU CEI maidir leis an bhféidearthacht Urrann Ballstát a bhunú. Ba cheart na téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe lena rialaítear ranníocaíocht na gcistí le hUrrann na mBallstát, lena n-áirítear na foinsí, na méideanna, na rátaí soláthair agus na módúlachtaí seachadta, a leagan amach i gcomhaontú ranníocaíochta arna thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Ballstát ábhartha le haghaidh na hurrainne sin. Chun críocha Urrann na mBallstát, ba cheart cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó na Ballstáit is rannchuiditheoirí páirt a ghlacadh san fhaireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin urrann ábhartha, mar shampla trí pháirt a ghlacadh i gcodanna tiomnaithe den idirphlé maidir le hathbhreithniú beartais.

(75) Ba cheart Ionstraim InvestEU CEI a bheith ina haon áit láraithe amháin chun ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais uile a rannchuidíonn le cuspóirí bheartais inmheánacha an Aontais a bhunú agus a bhainistiú. Tríd an méid sin a dhéanamh, rannchuideofaí le héifeachtúlacht fheabhsaithe agus mhéadófaí tionchar beartais mhaoiniú an Aontais. Ba cheart freisin don Choimisiún agus do na comhpháirtithe cur chun feidhme a áirithiú go bhfuil na táirgí airgeadais nua atá le bunú faoin Rialachán seo i gcomhréir leis na rialacha Státchabhrach de réir bhrí Airteagal 212(2) den Rialachán Airgeadais chun a áirithiú go gcuirfear in úsáid go tapa iad. Rinneadh an méid sin cheana féin i gcás na dtáirgí airgeadais a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(75a) Ba cheart do Choiste Infheistíochta Ionstraim InvestEU CEI tógáil ar shamhail dhea-fheidhmiúil an Choiste Infheistíochta faoin gClár InvestEU. Le comhdhéanamh an Choiste Infheistíochta, ba cheart cumhdach leathan na n-ionuithe beartais a áirithiú trí shaineolas fónta airgeadais agus margaidh a chomhcheangal le heolas earnáilsonrach. Ba cheart é sin a bheith indéanta de bharr comhaltaí buana agus saineolaithe a bheith i láthair a bhfuil taithí acu ar infheistíocht in earnálacha a chumhdaítear leis na hionuithe beartais.

---

[28] Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

(76) Is innill fhíor-riachtanacha fáis agus iomaíochais iad gnólachtaí nuálacha Eorpacha, idir ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí atá ag méadú. Agus é á aithint go bhfuil bacainní leanúnacha rompu maidir le rochtain a fháil ar an maoiniú is gá san Aontas, ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar ag gach céim do chuideachtaí san Aontas atá ag fás agus ag méadú – ó chéim thionscnaimh go céim mhéadaithe agus monaraíocht thionsclaíoch. Ba cheart d'Ionstraim InvestEU CEI cistiú díreach agus indíreach a sholáthar do chuideachtaí Eorpacha d'fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh – agus ar an gcaoi sin leas iomlán a bhaint as acmhainneacht fhiontraíocht agus infheistíocht na hEorpa. Leis sin, thabharfaí cumhacht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú agus threiseofaí ceannaireacht dhomhanda an Aontais sa teicneolaíocht agus sa tionsclaíocht, agus dhúnfaí bearnaí nuálaíochta agus infheistíochta na hEorpa agus bhainfí amach uaillmhian an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta an tráth céanna. Ba cheart a áireamh le hIonstraim InvestEU CEI saoráid arb é is aidhm di a áirithiú go bhféadfadh fiontair ardfháis a fhorbraíonn nó a úsáideann teicneolaíochtaí nuálacha, lena n-áirítear i réimsí atá tábhachtach do leasanna straitéiseacha agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais, rochtain a fháil ar chaipiteal leordhóthanach chun a ngnólachtaí a uas-scálú. Shlógfadh sí infheistíochtaí ó mhargaí caipitil na hEorpa, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais.

(77) Ba cheart Comhairle Tionscadail CEI a bhunú chun tacú le cuspóirí CEI, ag tógáil ar Mhol Comhairleach InvestEU. Ba cheart di an tacaíocht chomhairleach a thugtar d'eintitis phríobháideacha agus phoiblí ar fud na hEorpa a thabhairt le chéile, lena soláthraítear seirbhísí saincheaptha do thairbhithe féideartha agus lena rannchuidítear le píblíne oibríochtaí infheistíochta féideartha a fhorbairt ar fud na hEorpa faoi CEI. An tráth céanna, ba cheart é a bheith mar ról ag seirbhísí tacaíochta gnó, mar shampla an Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó' cabhrú le gnólachtaí Eorpacha a dhéanamh níos nuálaí agus níos iomaíche, iad a fhás agus a scálú sa Mhargadh Aonair agus feasacht a mhúscailt agus rannchuidiú le fothú acmhainneachta maidir le bealaí chun rochtain a fháil ar chistiú caipitil margadhbhunaithe. Chun ualach riaracháin míchuí a sheachaint agus chun cur in úsáid tapa agus tacaíocht don mhargadh a áirithiú ar bhealach leanúnach, ba cheart CEI a bheith in ann brath ar an bpobal atá ann cheana de chomhpháirtithe comhairleacha a ndearnadh measúnú colúin Chlár InvestEU orthu.

(77a) Chun tacú le cur chun feidhme CEI agus a ionuithe beartais, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na pointí teagmhála náisiúnta a ainmniú agus tacú leo. Ba cheart don Choimisiún comhoibriú le líonra na bpointí teagmhála náisiúnta chun comhar a spreagadh agus chun malartú taithí, eolais agus dea-chleachtais a éascú chun éifeachtacht na seirbhísí arna soláthar ag na pointí teagmhála náisiúnta ar fud an Aontais a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit na pointí teagmhála náisiúnta a bhainistiú agus a mhaoiniú. Ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit seirbhísí na bpointí teagmhála náisiúnta a leathnú a thuilleadh chuig an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta. Ba cheart do na pointí teagmhála náisiúnta a bheith in ann, i measc nithe eile, seirbhísí tacaíochta gnó saincheaptha agus seirbhísí scagtha tograí a sholáthar lena dtacaítear le hiarratasóirí céaduaire, chomh maith le seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe i réimsí straitéiseacha, agus é d’aidhm acu bacainní ar iontráil a laghdú agus rannpháirtíocht rathúil a éascú, i gcomhar le Comhairle Tionscadail CEI, an Líonra ‘An tAontas ar son an Ghnó’ agus struchtúir eile. Féadfar a áireamh le fothú acmhainneachta a chuirtear ar fáil do na pointí teagmhála náisiúnta faoi CEI gníomhaíochtaí, mar atá, oiliúint, foghlaim, ceardlanna agus meantóireacht chun a n-acmhainneachtaí a fheabhsú d’fhonn feabhas a chur ar an tacaíocht d’iarratasóirí agus do pháirtithe leasmhara. Is féidir tacaíocht shaincheaptha earnáilsonrach le haghaidh fothú acmhainneachta do phointí teagmhála náisiúnta, mar shampla trí líonraí de phointí teagmhála náisiúnta téamacha, a sholáthar faoi ionuithe beartais CEI nuair a chomhlíonann sí cuspóirí sonracha an ionú beartais ábhartha.

(78) Is FBManna iad breis agus 99 % de na gnólachtaí uile san Aontas, soláthraíonn siad dhá thrian de na poist, agus rannchuidíonn siad go mór le poist nua ardcháilíochta a chruthú i ngach earnáil. Is ann d’fhiontair scálúcháin ar fud na n-earnálacha uile agus ar fud leibhéil uile na gcumas nuála. Ní féidir fás agus nuálaíocht an Aontais a spreagadh ach amháin trí bhorradh a chur faoin iliomad gnólachtaí atá ag méadú agus atá ann ar fud phobal FBManna an Aontais. Tá FBManna fíor-riachtanach chun aistriú glas agus aistriú digiteach an gheilleagair a bhaint amach, lena n-áirítear an aeráidneodracht.

(79) Mar sin féin, is bacainn thábhachtach í rochtain ar mhaoiniú i gcás FBManna, go háirithe i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, toisc gur minic a bhíonn siad ag brath ar mhaoiniú seachtrach chun tacú lena bpleananna fáis. Tá bacainní breise roimh FBManna maidir le nuálaíocht agus fás nach ndéanann difear d'fhiontair mhóra a mhéid céanna, mar shampla easpa scileanna fiontraíochta, easpa bonneagair teicneolaíochta rochtana, deacrachtaí maidir le maoin intleachtúil a chosaint nó rochtain a fháil ar mhargaí onnmhairiúcháin agus ar shlabhraí luacha chun a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a fhorbairt.

(80) Léiríonn an fhianaise nach leor tacaíocht dhíreach airgeadais do FBManna chun tacú lena n-uas-scálú agus go dteastaíonn comhairle thiomnaithe uathu ar leibhéal an Aontais agus go dtairbhíonn siad di. Trí chomhairle a thabhairt maidir le rialacha an Mhargaidh Aonair, rannchuidíonn nuálaíocht agus rochtain ar mhaoiniú le hiomaíochas an Aontais. Thairis sin, tá an tacaíocht ghnó ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta éagsúil agus ba cheart na réigiúin bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí a nascadh léi freisin. Chuidigh tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana, mar atá, an Líonra Fiontar Eorpach, an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha leis an mbearna sin a dhúnadh. Dá réir sin, ba cheart an Líonra 'an tAontas ar son an Ghnó' a bhunú, ag tógáil ar an Líonra Fiontar Eorpach (LFE), ar an Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha (ACBFE) agus ar líonraí eile, chun seirbhísí comhairleacha agus comhpháirtíochta a shimpliú agus a chuíchóiriú.

(81) Ba cheart CEI a bheith ina thaca le FBManna le rochtain a fháil ar mhaoiniú agus le hiomaíochas FBManna an Aontais a neartú ar dhá phríomhbhealach, a chuirfear chun feidhme trí na cláir oibre. Ar an gcéad dul síos, mar chomhlánú ar an Líonra 'an tAontas ar son an Ghnó', ba cheart gníomhaíochtaí breise trasearnálacha a dhéanamh freisin le CEI, agus iad dírithe ar iomaíochas FBManna a neartú. Ar an dara dul síos, ba cheart a áireamh in ionuithe beartais CEI gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna atá spriocdhírithe ar FBManna in earnálacha straitéiseacha, amhail córais bhónais, chun rannpháirtíocht FBManna a spreagadh, d'fhonn nuálaíocht, fás agus uas-scálú FBManna a chothú. Ba cheart a bheith in ann tacaíocht speisialta a dheonú maidir le rochtain agus fáil ar mhaoiniú i gcás FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga i ngach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear micreamhaoiniú, tacaíocht d'fhiontair shóisialta. Thairis sin, ba cheart a áirithiú le bosca uirlisí solúbtha airgeadais faoi CEI go bhféadfadh FBManna an cineál tacaíochta is fearr a oireann dá riachtanais feadh a n-aistir infheistíochta a fháil.

(82) Le CEI, chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do phrionsabail an tsimplithe agus na rochtana éasca ar dheiseanna cistiúcháin an Aontais do thairbhithe, ba cheart tairseach aonair a thairiscint lena láraítear faisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin uile an Aontais agus rochtain orthu agus tacú le gníomhaíochtaí eile. Leis an tairseach aonair, ba cheart rochtain ar chistiú, maoiniú agus infheistíochtaí eile de chuid an Aontais a éascú agus dlús a chur léi, agus an cur chuige a chuíchóiriú agus, an tráth céanna, tógáil ar an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí', ar Thairseach InvestEU, ar an Tairseach um Rochtain ar Airgeadas, ar Thairseach STEP agus ar ardáin ábhartha eile. Ba cheart a bheith in ann cur isteach go díreach ar dheiseanna cistithe ón Aontas atá á mbainistiú ag an gCoimisiún ar an tairseach aonair.

(83) [Tá CEI le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX][29] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus an creat feidhmíochta le haghaidh bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), faoi seach, den Rialachán Airgeadais, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach tacaíochta de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, mar shampla, na cinn sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.]

(83a) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis an Rialachán Feidhmíochta, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CEI agus ar a fheidhmíocht fhoriomlán, lena n-áirítear treochtaí rannpháirtíochta agus dáileadh geografach na ngníomhaíochtaí cistithe ar fud an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn II den Rialachán Feidhmíochta, agus ba cheart dó Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go bliantúil maidir le leibhéal cur chun feidhme an chláir de réir Airteagal 9 den Rialachán Feidhmíochta. Ba cheart sáriarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú, ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme, go seachnófar comhchruinniú geografach atá iomarcach agus marthanach agus nach bhfuil údar leis mar gheall ar dháileadh na n-acmhainneachtaí teicneolaíochta agus tionsclaíocha ábhartha ar fud an Aontais. Ba cheart don Choimisiún Coiste Ginearálta CEI a chur ar an eolas faoi thorthaí an fhaireacháin feidhmíochta agus faoi aon bheart a dhéantar i gcás ina sainaithnítear comhchruinniú iomarcach agus marthanach.

(84) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le CAI agus cláir de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí CEI, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn mar a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú an tráth céanna do chur chun feidhme an bhuiséid.]

[29] IO L.., lch.

(85) Chun cuspóirí ginearálta agus sonracha CEI a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith treoirlínte infheistíochta a ghlacadh maidir le hIonstraim InvestEU CEI agus coigeartuithe a dhéanamh ar uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí agus an ráta soláthair, agus i leith bearta áirithe chun tacú leis an mbeartas spáis freisin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[30]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(86) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le CEI a chur chun feidhme trí bhearta áirithe a leagtar amach sna cláir oibre chomh maith le bearta áirithe chun tacú leis an mbeartas spáis agus leis an mbeartas tionsclaíoch cosanta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

---

[30] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

[31] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13–18.

(87) Ba cheart cláir oibre lena gcuirtear chun feidhme caibidlí III go VIII agus gníomhartha eile lena gcuirtear na caibidlí céanna chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha áirithe a ghlacadh mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, lena n-áirítear cláir oibre lena gcuirtear chun feidhme gníomhaíochtaí le haghaidh aistriú glan, sláinte, biteicneolaíochta, talmhaíochta agus bithgheilleagair, agus ceannaireacht dhigiteach, athléimneachta agus slándála, an tionscail cosanta agus an spáis, ós rud é gur cheart tacú go hiomlán leis na gníomhartha sin agus sineirgí a chruthú le gníomhaíochtaí bainistíochta náisiúnta agus comhroinnte arna ndéanamh ag na Ballstáit. I gcás roinnt gníomhartha cur chun feidhme de chineál teicniúil i réimse an spáis, ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid.

(87a) Chun ionadaíocht iomchuí na mBallstát a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh na cláir oibre lena sonraítear na pointí a bheidh le plé agus, más infheidhme, na pointí a mbeidh vótáil le déanamh ina leith le linn na gcruinnithe a chur in iúl do na Ballstáit luath go leor roimh chruinnithe fhoirmíochtaí na gcoistí. I gcás inarb ábhartha, ba cheart míreanna tiomnaithe maidir le taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch a áireamh i gcláir oibre fhoirmíochtaí ábhartha na gcoistí.

(88) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo i gcás nár glacadh clár oibre nó inar gá é a ghlacadh ar bhealach brostaithe chun freagairt láithreach ar ghéarchéim nó i gcás éigeandálaí eisceachtúla cuí-réasúnaithe comhchosúla eile ina n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

(89) Cuirtear CEI in ionad na gclár a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694[32], (AE) 2021/696[33], (AE) 2021/697[34], (AE) 2021/783[35], (AE) 2023/588[36] agus leasaítear leis Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588 agus (AE) 2025/2643. Chun críoch an Rialacháin seo, ba cheart tagairtí do chritéir incháilitheachta faoi Rialachán (AE) 2025/2643 a thuiscint mar thagairtí dá gcoibhéis faoi seach sa Rialachán seo.

---

32 Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj).

33 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

34 Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

35 Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/783/oj).

36 Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Forálacha Ginearálta

## ROINN 1
## CUSPÓIRÍ AGUS STRUCHTÚR AN CHISTE

*Airteagal 1*

**[Ábhar]**

1. [Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach um Iomaíochas ('CEI'), lena n-áirítear clár sonrach maidir le taighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 182(3) CFAE agus leagtar síos leis cuspóirí CEI, a bhuiséad don tréimhse 2028-2034, na cineálacha tacaíochta ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an tacaíocht sin a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí trasghearrtha agus faoi bheartais shonracha a fhaigheann tacaíocht ó CEI.

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo:

   (a) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – arna chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, agus lena rannchuidítear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (a);

   (b) Ionú 'Sláinte, Bith-theicneolaíocht, Talmhaíocht agus Bithgheilleagar' – arna chur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil V, agus lena rannchuidítear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b);

   (c) Ionú 'Aistriú Glan agus Dícharbónú Tionsclaíoch' – arna chur chun feidhme trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VI, agus lena rannchuidítear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c);

(d) Ionú 'Athléimneacht agus Slándáil, an Tionscal Cosanta, agus an Spás' – arna cur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II agus i gCaibidil VII, lena n-áirítear an clár sonrach um thaighde agus nuálaíocht i réimse na cosanta dá dtagraítear i mír 1, agus lena rannchuidítear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d).

3. Bunaítear leis an Rialachán freisin creat dlíthiúil arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú, bacainní ar infheistíocht agus scrogaill táirgeachta a bhaint agus tacú le hiomaíochas bhonn tionsclaíoch an Aontais.]

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'comhaontú comhairleach' ionstraim dlí lena sonraíonn an Coimisiún agus an comhpháirtí comhairleach na coinníollacha maidir le seirbhísí comhairleacha tionscadail a chur chun feidhme;

(2) ciallaíonn 'comhpháirtí comhairleach' contrapháirtí incháilithe amhail institiúid airgeadais nó eintiteas eile a bhfuil comhaontú comhairleach tugtha i gcrích ag an gCoimisiún leis chun tionscnamh comhairleach amháin nó níos mó a chur chun feidhme, cé is moite de thionscnaimh chomhairleacha arna gcur chun feidhme trí sholáthraithe seirbhíse seachtracha atá ar conradh leis an gCoimisiún nó trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

(3) ciallaíonn 'urrann' cuid d'Ionstraim InvestEU CEI leagtar amach in Airteagal 24(1) arna sainiú de réir thionscnamh na n-acmhainní atá mar thaca don tacaíocht;

(4) ciallaíonn ‘rialú’ an cumas tionchar cinntitheach a imirt ar eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

(4a) ciallaíonn ‘táirgí cosanta’ aon táirgí a bhaineann leis an gcosaint dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], chomh maith le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a bhaineann go díreach leis na táirgí sin ar feadh aon ghné agus gach gné dá saolré de réir bhrí Airteagal 2, pointe (c) de Threoir 2009/81/CE[38];

(5) ciallaíonn ‘struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin’ comhlacht eintitis dhlítheanaigh a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó d’aon duine eile ag a bhfuil an chumhacht inchomparáide cinntí a dhéanamh, a bhfuil an chumhacht aige straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(6) ciallaíonn ‘Grúpa BEI’ an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), a fhochuideachtaí, agus eintitis eile a bhunaítear faoi Airteagal 28(1) de Phrótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (Reacht BEI);

(6a) ciallaíonn ‘faisnéis rúnaicmithe AE’ nó ‘FRAE’ aon fhaisnéis nó ábhar dá dtugtar aicmiúchán slándála AE, a dtiocfadh leibhéil éagsúla dochair do leasanna an Aontais nó do leasanna ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit as a nochtadh neamhúdaraithe;

---

37 Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

38 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

(6b) ciallaíonn ‘faisnéis chúlra rúnaicmithe’ aon sonraí rúnaicmithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, a choimeádtar roimh aontachas do ghníomhaíocht ar leith agus a shainaithnítear i gcomhaontú i scríbhinn mar shonraí atá riachtanach chun an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme. Beidh marcáil aicmiúcháin náisiúnta nó marcáil aicmiúcháin AE ar an bhfaisnéis sin;

(6c) ciallaíonn ‘faisnéis tulra rúnaicmithe’ aon toradh rúnaicmithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, a ghintear laistigh de ghníomhaíocht ar leith faoin Rialachán seo;

(7) ciallaíonn ‘comhaontú ráthaíochta’ nó ‘comhaontú ranníocaíochta’ comhaontú arna thabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus comhpháirtí cur chun feidhme chun tacaíocht faoi Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme;

(8) ciallaíonn ‘leas poiblí dianriachtanach’, chun críoch Airteagal 20, cúis sháraitheach maidir le tacaíocht ón Aontas a sholáthar do ghníomhaíocht áirithe, nó do shraith gníomhaíochtaí, mar gheall ar rannchuidiú soiléir suntasach le cuspóirí beartais faoi Airteagal 3 de CEI a bhaint amach, i gcás ina mbíonn tionchar straitéiseach ag an ngníomhaíocht agus i gcás ina bhféadfadh easpa tacaíochta ón Aontas nó moill ar thacaíocht ón Aontas a bheith ina riosca ábhartha d’iomaíochas an Aontais, rud a thugann údar le rialacha brostaithe agus simplithe a chur i bhfeidhm maidir leis an dámhachtain;

(9) ciallaíonn ‘comhpháirtí cur chun feidhme’ eintiteas a chuireann tacaíocht faoi Ionstraim InvestEU CEI chun feidhme, faoi bhainistíocht indíreach;

(10) ciallaíonn ‘tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne’ (TTLECanna) tionscadail a chomhlíonann na critéir uile a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Criteria for the analysis of the compatibility with the internal market of State aid to promote the execution of important projects of common European interest* [Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá Státchabhair chun tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn] nó in aon athscrúdú a dhéanfar ar an teachtaireacht sin ina dhiaidh sin;

(11) ciallaíonn ‘aistear infheistíochta’ leanúnachas tacaíochta airgeadais phoiblí agus phríobháidigh agus sásraí tacaíochta beartais a sholáthraítear d’fhaighteoirí ar fud a shlabhra forbartha ar fad, lena n-áirítear sraith chuimsitheach gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus le tacaíocht a sholáthar chun nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a chothú. Áirítear leis sin, gan bheith teoranta dóibh, an tionscnamh ó chéimeanna bunúsacha agus feidhmeacha taighde, an dul chun cinn trí chéimeanna an uas-scálaithe agus an imscartha thionsclaíoch, agus na céimeanna a bhaintear amach ar deireadh maidir le monaraíocht ar scála iomlán, aibíocht thionsclaíoch agus idirnáisiúnú;

(12) ciallaíonn ‘oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta’ nó ‘oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta’ oibríochtaí chun maoiniú a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’fhaighteoirí deiridh trí tháirgí airgeadais arna ndéanamh ag na comhpháirtithe seo a leanas:

(a) comhpháirtí cur chun feidhme ag gníomhú dó ina ainm féin, a sholáthraíonn an comhpháirtí cur chun feidhme i gcomhréir lena rialacha, lena bheartais agus lena nósanna imeachta inmheánacha agus ar a dtugtar cuntas i ráitis airgeadais an chomhpháirtí cur chun feidhme nó, i gcás inarb infheidhme, atá nochta sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais sin;

(b) i gcomhthéacs ionstraim airgeadais InvestEU CEI, comhpháirtí cur chun feidhme ina ainm féin nó ina ainm féin ach thar ceann an Choimisiúin, de réir mar is infheidhme;

(13) ciallaíonn ‘eintiteas dlítheanach’ duine nádúrtha nó dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear mar sin faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SEAP), arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a bhfuil sé d’acmhainn aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear in Airteagal 200(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais;

---

[39] IO L, 2025/2643, 29.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2643/oj

(14) ciallaíonn 'ionú beartais' réimse spriocdhírithe le haghaidh tacaíocht ó bhosca uirlisí CEI a leagtar síos in Airteagal 3(2);

(15) ciallaíonn 'soláthar réamhthráchtála' soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a bhfuil baint acu le comhroinnt sochair-riosca faoi dhálaí margaidh ina bhfuil dealú soiléir idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó úsáid cainníochtaí tráchtála na dtáirgí deiridh;

(16) ciallaíonn 'comhairle tionscadail' comhairle a thacaíonn le hinfheistíocht, lena n-áirítear fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí forbartha margaidh, agus seirbhísí luasghéaraithe gnó arna soláthar ag comhpháirtithe comhairleacha, ag soláthraithe seirbhíse seachtracha atá ar conradh ag an gCoimisiún nó trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin Eorpacha;

(17) ciallaíonn 'Séala Iomaíochais' lipéad cáilíochta a dhámhtar ar thogra a chuirtear isteach le haghaidh glao ar thograí a léiríonn go gcomhlíonann an togra sin na ceanglais cháilíochta uile a leagtar amach sa nós imeachta dámhachtana;

(18) ciallaíonn 'cuideachta meánchaipitlithe bheag' eintiteas mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2025/3500 ón gCoimisiún[40];

(19) ciallaíonn 'fiontar beag nó meánmhéide' nó 'FBM' micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[41];

(20) ciallaíonn 'páirtithe leasmhara' daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a ndéanann cur chun feidhme an chláir difear dóibh agus ar féidir leo a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme an chláir;

---

[40] Moladh ón gCoimisiún an 21.5.2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair meánchaipitlithe bheaga.

[41] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiúin an 6 Bealtaine 2003 a bhaineann le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(21) ciallaíonn ‘bonneagar’ na heilimintí fisiceacha agus fíorúla uile is gá chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a sholáthar, lena n-áirítear líonraí, eangacha agus sócmhainní, chomh maith le sócmhainní soghluaiste atá nasctha le bonneagar, cé is moite de na sócmhainní soghluaiste dá dtagraítear i bpointe (21aa) thíos, lena gcothaítear dícharbónú, athléimneacht, éifeachtúlacht, digiteáil agus idir-inoibritheacht;

(21aa) ciallaíonn ‘cumais iompair dé-úsáide agus lóistíochta’ cumais is féidir a úsáid chun críoch iompair shibhialta agus mhíleata araon; bíodh is go gciallaíonn ‘cumais iompair’ aon earraí, modh iompair nó pearsanra, ar leithligh nó i gcomhcheangal, ar féidir leo oibríochtaí iompair mhíleata a éascú, a dhéanamh indéanta agus a chur i gcrích, chomh maith le sócmhainní soghluaiste chun bonneagar straitéiseach dé-úsáide a dheisiú, ciallaíonn ‘cumais lóistíochta’ an pearsanra, an trealamh agus na seirbhísí ar féidir leo tacaíocht lóistíochta a éascú, a dhéanamh indéanta agus a sholáthar, lena n-áirítear breosla, soláthairtí agus tráchtearraí bunriachtanacha eile a stóráil agus a dháileadh;

(21a) ciallaíonn ‘bainistiú dinimiciúil infhaighteachta’ táirgí cosanta a sholáthar in am, ag an suíomh a comhaontaíodh agus ar na leibhéil infhaighteachta a comhaontaíodh, chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar rioscaí infhaighteachta a d’fhéadfadh teacht chun cinn i bhfoirm ghanntanais an táirge cosanta lena mbaineann; sa chomhthéacs sin, ciallaíonn ‘infhaighteacht’ cumas an táirge cosanta feidhmiú gan locht i ndálaí sainithe agus é réidh le húsáid nuair is gá;

(21b) ciallaíonn 'cothabháil táirgí cosanta' gach gníomhaíocht a dhéantar chun ullmhacht agus cumas oibríochtúil táirge cosanta a áirithiú, go háirithe chun trealamh a choinneáil i ndálaí sonraithe nó chun é a chur ar ais i ndálaí sonraithe go dtí deireadh a úsáide, lena n-áirítear ullmhacht, fad saoil agus uasghráduithe misin, saincheapadh agus speisialtóireacht, cigireacht, tástáil, seirbhísiú, modhnú, aicmiú maidir le hinseirbhíseacht, deisiú, aisghabháil, atógáil, míntíriú, tarrtháil agus canablú.

(21ba) ciallaíonn 'saolré táirge cosanta' gach céim chomhleanúnach fhéideartha de tháirge cosanta, ó thaighde agus forbairt go díchoimisiúnú agus diúscairt;

(21c) ciallaíonn 'gníomhaíocht comhordaithe agus tacaíochta' gníomhaíocht ar mhaithe le fothú acmhainneachta, scaipeadh faisnéise agus eolais agus múscailt feasachta.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Is é cuspóir ginearálta CEI iomaíochas an Aontais a neartú, rannchuidiú le fás táirgiúlachta agus uathriail straitéiseach, athléimneacht agus slándáil an Aontais, trí thacú le hinfheistíochtaí lena soláthraítear breisluach an Aontais ar fud a mhargaidh inmheánaigh, go háirithe in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha chomh maith le réitigh nuálacha, feadh an aistir infheistíochta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tionchar teicneolaíoch, eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ó infheistíochtaí an Aontais a chur i gcrích, lena n-áirítear trí nuálaíocht shuaiteach incriminteach a fhorbairt, agus trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha dé-úsáide straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil acmhainneacht shuntasach eacnamaíoch acu a fhorbairt, lena n-áirítear trína dtáirgiúlacht a mhéadú agus trína monarú agus a gcur in úsáid tionsclaíoch agus ar an margadh a fhorbairt agus a luathú;

(b) spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú nó a chosc, agus athléimneacht, ceannasacht agus slándáil eacnamaíoch agus fuinnimh an Aontais a threisiú, lena n-áirítear trí fhoinsí agus margaí a éagsúlú, úsáid chiorclach acmhainní, tacú le borradh a chur faoi tháirgeadh teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas agus slabhraí luacha criticiúla agus bonneagar criticiúil an Aontais a chruthú, a neartú agus a choimirciú, lena n-áirítear in aghaidh gach cineál bagartha, lena n-áirítear cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, mar shampla sabaitéireacht nó bréagaisnéis;

(c) aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, go háirithe trí chaipiteal príobháideach agus infheisteoirí institiúideacha, chomh maith le cistiú poiblí a phlódú isteach ar bhealach comhréireach, breisíocht a áirithiú, trí dhúbláil a sheachaint agus gan infheisteoirí príobháideacha nó poiblí eile a phlódú amach, agus fónamh mar ardán comhtháite chun tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a chur ar fáil do chuideachtaí i ngach céim den fhorbairt, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil monaraíocht, cur in úsáid tionsclaíoch agus cur in úsáid ar an margadh á saothrú go gníomhach acu;

(d) comhtháthú mhargaí caipitil an Aontais a chur chun cinn i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta a sholáthar, lena n-áirítear réitigh chun aghaidh a thabhairt ar ilroinnt mhargaí caipitil an Aontais, deireadh a chur le bacainní agus dreasachtaí a chruthú le haghaidh infheistíochtaí príobháideacha agus na foinsí maoiniúcháin d'fhiontair an Aontais sna Ballstáit uile a éagsúlú agus a threisiú, lena n-áirítear na Ballstáit a bhfuil margaí caipitil beagfhorbartha acu;

(e) taighde, nuálaíocht agus tacaíocht beartais thionsclaíoch a ailíniú chun barr feabhais taighde an Aontais a aistriú go neart tionsclaíoch an Aontais ar mhargaí domhanda agus todhchaí na monaraíochta san Eoraip a dhaingniú, agus geilleagar Eorpach nuálach á chothú ag an am céanna;

(f) forbairt agus neartú a dhéanamh ar bhonneagar trasteorann agus criticiúil an Aontais atá riachtanach d'iomaíochas, neamhspleáchas straitéiseach agus athléimneacht an Aontais, go háirithe maidir le bonneagar fuinnimh, iompair, lena n-áirítear iompar míleata, digiteach, slándála, cosanta, spáis, uisce agus sóisialta agus sonraí agus seirbhísí gaolmhara;

(g) iomaíochas FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga atá bunaithe san Aontas a neartú agus a gcumas fáis agus uas-scálaithe a neartú, go háirithe trína rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, lena n-áirítear rochtain ar infheistíocht phríobháideach, micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta agus trína rochtain ar chistiú ón Aontas a éascú, trí fhoráil a dhéanamh do nósanna imeachta níos tapúla, simplithe agus comhchuibhithe, agus trína n-ualach tuairiscithe a laghdú agus trína áirithiú go bhfuil sé comhréireach;

(h) poist ardcháilíochta a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna ríthábhachtacha do gach cineál fostaíochta in earnálacha atá straitéiseach d'iomaíochas an Aontais, trí infheistíocht chothrománach agus infheistíocht atá sonrach go príomhúil araon i scileanna, lena rannchuidítear le hinfhaighteacht scileanna i dteicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo, agus trí iarracht a dhéanamh infheistíocht i scileanna a chur le hinfheistíochtaí;

(i) comhtháthú an mhargaidh aonair a áirithiú agus acmhainneacht iomlán iomaíochais an Aontais a nascadh, lena n-áirítear trí thacú, ag gach céim den aistear infheistíochta, le tionscnaimh ar dócha go nginfidh siad gnóthachain shuntasacha nuálaíochta, táirgiúlachta agus slándála a mbeidh éifeachtaí iarmharta dearfacha acu ar an margadh aonair agus ar athléimneacht shlabhraí luacha inmheánacha an Aontais;

(k) aistriú cóir a áirithiú chuig geilleagar inbhuanaithe dícharbónaithe digiteach atá cothrom agus a thacaíonn le hoibrithe agus le pobail agus a rannchuidíonn le cosaint na bithéagsúlachta agus le sláinte an duine;

(ka) gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme agus faireachán ghníomhartha dlí agus bheartais ábhartha an Aontais.

2. Faoi chuimsiú na gcuspóirí ginearálta a leagtar amach i mír 1, saothraíonn CEI go háirithe na cuspóirí sonracha a leanas:

(a) Chun tacú leis an Aistriú Glan agus leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(i) tacú le dícharbónú thionscail na hEorpa, lena n-áirítear tacú le FBManna agus tionscail dianfhuinnimh, monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhraí soláthair agus borradh a chur faoin táirgeadh chomh maith le hinfheistíochtaí bonneagair gaolmhara, agus rannchuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar inbhuanaithe, ciorclach atá tíosach ar fhuinneamh, ar uisce agus ar acmhainní, agus atá aeráidneodrach, dúlra-dearfach agus athléimneach, lena n-áirítear trí bheartas comhshaoil a chur chun feidhme agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de;

(ii) margaí tosaigh a chothú le haghaidh táirgí, seirbhísí, próisis agus teicneolaíochtaí glana;

(iii) glacadh na dtionscal le dícharbónú agus teicneolaíochtaí ciorclacha agus réitigh eile dá bpróisis thionsclaíocha agus dá ngníomhaíochtaí tionsclaíocha;

(iv) dícharbónú an tsoláthair fuinnimh, cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh, glacadh réiteach fuinnimh in-athnuaite agus glan, forbairt sholúbthacht an chórais fuinnimh, forbairt, athléimneacht, comhtháthú agus digiteáil na mbonneagar agus na gcóras fuinnimh agus iompair, borradh a chur faoin tsoghluaisteacht chliste, breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus leictriú, chomh maith le borradh a chur faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe;

(v) samhlacha gnó nuálacha dúlrabhunaithe agus ciorclacha agus réitigh ar thaobh an éilimh a fhorbairt le haghaidh foirgnimh, iompar agus tionsclaíocht dhícharbónaithe ghlan, rud a chuirfidh feabhas ar athléimneacht na sochaí i leith an athraithe aeráide.

(b) Chun tacú leis an tSláinte, leis an mBith-theicneolaíocht, leis an Talmhaíocht agus leis an mBithgheilleagar:

(i) Chun tacú leis an tsláinte, na cuspóirí sonracha nuálaíocht agus iomaíochas na hearnála sláinte a chothú chun leas na ndaoine agus na sochaí ar fud an Aontais, agus cur i ngníomh na nuálaíochta, slándáil an tsoláthair, an acmhainneacht thionsclaíoch agus an cumas chun dúshláin don tsláinte phoiblí agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte phoiblí amach anseo a bhainistiú á n-áirithiú ag an am céanna; sláinte an phobail agus sláinte an daonra a fheabhsú agus a chosaint, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar agus diagnóisiú agus cóireáil níos fearr ar feadh na saolré a fhorbairt trí bheartais 'sláinte i gcoitinne' agus 'Aon Sláinte Amháin', agus trí nuálaíocht, ullmhacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus na n-údarás sláinte poiblí a neartú;

(ii) Chun tacú leis an mbith-theicneolaíocht, na cuspóirí sonracha rannchuidiú leis an nuálaíocht, le forbairt agus le táirgeadh agus glacadh inscálaithe, infhaighteacht agus inrochtaineacht réiteach teicneolaíochta, lena n-áirítear táirgí íocshláinte, feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus frithbhearta leighis eile;

(iii) Chun tacú leis an mbeartas bithgheilleagair, na cuspóirí sonracha bithgheilleagar nuálach agus iomaíoch a chothú san Aontas, lena n-áirítear cothú i réimsí na n-ábhar agus na dtáirgí bithbhunaithe, na bithmhonaraíochta, na dtáirgí bia nuálacha agus na gceimiceán bithbhunaithe; lena n-áirítear tacaíocht do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, forbairt, táirgeadh agus glacadh inscálaithe, infhaighteacht agus inrochtaineacht nuálaíochtaí bithgheilleagair a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar bhith-theicneolaíocht trasearnála cheannródaíoch agus ar réitigh bhithbhunaithe, chun a slabhraí soláthair a neartú agus a n-athléimneacht a mhéadú;

(iv) Chun tacú leis an talmhaíocht agus leis an tslándáil bia, an cuspóir sonrach iomaíochas, nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht na talmhaíochta, na gcóras bia (lena n-áirítear próiseáil bia), an iascaigh, an dobharshaothraithe, na foraoiseachta, na limistéar tuaithe agus cósta a chothú agus tacú lena ról maidir leis na géarchéimeanna aeráide, comhshaoil agus bithéagsúlachta a mhaolú, agus maidir le sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí a chosaint.

(c) Chun tacú leis an gceannaireacht dhigiteach, na cuspóirí sonracha nuálaíocht, iomaíochas agus ceannasacht na hearnála digití a chothú ar mhaithe le hAontas iomaíoch slán agus na tairbhí a ghabhann léi a thabhairt do shaoránaigh agus don tsochaí, d’údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Áirítear leis sin, ach gan bheith teoranta dó, tacú le raon feidhme iomlán na hearnála digití agus na slabhraí luacha ar bhealach cuimsitheach agus straitéiseach, lena n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do FBManna, agus béim á leagan ar phríomhréimsí digiteacha lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí agus bonneagair ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus sonraí, teicneolaíochtaí agus bonneagair chandamacha, leathsheoltóirí, ardábhair, teicneolaíochtaí agus seirbhísí bogearraí, réaltacht bhreisithe agus domhain fhíorúla, ardáin agus teicneolaíochtaí a bhaineann leis na meáin, róbataic, teicneolaíochtaí agus bonneagair monaraíochta shuimitheacha agus dhigiteacha, bonneagair agus seirbhísí nascachta, mar atá seirbhísí céannachta digití agus iontaoibhe agus teicneolaíochtaí digiteacha idir-inoibritheacha, an chibearshlándáil, agus teicneolaíochtaí digiteacha nua agus iad siúd atá ag teacht chun cinn chomh maith le teicneolaíochtaí agus feidhmchláir thrasearnála, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) croítheicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhúnlú;

(ii) éiceachórais dhigiteacha, tharraingteacha, iomaíocha, shlána agus athléimneacha a thógáil agus slándáil an tsoláthair a neartú;

(iii) feidhmchláir, bonneagair agus seirbhísí digiteacha úrscothacha agus inbhuanaithe a thógáil, a fhorbairt, a nuachóiriú, a chomhlánú agus a chur in úsáid, lena n-áirítear gréasáin dhigiteacha thras-Eorpacha;

(iv) tacú le claochlú digiteach agus le hidir-inoibritheacht na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha;

(v) tacú le forbairt ardscileanna digiteacha, lena n-áirítear scileanna cibearshlándála;

(vi) tacú le gníomhartha dlí agus beartais ábhartha de chuid an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú;

(vii) an t-ardleibhéal cibearshlándála san Aontas a fheabhsú; agus

(viii) tacú le hacmhainn nuálaíochta agus iomaíochais na dtionscal agus na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheacha.

(d) Chun tacú le 'Athléimneacht agus Slándáil, an Tionscal Cosanta agus an Spás', na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(1) Chun tacú le slabhraí luacha athléimneacha amhábhar criticiúil, na cuspóirí sonracha a bhaineann le huathriail straitéiseach, slándáil eacnamaíoch agus athléimneacht thionscal an Aontais a threisiú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na céimeanna éagsúla de shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil a neartú, lena n-áirítear acmhainneacht an Aontais amhábhair chriticiúla a thaiscéaladh, a eastóscadh, a phróiseáil, a aisghabháil, a athúsáid agus a athchúrsáil;

(b) foinsí agus margaí soláthair a éagsúlú;

(c) feabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil na dtáirgí sin, lena n-áirítear trína n-aga seachadta a laghdú, sliotáin mhonaraíochta a fhorchoimeád nó táirgí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair chriticiúla a stoc-charnadh.

(2) Chun tacú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE), na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) ullmhacht thionsclaíoch cosanta an Aontais agus a Bhallstát a chur chun cinn trí iomaíochas, freagrúlacht agus athléimneacht fhadtéarmach BTTCE a neartú, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do FBManna, agus éiceachóras tionsclaíoch cosanta nuálach a chothú san Aontas;

(b) taighde agus forbairt chomhoibríoch ar tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint;

(c) comhar le linn shaolré an trealaimh cosanta, go háirithe maidir le soláthar cosanta agus maidir le tionscadail Eorpacha leasa choitinn i réimse na cosanta a fhorbairt;

(d) BTTCE a chur in oiriúint d’athruithe struchtúracha, lena n-áirítear a chumas infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú.

(3) Chun córais spáis agus beartas spáis an Aontais a chur chun feidhme, na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) córais spáis a dhearadh, a fhorbairt, a imscaradh, a oibriú agus a chothabháil, lena soláthraítear sonraí, faisnéis agus seirbhísí spásbhunaithe ardcháilíochta agus cothrom le dáta, lena gcomhlíontar riachtanais úsáideoirí agus ceanglais slándála agus lena dtacaítear le beartais an Aontais agus lena n-áirithítear éabhlóid na gcóras agus na seirbhísí sin;

(b) na tairbhí socheacnamaíocha a bhaineann le gníomhaíochtaí spásbhunaithe a uasmhéadú, go háirithe trí fhorbairt geilleagair spáis atá nuálach agus iomaíoch a chothú san Aontas, trí ghlacadh le faisnéis, sonraí agus seirbhísí spáis a chothú agus trí thacú le fíor-mhargadh aonair a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí spáis agus tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do FBManna, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do chuideachtaí chun go bhfásfaidís go hidirnáisiúnta;

(c) sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht comhshaoil na ngníomhaíochtaí cianspáis uile a fheabhsú;

(d) ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis agus sa taidhleoireacht spáis a chur chun cinn.

(4) Chun tacú le tionscal na slándála sibhialta, na cuspóirí sonracha maidir le hiomaíochas agus freagrúlacht thionscal slándála sibhialta na hEorpa a neartú, sna réimsí seo a leanas:

(a) slándáil agus athléimneacht bonneagair chriticiúil agus dé-úsáide, eintiteas criticiúil, teicneolaíochtaí, lena n-áirítear bonneagar criticiúil fuinnimh;

(b) réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha;

(ba) cosaint teorainneacha, slándáil mhuirí agus slándáil custaim;

(c) ullmhacht shibhialta, cumais choisc agus freagartha i gcoinne bagairtí slándála;

(d) an choireacht a chosc agus a chomhrac, go háirithe an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht thromchúiseach eagraithe agus an choireacht chibearchumasaithe;

(e) cumais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha in earnáil na slándála sibhialta a threisiú, lena n-áirítear cleachtóirí slándála.

*Airteagal 4*

**[Buiséad]**

1. [Is é EUR 234 300 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh chur chun feidhme CEI don tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

2. Maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1, seo a leanas a dháileadh táscach:

   (a) EUR 11 000 000 000 le haghaidh gníomhaíochtaí lena rannchuidítear leis na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3, arna gcur chun feidhme go háirithe trí ghníomhaíochtaí trasghearrtha amhail tacaíocht neamhthéamach d'Ionstraim InvestEU CEI, dá dtagraítear i gCaibidil II, Roinn 2; Comhairle Tionscadail CEI, Comhar le FBManna, forbairt scileanna agus rochtain ar mhaoiniú, dá dtagraítear i gCaibidil III;

   (b) EUR 26 210 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a);

   (c) EUR 20 393 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b);

   (d) EUR 51 493 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (c);

   (e) EUR 125 204 000 000 le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (d).

3. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

4. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun go gcumhdófar na costais is gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a chomhlíonadh, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach gcuirfear i gcrích iad faoi dheireadh na tréimhse a bhainistiú, is é sin an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí agus seirbhísí oibríochtúla criticiúla.

5. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun CEI a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún chun CEI a bhainistiú.]

## ROINN 2

## LEABHAR RIALACHA AONAIR

*Airteagal 5*

**Acmhainní breise**

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a chur ar fáil do CEI, nó d’aon cheann dá chuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), lena n-áirítear ranníocaíochtaí sonracha leis an ráthaíocht bhuiséadach agus le hionstraimí airgeadais faoi Ionstraim InvestEU CEI dá dtagraítear in Airteagal 21. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise sin de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d) nó (e), nó Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

2. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur ar fáil do CEI, arna iarraidh sin dóibh, i gcomhréir le hAirteagal X de Rialachán (AE) [XXX][an rialachán maidir le Ciste CNR]. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) den Rialachán Airgeadais. Beidh na hacmhainní sin sa bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 4 agus úsáidfear iad chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach mbeidh gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh méideanna breise a chuirfear ar fáil ar an gcaoi sin do CEI i gcomhréir leis an mír seo, féadfar, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig caibidil amháin nó níos mó faoi seach den Phlean nó chuig a gcomharbaí.

3. [Aon ioncam a ghintear le gníomhaíochtaí agus comhpháirteanna faoi Chaibidil VII, roinn 3 den Rialachán seo, is é a bheidh ann ioncam sannta seachtrach, de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, do CEI nó dá chomharba.]

4. [Ón 1 Eanáir 2028 / ó dháta tosaigh an chláir], de mhaolú ar an gcéad fhomhír, ar an dara fomhír agus ar an gceathrú fomhír d'Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais, úsáidfear ioncam, aisíocaíochtaí agus aisghabhálacha ó ionstraimí airgeadais arna gcistiú ón Rialachán seo, a réamhtheachtaí, agus ó na hionstraimí sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2021/523 chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar faoi CEI. De mhaolú ar phointe (f) d'Airteagal 21(3) agus i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, beidh na hacmhainní sin ina n-ioncam sannta seachtrach do CEI.]

5. [Ón 1 Eanáir 2028/ó dháta tosaigh an chláir], de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 216(4) den Rialachán Airgeadais, féadfar aon bharrachas soláthairtí le haghaidh na ráthaíochtaí buiséadacha arna mbunú le Rialacháin (AE) 2015/1017[2] agus (AE) 2021/523[3] a úsáid chun tacaíocht ón Aontas a sholáthar faoi CEI. Ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a ghabhann le CEI a bheidh sna hacmhainní sin.]

*Airteagal 6*

**Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach**

1. Cuirfear CEI chun feidhme i sineirgíocht le cláir eile de chuid an Aontais. Féadfaidh gníomhaíocht a mbeidh ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile ranníocaíocht eile a fháil faoi CEI freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí sin. Gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha sonracha maidir le tacaíocht don bheartas um an tionscal cosanta, beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach nó féadfaidh feidhm a bheith ag sraith aonair rialacha maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Maidir le nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí an Aontais, lena chomhlachtaí, lena oifigí agus lena ghníomhaireachtaí, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile, ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais mar aon le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát. Beidh na nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanas dlíthiúil aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, féadfaidh na comhpháirtithe acmhainní a chur ar fáil do CEI i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán Airgeadais. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirtí, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirtí a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta freisin dá dtagraítear in Airteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 7*

**Comhordú maidir le CEI agus cláir eile de chuid an Aontais**

1. Áiritheoidh an Coimisiún comhleanúnachas straitéiseach agus cur chun feidhme comhsheasmhach an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, an Chláir Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus an Chiste don Nuálaíocht.

2. Éascóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, comhordú agus comhleanúnachas idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha maidir le tosaíochtaí comhchoiteanna iomaíochais i bpríomhréimsí roghnaithe agus i dtionscadail a mheastar tábhacht straitéiseach a bheith ag baint leo agus a bhfuil leas na hEorpa i gcoitinne ag baint leo.

3. Cuirfear CEI chun feidhme i sineirgíocht agus ar bhealach comhlántach leis an gCiste don Eoraip Dhomhanda chun tacú leis an iomaíochas domhanda, chun foinsí soláthair éagsúlaithe a áirithiú, agus chun acmhainneacht agus deiseanna onnmhairiúcháin cuideachtaí Eorpacha a neartú, agus le cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an Clár um an Margadh Aonair agus Custam, Erasmus+ agus AgoraEU.

*Airteagal 8*

**Séala Iomaíochais**

1. I gcás ina ndéantar foráil sa chlár oibre maidir leis an bhféidearthacht Séala Iomaíochais a dhámhachtain, dámhfar é do thograí nó do ghníomhaíochtaí ardcháilíochta a chomhlíonfaidh na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) rinneadh measúnú orthu i nós imeachta dámhachtana faoi CEI;

(b) comhlíonann siad íoscheanglais cháilíochta an nós imeachta dámhachtana sin; agus

(ba) comhlíonann siad aon choinníoll breise a d'fhéadfaí a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana sin.

3. Féadfaidh na Ballstáit tacú le tionscadail ar bronnadh an Séala Iomaíochais orthu, nó féadfaidh siad tacaíocht a sholáthar trí CEI trí acmhainní breise a chur ar fáil do CEI i gcomhréir le hAirteagal 5(1) nó (2).

4. D'ainneoin mhír 1, bronnfar an Séala Iomaíochais ar thionscadail straitéiseacha a shainaithnítear i ngníomhartha dlí an Aontais agus a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b).

*Airteagal 9*

**Incháilitheacht**

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoi CEI.

2. Gan dochar d'aon choinníoll nó srian sonrach a leagtar síos laistigh de gach ionú beartais nó gach comhpháirt agus go comhsheasmhach le hAirteagal 10, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na catagóirí eintiteas dlítheanach seo a leanas a bheith incháilithe chun tacaíocht a fháil ón Aontas i nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát nó i dTíortha agus Críocha Thar Lear;

   (b) eintitis atá bunaithe i dtír chomhlachaithe;

   (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

   (d) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe ar choinníoll go bhfuil cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn sé leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3, go háirithe i gcásanna sonracha maidir le huathriail straitéiseach agus leas slándála eacnamaíoch an Aontais.

3. Anuas ar Airteagal 168(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon cheann de na sásraí soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais agus tairbhe a bhaint as aon cheann díobh. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit de bhun Airteagal 168 den Rialachán Airgeadais, *mutatis mutandis*, i bhfeidhm maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

4. I nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI, ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe chun tacaíocht a fháil:

(a) gníomhaíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, nó le dlí náisiúnta na mBallstát uile; nó

(b) gníomhaíochtaí atá á maoiniú go hiomlán cheana ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile.

4a. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca, i gcomhréir le dlí an Aontais, ar chúiseanna slándála.

5. Leis an gclár oibre nó leis na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh.

6. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar chritéir incháilitheachta.

*Airteagal 19a*

**Critéir dhámhachtana**

1. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, léireoidh na critéir dhámhachtana a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 nó sna glaonna ar thograí, de réir mar is ábhartha, na cuspóirí ginearálta in Airteagal 3(1) agus beidh siad bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

   (a) Cáilíocht na dtograí a tíolacadh i bhfianaise na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí a leagtar amach sa ghlao ar thograí. Áireofar ar na critéir cháilíochta gnéithe áirithe, mar shampla fiúntas teicniúil, saintréithe nuálacha agus feidhmiúla agus an cumas na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach;

   (b) Tionchar na dtorthaí a meastar a bheidh ar na tograí ar ghnóthú na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí a leagtar amach sa ghlao ar thograí, ag díriú go háirithe ar bhreisluach an Aontais, ar an rannchuidiú le hiomaíochas, le táirgiúlacht agus le hathléimneacht, agus ar a mhéid is féidir leis an tionscadal constaicí airgeadais a shárú, ar nós easpa maoinithe margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha; agus

   (c) Cumas na dtograí tacú le gníomhaíochtaí sonracha faoi Chaibidlí III, IV, V, VI agus VII, Ranna 1, 3 agus 4, i gcás inarb ábhartha agus cineál agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí sin á gcur san áireamh.

2. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn plé ar chritéir dhámhachtana.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cláir oibre a ghlactar chun na gníomhaíochtaí faoi Chaibidil VII, Roinn 2 a chur chun feidhme.

*Airteagal 10*

**[Tosaíocht AE]**

1. [Díreofar tacaíocht CEI ar theicneolaíochtaí agus earnálacha straitéiseacha a fhorbairt, a mhonarú agus a shaothrú san Aontas, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le gealltanais idirnáisiúnta. Féadfaidh na nósanna imeachta dámhachtana aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a chur i bhfeidhm chun leasanna slándála straitéiseacha agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint, chomh maith le slándáil agus sócmhainní criticiúla agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad.

2. Féadfar coinníollacha incháilitheachta a leagan amach sa chlár oibre, sna treoirlínte infheistíochta nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana chun iomaíochas an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cosaint leasanna eacnamaíocha agus uathriail an Aontais i gcás inar gá agus inarb iomchuí, lena n-áirítear cosaint trí choinníollacha fabhracha amhail srianta nó dreasachtaí d'eintitis an Aontais, agus saobhadh an mhargaidh aonair á theorannú ag an am céanna. Féadfaidh na coinníollacha incháilitheachta sin a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

   (a) srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta lena gceanglaítear ar eintitis rannpháirteacha a bheith bunaithe, saoráidí a úsáid, nó gníomhaíochtaí a dhéanamh sna Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí i dtíortha incháilithe eile. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta rannpháirtíochta agus feidhmíochta sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

   (b) srianta aistrithe lena gceanglaítear ar fhaighteoirí cistithe ó CEI, le linn nó laistigh de 5 bliana féilire tar éis dheireadh na gníomhaíochta, gan gach oibríocht, toradh nó ceart gaolmhar rochtana agus úsáide, nó gan oibríochtaí, torthaí nó cearta gaolmhara rochtana agus úsáide ar leith, lena n-áirítear ceadúnais a dheonú, a aistriú go díreach nó go hindíreach ó Bhallstát incháilithe nó ó thír chomhlachaithe chuig tríú tír neamh-incháilithe. Ina mhalairt de chás, féadfar cistiú ón Aontas a laghdú agus féadfar é a aisghabháil go hiomlán nó go páirteach. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta aistrithe sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

(c) srianta soláthair agus ábhair lena gceanglaítear ar fhaighteoirí cistithe ó CEI a áirithiú, maidir leis an trealamh, na soláthairtí agus na hábhair, nó a gcomhpháirteanna, a úsáidtear don ghníomhaíocht, gur ó eintitis incháilithe dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b), a fhaightear nó a fhoinsítear méid íosta áirithe díobh sin, mura rud é nach féidir na soláthairtí agus na hábhair sin a fháil go réasúnta ó na heintitis incháilithe sin. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm na srianta soláthair agus inneachair sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

(d) srianta rialaithe lena gceanglaítear ar fhaighteoirí cistithe ó CEI an cumas a fháil nó a choinneáil le cinneadh a dhéanamh, gan srianta arna bhforchur ag eintitis neamh-incháilithe, maidir le cruthú agus úsáid torthaí, lena n-áirítear an t-údarás dlíthiúil agus an cumas praiticiúil comhpháirteanna torthaí atá faoi réir srianta arna bhforchur ag eintitis neamh-incháilithe nó tríú tíortha a mhodhnú, a ionadú nó a bhaint. Féadfar tuilleadh sonraí maidir le cur i bhfeidhm shrianta an údaráis dearaidh sin a leagan amach sa chlár oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana;

3. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil, don chosaint nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a áireamh ar na srianta incháilitheachta sin:

(a) a mhéid a bhaineann leis na heintitis rannpháirteacha, srianta ar struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin agus srianta úinéireachta agus rialaithe lena dteorannaítear rannpháirtíocht na n-eintiteas uile nó eintiteas áirithe do na heintitis sin a bhfuil struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin acu, chomh maith le húinéireacht agus rialú ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, atá bunaithe sna Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí i dtíortha incháilithe eile;

(b) a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme, ionad feidhmíochta, úsáid saoráidí, nó srianta trealaimh lena gcuirtear teorainn le húsáid na sócmhainní sin atá lonnaithe sna Ballstáit nó atá de thionscnamh na mBallstát, agus i gcás inarb iomchuí tíortha incháilithe eile, i gcás gach gníomhaíochta nó gníomhaíochtaí áirithe;

(c) a mhéid a bhaineann le srianta slándála eile, athbhreithnithe slándála agus measúnuithe riosca, imréitigh slándála, srianta ar chearta aistrithe agus rochtana, lena n-áirítear ceadúnais a dheonú chun coimircí iomchuí a áirithiú do na torthaí uile nó do thorthaí áirithe agus faisnéis eile arna giniúint nó arna húsáid ag an ngníomhaíocht.]

*Airteagal 11*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe le CEI**

1. Féadfar rannpháirtithe in CEI a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach in CEI, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus atá infheidhme maidir le:

(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le LEE, chomh maith le micreastáit Eorpacha (Andóra, Monacó, San Mairíne agus Cathair na Vatacáine), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha;

(b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(c) tíortha de Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime, sna prótacail agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach nó i gcomhaontuithe comhchosúla agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;

(d) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú idirnáisiúnta sonrach lena gcumhdaítear rannpháirtíocht an tríú tír in aon chlár de chuid an Aontais.

2. Maidir leis na comhaontuithe chun críoch rannpháirtíochta in CEI dá dtagraítear i mír 1, beidh na héifeachtaí a leanas acu:

(a) cothromaíocht a áirithiú leis an gcomhaontú a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach in CEI;

(b) na coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, do CEI agus dá chostais riaracháin ghinearálta;

(c) gan aon chumhachtaí cinnteoireachta sa chlár a thabhairt don tríú tír;

(d) cearta an Aontais a ráthú chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

(e) i gcás inarb ábhartha, cosaint leasanna straitéiseacha, slándála, cosanta agus oird phoiblí an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi na Rialacháin Airgeadais agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí lena bhforchuirfear oibleagáid airgid ar dhaoine seachas Stáit de réir bhrí Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

4. Féadfar comhaontuithe sonracha ar leith a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE le haghaidh gníomhaíochtaí faoi CEI a bhaineann leis an tsílándáil agus le soláthar seirbhísí urraithe agus le sócmhainní criticiúla don Aontas.

*Airteagal 12*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha tacaíochta ón Aontas**

1. Cuirfear CEI chun feidhme trí bhíthin cláir oibre i gcomhréir le hAirteagal 110 den Rialachán Airgeadais. Beidh na cláir oibre bliantúil nó ilbhliantúil. Tabharfar tús áite do chur chun feidhme CEI trí chláir oibre ilbhliantúla ag brath ar chineál agus ar chuspóir na ngníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme.

2. Cuirfear CEI chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

3. Gan dochar do na rialacha a leagtar amach in Airteagal 53a, comhlíonfaidh nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI forálacha ginearálta CEI mar a leagtar amach i gCaibidilí I agus II den Rialachán seo iad, a mbeidh forlámhas acu, i gcás coinbhleachta, ar aon rialacha eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí nó le gníomhartha cur chun feidhme ina dhiaidh sin.

4. I gcás ina mbaineann nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI le níos mó ná cuspóir sonrach amháin a leagtar amach in Airteagal 3(2), féadfar a shonrú sa chlár oibre, ar ar a bhonn a chinntear cé acu de na rialacha is infheidhme is iomchuí maidir le cineál agus saintréithe sonracha na gníomhaíochta atá i gceist agus, más infheidhme, cén chomhpháirt is ceannasaí, go bhfuil an nós imeachta dámhachtana le cur chun feidhme faoi na rialacha maidir le ceann de na cuspóirí sonracha lena mbaineann a leagtar amach i gCaibidlí IV go VII den Rialachán seo, de bhreis ar an Rialachán Airgeadais agus ar na rialacha ginearálta a leagtar amach i gCaibidlí I agus II den Rialachán seo. Maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3(2)(d)(2), beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i Roinn 2 de Chaibidil VII.

5. I gcomhréir le hAirteagal 192 den Rialachán Airgeadais, déanfar deontais a dhámhachtain i nósanna imeachta oscailte agus iomaíocha tar éis glao ar thograí a fhoilsiú, seachas sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 198 den Rialachán sin, lena n-áirítear i bpointe (e).

6. Féadfar tacaíocht ón Aontas a sholáthar i ngach foirm dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar, tabhartais neamhairgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, nó ionstraimí airgeadais.

7. I gcás ina gcuirfear tacaíocht ón Aontas ar fáil i bhfoirm ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear ráthaíocht nó ionstraimí arna gcomhcheangal le deontais nó cineálacha eile tacaíochta neamh-inaisíoctha in oibríochtaí measctha, cuirfear an tacaíocht sin chun feidhme i gcomhréir le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

8. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, lena n-áirítear deontas arna chomhcheangal in oibríochtaí measctha le foirmeacha eile tacaíochta in-aisíoctha nach bhfaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, soláthrófar an cistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais agus i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais i gcomhréir le hAirteagal 125(1), pointe (a), den Rialachán Airgeadais, nó, i gcás inar gá, roghanna costais simplithe. Féadfar cistiú a sholáthar freisin i bhfoirm aisíocaíocht iarbhír ar chostais incháilithe i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile nó i gcás ina bhfuil gá leis an bhfoirm sin chun go bhféadfadh foinsí eile cistiúcháin a bheith ann, lena n-áirítear maoiniú ó na Ballstáit.

9. I gcomhréir le hAirteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais, i gcás gníomhaíochtaí lena ndéantar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

10. Féadfar an riosca a bhaineann le haisghabháil na suimeanna atá dlite ag faighteoirí a chumhdach trí ranníocaíochtaí le sásra árachais fhrithpháirtigh a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht], agus measfar gur ráthaíocht leordhóthanach iad faoi Airteagal 155 den Rialachán. Ní ghlacfar le haon ráthú nó urrús breise ó thairbhithe ná ní fhorchuirfear orthu iad.

11. I gcás inar gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, féadfar codanna de CEI a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, de bhun na rialacha a bhunaítear faoi Airteagal 11 den Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus féadfar iad a shainaithint agus a chomhaontú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

11a. I gcás inar gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, féadfar codanna de CEI a chur chun feidhme trí chreat na dTionscadal Ilnáisiúnta arna bhunú i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2481, lena n-áirítear go háirithe na tionscadail sin a chuirtear chun feidhme trí na Cuibhreannais don Bhonneagar Digiteach Eorpach.

12. Anuas ar an bhforas a leagtar amach in Airteagal 132 den Rialachán Airgeadais, leis na nósanna imeachta dámhachtana agus na gealltanais dhlíthiúla a eascraíonn astu, déanfar foráil maidir leis an bhféidearthacht gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh i gcás nach dócha go mbainfear cuspóirí na gníomhaíochta amach ar chor ar bith nó laistigh de na hamlínte socraithe, nó i gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht ábhartha ó thaobh beartais de.

*Airteagal 13*

**Faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint**

1. Tabharfaidh an Coimisiún cosaint d’fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais ('FRAE') i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[42].

2. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanann sé leibhéal cosanta FRAE a thairiscint atá coibhéiseach leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle.[43]

2a. Ní fhéadfar FRAE a mhalartú ach amháin leis na tríú tíortha nó leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta a thug comhaontú i gcrích leis an Aontas maidir le malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe atá i bhfeidhm agus infheidhme.

2b. Faoi réir mhír 2a, féadfar rochtain ar FRAE a thabhairt do dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air i dtríú tír nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír i gcás ina measfar gur gá sin ar bhonn cás ar chás, de réir chineál agus inneachar na faisnéise sin, riachtanas eolais an fhaighteora agus mhéid an bhuntáiste don Aontas.

---

42 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, IO L 72, 17.3.2015, lgh. 53–88.

43 Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, IO [sr] L 274 , [sr] 15/10/2013, lgh. 1–50.

2c. I gcás ina mbíonn FRAE i gceist le conarthaí nó comhaontuithe deontais, i gcás ina n-éilítear FRAE ina leith, nó i gcás ina mbíonn FRAE iontu, sonróidh na húdaráis chonarthacha nó deonaithe ábhartha sa ghlao ar thograí nó ar thairiscintí na bearta agus ceanglais is gá chun slándáil na faisnéise sin a áirithiú ar an leibhéal is gá.

2d. Chun FRAE a chosaint, áiritheoidh na húdaráis chonarthacha nó deonaithe go mbeidh oibleagáidí na gconraitheoirí nó na dtairbhithe maidir le cosaint FRAE a úsáidtear nó a chruthaítear agus conarthaí nó comhaontuithe deontais á bhfeidhmiú, go mbeidh siad ina gcuid dhílis de na conarthaí nó de na comhaontuithe deontais sin. Tabharfar tuairisc ar cheanglais slándála a bhaineann go sonrach le conradh nó le deontas i ndoiciméad ar ghnéithe slándála. I gcás inarb ábhartha, tabharfar tuairisc ar na ceanglais slándála a bhaineann go sonrach le clár nó le tionscadal i dtreoir slándála cláir nó tionscadail.

2e. Chun a áirithiú go ndéanfar FRAE a rúnaicmiú ar bhealach comhsheasmhach, forbróidh an Coimisiún Treoracha maidir le Rúnaicmiú Slándála le cúnamh ó shaineolaithe slándála arna gceapadh ag na Ballstáit nó ag tíortha comhlachaithe a bhfuil na tairbhithe nó na conraitheoirí bunaithe ar a gcríoch.

3. Is iad córais mhalartaithe arna gcreidiúnú ag údarás inniúil um chreidiúnú slándála chun FRAE a chosaint ar an leibhéal rúnaicmithe slándála is gá a úsáidfear chun éascú a dhéanamh ar an malartú FRAE leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, le faighteoirí eile, lena n-áirítear na conraitheoirí agus na tairbhithe ábhartha.

4. Beidh rochtain ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá bainteach le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais ar fhaisnéis neamh-rúnaicmithe a bhfuil gá léi chun na nósanna imeachta dámhachtana, na conarthaí nó na comhaontuithe deontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear tuairisciú agus íocaíochtaí, chomh maith le seiceálacha, athbhreithnithe, iniúchtaí agus imscrúduithe a chur i gcrích.

4a. Ní fhéadfaidh rochtain ar FRAE a bheith ach ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a bhfuil rialacha agus nósanna imeachta slándála bunaithe acu chun FRAE a láimhseáil agus a stóráil, ar rialacha agus nósanna imeachta iad lena n-áirithítear leibhéal cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a áirithíonn an Coimisiún nó an Chomhairle, de réir mar is infheidhme. Ní dheonófar rochtain ar FRAE ach amháin ar bhonn riachtanais eolais do dhuine aonair atá údaraithe FRAE a rochtain ar an leibhéal ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 13a*

**Nósanna imeachta dámhachtana a chosaint**

1. Ag gach céim de na nósanna imeachta dámhachtana faoi CEI a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe, déanfar faisnéis riaracháin nach bhfuil rúnaicmithe agus atá riachtanach chun meastóireacht, dámhachtain nó iniúchadh a dhéanamh ar thacaíocht ón Aontas, ach í a bheith teoranta d'fhaisnéis dhlíthiúil, airgeadais agus nós imeachta, déanfar an fhaisnéis sin a láimhseáil i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(a) measfar go bhfuil sí cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla;

(b) ní bheidh sí inrochtana ach d'fhaighteoirí a bhfuil riachtanas eolais acu;

(c) déanfar a tarchur leictreonach a chriptiú i gcomhréir le ceanglais an eintitis seolta;

(d) déanfar úsáideoirí Córais Cumarsáide agus Faisnéise (CFC) a láimhseálann an fhaisnéis sin a shainaithint sula ndeonófar rochtain dóibh ar CFC agus déanfar iad a fhíordheimhniú ar leibhéal dearbhaithe is iomchuí don leibhéal riosca measúnaithe;

(e) coinneofar faoi rialú sealbhóra atá faoi dhliteanas í.

## ROINN 3

## RIALACHAS

*Airteagal 13b*

**Ról comhairleach straitéiseach Choiste Ginearálta CEI**

1. Cuirfidh Coiste Ginearálta CEI dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (a), comhairle ar an gCoimisiún agus soláthróidh sé moltaí maidir leis an méid seo a leanas, de bhreis ar a ról mar choiste de réir bhrí Rialachán (AE) 2011/182:

(a) treo straitéiseach foriomlán agus tosaíochtaí CEI, agus na cuspóirí ginearálta a leagadh amach in Airteagal 3(1) den Rialachán seo á gcur san áireamh;

(aa) treochtaí iomaíochais fadtéarmacha, réimsí clistí margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamaí;

(b) tacaíocht do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht eintiteas ag a bhfuil níos lú taithí in CEI a éascú;

(c) comhar a éascú i measc na mBallstát trí dheiseanna a eascraíonn as a gcuspóirí agus a dtosaíochtaí náisiúnta maidir le beartais thionsclaíocha a ghiaráil, lena n-áirítear maidir le comhar trasteorann agus rannpháirtíocht a leathnú ar fud an Aontais;

(ca) an t-oiriúnú is gá a dhéanamh ar thosaíochtaí i bhfianaise dálaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn;

(cb) an nasc idir taighde, an nuálaíocht agus an beartas tionsclaíoch a neartú chun cur chuige comhtháite a sholáthar feadh an aistir infheistíochta.

2. Féadfaidh Coiste Ginearálta CEI faisnéis a mhalartú freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo.

2a. Ina ról comhairleach de bhun an Rialacháin seo, breithneoidh Coiste Ginearálta CEI, i measc nithe eile, an treoshuíomh a áirítear sna gníomhartha arna nglacadh faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas, na moltaí arna soláthar ag Bord Páirtithe Leasmhara CEI agus torthaí na gcomhairliúchán faoi na hardáin théamacha.

3. Ag a chéad chruinniú ina ról comhairleach, glacfaidh Coiste Straitéiseach CEI, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, na rialacha nós imeachta a bheidh le leanúint nuair a ghníomhaíonn an Coiste Ginearálta CEI ina ról comhairleach.

4. Tionólfar cruinnithe Choiste Ginearálta CEI ina ról comhairleach straitéiseach mar a leanas:

(i) Tionólfaidh Coiste Ginearálta CEI gnáthchruinnithe i gcáil comhairleach uair amháin sa bhliain ar a laghad agus níos minice arna iarraidh sin do thromlach simplí de na Ballstáit. Tionólfaidh an Coimisiún na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre, tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí Choiste Ginearálta CEI, i gcomhréir le ról comhairleach Choiste Ginearálta CEI de bhun an Rialacháin seo agus leis na rialacha nós imeachta lena ngabhann. Eagrófar cruinnithe comhpháirteacha idir Coiste Ginearálta CEI faoina ról comhairleach agus foirmíocht straitéiseach an Choiste faoi Airteagal 17b de [Chinneadh ón gComhairle – Fís Eorpach 2025/0544] ina ról comhairleach, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ábharthacht choiteann ag baint leo a bhaineann leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta comhoibríocha arna gcistiú ag an gcomhpháirt 'iomaíochas' de Cholún II den chlár Fís Eorpach.

(ii) I dteannta na ngnáthchruinnithe a dtugtar tuairisc orthu i bpointe (i), sula ndéanfar na chéad chláir oibre a ullmhú agus 3 bliana tar éis thús an Chláir, tionólfaidh Coiste Ginearálta CEI cruinniú straitéiseach ar leibhéal iomchuí chun moltaí a sholáthar maidir leis an treoir straitéiseach fhoriomlán agus na tosaíochtaí foriomlána chun CEI a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. I gcás na míreanna ar an gclár oibre lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhfuil ábharthacht choiteann ag baint leo a bhaineann leis na gníomhaíochta taighde agus nuálaíochta chomhoibríocha arna gcistiú ag an gcomhpháirt 'iomaíochas' de Cholún II de Fís Eorpach, beidh an cruinniú ina sheisiún comhpháirteach le foirmíocht straitéiseach an Choiste faoi Airteagal 17b de [Cinneadh ón gComhairle – Fís Eorpach 2025/0544] agus é ag gníomhú ina ról comhairleach.

(iii) Chun na cruinnithe straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (ii) a ullmhú, beidh na Ballstáit in ann ionchur straitéiseach a sholáthar ag céim luath maidir leis an treo straitéiseach foriomlán do CEI agus na gnéithe ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear treochtaí iomaíochais fadtéarmacha agus réimsí clistí margaidh. Ullmhóidh an Coimisiún doiciméad straitéiseach ilbhliantúil CEI maidir leis an treoir straitéiseach fhoriomlán agus na tosaíochtaí straitéiseacha foriomlána do CEI, lena gcumhdaítear freisin na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta comhoibríocha arna gcistiú ag an gcomhpháirt ‘iomaíochas’ de Cholún II de Fís Eorpach, agus ionchur na mBallstát á chur san áireamh chomh maith le hanailísí ábhartha agus ionchur fianaisebhunaithe ó pháirtithe leasmhara eile, de réir mar is iomchuí. Pléifear an doiciméad seo ag na cruinnithe straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (ii).

(iv) Cuirfear na moltaí a eascraíonn as an bplé ag na cruinnithe straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (ii) san áireamh, gan ceangal a chur ar an gCoimisiún, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme.

*Airteagal 14*

**Bord Páirtithe Leasmhara CEI**

1. Bunaítear Bord Páirtithe Leasmhara CEI.

2. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord Páirtithe Leasmhara CEI, tar éis próiseas trédhearcach agus glao oscailte ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, cibé acu is iomchuí dar leis an gCoimisiún. Agus comhaltaí Bhord Páirtithe Leasmhara CEI á gceapadh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an gá le cothromaíocht earnála a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar earnálacha straitéiseacha, ar chineál na heagraíochta, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha, ionadaithe ón tionscal agus saineolaithe taighde agus nuálaíochta, mar shamplaón saol acadúil, agus ar mhéid na heagraíochta, lena n-áirítear ionadaithe FBManna, saineolas, inscne, aois agus dáileadh geografach. Beidh téarma na gcomhaltaí teoranta do 4 bliana, ar féidir é a athnuachan aon uair amháin. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird le hionracas agus le macántacht.

3. Bunóidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le roghnú agus comhdhéanamh, luach saothair, rialacha nós imeachta, coinbhleachtaí leasa agus rúndacht do Bhord Páirtithe Leasmhara CEI. Beidh comhaltaí Bhord Páirtithe Leasmhara CEI faoi cheangal ag na rialacha sin.

4. Tabharfaidh Bord Páirtithe Leasmhara CEI, bunaithe ar fhaireachlann maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, comhairle maidir le treo foriomlán CEI, trí chomhairle a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

(a) treochtaí iomaíochais fadtéarmacha agus réimsí clistí margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i gcur chun feidhme CEI;

(b) punanna straitéiseacha tionscadal a shainaithint laistigh de ghníomhaíochtaí CEI agus trasna na ngníomhaíochtaí sin.

Chun comhairle a chur ar fáil de bhun phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh Bord Páirtithe Leasmhara CEI a bheith comhdhéanta i bhfoirmíochtaí éagsúla atá dírithe ar bheartais éagsúla.

4a. Déanfar an chomhairle a chuirfidh Bord Páirtithe Leasmhara CEI ar fáil a chomhroinnt le Coiste Ginearálta CEI dá dtagraítear in Airteagal 13b.

*Airteagal 14a*

**Ardáin théamacha**

Cuirfidh an Coimisiún ardáin théamacha chomhoibríocha ar fáil lena áirithiú go rachfar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara maidir le forbairt na gclár oibre. D’fhéadfaí comhairliúchán trastéamach a áireamh leis sin chun comhleanúnachas a áirithiú idir cláir oibre maidir le saincheisteanna de chineál cothrománach, go háirithe maidir le FBManna.

*Airteagal 14b*

**Coiste Infheistíochta faoin Ionstraim InvestEU CEI**

5. Bunófar Coiste Infheistíochta atá go hiomlán neamhspleách faoi Ionstraim InvestEU CEI (an 'Coiste Infheistíochta').

6. Tiocfaidh an Coiste Infheistíochta le chéile i bhfoirmíochtaí éagsúla a chomhfhreagróidh do na hionuithe beartais a leagtar síos in Airteagal 1, mír 2. Áiritheofar le comhdhéanamh gach foirmíochta go ndéanfar ionadaíocht ar shaineolas leathan sna hearnálacha eacnamaíocha agus teicneolaíochta lena mbaineann an t-ionú beartais sonrach, agus sna margaí geografacha san Aontas agus sna slabhraí luacha domhanda. Beidh comhdhéanamh an Choiste Infheistíochta cothrom ó thaobh na hinscne de.

6a. Comhlíonfaidh an Coiste Infheistíochta a dhualgais go neamhchlaonta agus chun leasa CEI amháin. Ní lorgóidh comhaltaí an Choiste Infheistíochta treoracha ó na comhpháirtithe cur chun feidhme, ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit, ná ó aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile, ná ní ghlacfaidh siad lena leithéid.

7. Scrúdóidh an Coiste Infheistíochta na tograí le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm oibríochtaí creata, arna gcur isteach ag comhpháirtithe cur chun feidhme lena gcumhdach faoi Ionstraim InvestEU CEI agus fíoróidh sé go gcomhlíonann siad na rialacha is infheidhme faoi Ionstraim InvestEU CEI agus na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a), agus aird á tabhairt ar an nochtadh do leibhéil riosca níos airde a mbíonn gníomhaithe príobháideacha airgeadais in ann nó toilteanach a ghlacadh, agus i bpointí (b), (d) agus (h) d'Airteagal 212(2) den Rialachán Airgeadais. Sa scrúdú a dhéanfaidh sé, cuirfidh an Coiste Infheistíochta san áireamh na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 agus sna treoirlínte infheistíochta. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Infheistíochta cinneadh maidir le formheas na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá beartaithe lena gcumhdach faoi Ionstraim InvestEU CEI.

7a. Bunóidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le roghnú agus comhdhéanamh, luach saothair, rialacha nós imeachta, coinbhleachtaí leasa agus rúndacht don Choiste Infheistíochta.

*Airteagal 14b*

**Bord Comhairleach faoi Ionstraim InvestEU CEI**

7aa. Bunófar Bord Comhairleach faoi Ionstraim InvestEU CEI (an 'Bord Comhairleach').

8. Beidh an Bord Comhairleach comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach comhpháirtí cur chun feidhme agus d'ionadaí amháin ó gach Ballstát. Déanfaidh an Bord Comhairleach athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar thionchar Ionstraim InvestEU CEI, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó na Ballstáit mar a fhoráiltear in Airteagal 5(1) agus cláir eile de chuid an Aontais mar a fhoráiltear in Airteagal 23(2), agus faisnéis arna soláthar ag an gCoimisiún ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme Ionstraim InvestEU CEI á cur san áireamh, lena n-áirítear giaráil, iolraitheoir, slógadh caipitil phríobháidigh agus measúnú ar leordhóthanacht ráta soláthair na ráthaíochta buiséadaí i gcomhréir le hAirteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais, agus maidir leis an gcomhairle tionscadail, ar mhaithe le comhleanúnachas foriomlán CEI. Cuirfidh an Bord Comhairleach comhairle ar fáil maidir le dearadh táirgí airgeadais, maidir le maoiniú príobháideach a ghiaráil chun tacú le tosaíochtaí agus tionscnaimh bheartais an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid um Uas-scálú dá dtagraítear in Airteagal 22, agus maidir leis an treo straitéiseach agus oibríochtúil ina réimse inniúlachta, lena n-áirítear i ndáil le treoirlínte infheistíochta, sa tslí is go n-áiritheofar ailíniú le tosaíochtaí tionsclaíocha agus iomaíochais an Aontais. Cuirfidh sé comhairle ar fáil freisin maidir leis an gcomhordú le CNE chun comhlántacht le cistiú eile ón Aontas nó le hinfheistíochtaí príobháideacha a áirithiú. Is ionadaí ón gCoimisiún a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an mBord Comhairleach. Is é nó is í ionadaí Ghrúpa BEI a bheidh ina leas-chathaoirleach air.

9. Bunóidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le comhdhéanamh agus na rialacha nós imeachta, lena n-áirítear rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa agus rúndacht, don Bhord Comhairleach.

10. Bunóidh an Coimisiún Idirphlé rialta maidir le hAthbhreithniú Beartais le gach comhpháirtí cur chun feidhme chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na dtáirgí airgeadais agus na socruithe airgeadais agus chun dul i ngleic le forbairtí beartais ábhartha.

# Caibidil II
# BOSCA UIRLISÍ CEI

## ROINN 1
## DEONTAIS, SOLÁTHAR AGUS UIRLISÍ COMHORDAITHE BEARTAIS THIONSCLAÍOCH

*Airteagal 15*

**Cláir oibre**

1. Leagfar amach leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 12 an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí agus buiséad gaolmhar ó CEI chomh maith le gníomhaíochtaí a leagtar amach sa chuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre dá dtagraítear i mír 2;

(b) ionstraimí agus na cineálacha cistiúcháin;

(c) incháilitheacht agus, i gcás inarb infheidhme, critéir dhámhachtana;

(d) ráta cómhaoinithe aonair in aghaidh na gníomhaíochta le haghaidh deontais costais iarbhír;

(e) gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh a bunaíodh faoi Rialachán (AE) [XXX] [Fís Eorpach] ina leith;

(f) rialacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le níos mó ná cuspóir sonrach amháin;

(g) gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag rialacha sonracha maidir leo, go háirithe maidir le húinéireacht, saothrú agus scaipeadh, aistriú agus ceadúnú mar aon le cearta rochtana ar thorthaí;

(h) gníomhaíochtaí a bhaineann tairbhe as na sásraí a leagtar amach in Airteagal 20 agus na cúiseanna lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm na sásraí sin;

(ha) i gcás inarb infheidhme, an fhéidearthacht Séala Iomaíochais dá dtagraítear in Airteagal 8 a dhámhachtain, agus coinníollacha breise maidir leis an dámhachtain sin, más ann dóibh;

(hb) i gcás inarb infheidhme, úsáid uirlisí comhordaithe beartais thionsclaíoch dá dtagraítear in Airteagail 16 go 19 den Rialachán seo, lena n-áirítear rialacha maidir leis na huirlisí sin a úsáid sna cásanna sonracha;

(hc) i gcás inarb infheidhme, na cásanna sonracha eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo faoi Airteagal 20(2), pointí (a), (b) agus (c).

1a. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cláir oibre lena gcuirfear chun feidhme na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), agus na gníomhaíochtaí cothrománacha dá dtagraítear i gCaibidil III. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

2. Déanfar na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de [Fís Eorpach], mar aon lena mbuiséad tiomnaithe, a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre arna nglacadh i gcomhréir le mír 1a.

2a. Tabharfar tuairisc i gcuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre ar an gcaoi a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le FBManna, lena n-áirítear Airteagal 29 agus a bhearta saincheaptha a chur san áireamh chun rannpháirtíocht éifeachtach FBManna a áirithiú.

6. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann leis an ngá le haghaidh freagairt láithreach ar ghéarchéim nó ar éigeandálaí eisceachtúla comhchosúla agus cuí-réasúnaithe eile, féadfaidh an Coimisiún clár oibre a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 83(4).

*Airteagal 16*

**Tógálaí slabhraí luacha an mhargaidh aonair**

1. Chun slabhraí luacha athléimneacha an Aontais a chothú agus an margadh aonair a threisiú, féadfar a áireamh sna cláir oibre, i gcás earnálacha straitéiseacha, slabhraí luacha tiomnaithe chun glaonna iomaíocha a mhéadú a d'fhéadfadh rannchuidiú le hathléimneacht agus slándáil eacnamaíoch an Aontais trí shlabhraí luacha criticiúla an Aontais a neartú agus a choimirciú agus trí fhoinsí soláthair a éagsúlú, go háirithe ó shlabhraí luacha comhtháthaithe an Aontais.

1a. Tacóidh na glaonna dá dtagraítear i mír 1 le hullmhú tionscadal agus le caipiteal poiblí breise agus, go háirithe, caipiteal príobháideach a phlódú isteach chun soláthróirí, monaróirí agus nuálaithe ó Bhallstáit éagsúla a chomhtháthú agus chun foinsí soláthair a éagsúlú.

1b. Féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre maidir le glaonna tiomnaithe lena ndírítear ar FBManna nó féadfar bearta sonracha a áireamh ann chun rannpháirtíocht FBManna sna cuibhreannais a éascú, d'fhonn comhar trasteorann a neartú agus rannpháirtíocht a leathnú ar fud an Aontais. Déanfar tograí a thíolacfar faoi ghlaonna den sórt sin a mheasúnú ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 9a(1).

*Airteagal 17*

**Ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais**

1. Féadfar a áireamh sna cláir oibre nósanna imeachta dámhachtana dhá chéim tiomnaithe ón mbun aníos chun ceannródaithe teicneolaíochta an Aontais a shainaithint agus chun tacú leo trí chuibhreannais atá dírithe ar an tionscal, agus a ról mar spreagthóirí nuálaíochta agus onnmhairiúcháin á ghiaráil, agus chun a seasamh iomaíoch domhanda a neartú mar aon lena gcomhpháirtithe agus a soláthraithe ar FBManna Eorpacha iad trí infheistíochtaí a dhéanamh i réitigh nua agus trí chomhpháirtithe ábhartha a shainaithint. Féadfar tacú le hullmhú tionscadail chomh maith le caipiteal poiblí agus, go háirithe, príobháideach breise a phlódú isteach.

2. Ag an gcéad chéim de na nósanna imeachta dámhachtana dá dtagraítear i mír 1, féadfar glao oscailte, iomaíoch agus trédhearcach ar léiriú spéise le haghaidh earraí, oibreacha nó seirbhísí a d'fhéadfadh cur le hiomaíochas an Aontais i gcoitinne, nó in earnáil shonraithe, a fhoilsiú gan sonrú a dhéanamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí ná ar an ionstraim um chur chun feidhme an bhuiséid atá le húsáid.

3. Ag an dara céim de na nósanna imeachta dámhachtana dá dtagraítear i mír 2, tacófar le caipiteal poiblí agus, go háirithe, príobháideach breise a anailísiú agus a phlódú isteach.

4. Déanfar tograí agus tairiscintí arna dtíolacadh i nósanna imeachta dámhachtana dá dtagraítear i mír 1 a mheas agus a rangú bunaithe ar chritéir dhámhachtana i gcomhréir le hAirteagal 9a.

5. Cinnfidh an coiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais an ionstraim is iomchuí um chur chun feidhme an bhuiséid, agus molfaidh sé uasmhéid agus foirm ranníocaíocht an Aontais chomh maith.

*Airteagal 18*

**Gníomhaíochtaí chun borradh a chur faoin táirgeadh**

1. De bhun Airteagal 196(2)(a) den Rialachán Airgeadais, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfar ranníocaíochtaí airgeadais, i gcás inar gá chun tionscadail mhonaraíochta a chur chun feidhme atá fíor-riachtanach chun athléimneacht an Aontais a threisiú, mar a thagraítear in Airteagal 3(1)(b) dóibh, nó le haghaidh na ngníomhaíochtaí is gá chun slándáil, athléimneacht nó leanúnachas seirbhíse a áirithiú chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (d), féadfar iad a dhámhachtain ar ghníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo suas le 9 mí roimh an dáta a tíolacadh an togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

2. Leagfar amach sna cláir oibre nó sna doiciméid a bhaineann leis na nósanna imeachta dámhachtana coinníollacha sonracha chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht riachtanach agus comhréireach, go n-áirithítear léi nach gceadaíonn breisíocht airgeadais róchúiteamh agus cistiú dúbailte, go mbeidh sí sealadach, go laghdófar í le himeacht ama agus go leanann sí le nósanna imeachta dámhachtana iomaíocha atá bunaithe ar thionchar.

*Airteagal 19*

**[Breisithe le haghaidh TTLECanna]**

1. [Féadfaidh CEI tacú leis an méid seo a leanas:

   (a) tionscadail atá rannpháirteach go díreach in TTLEC arna fhormheas ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 107(3), pointe (b), de CFAE;

   (b) na tionscadail leantacha bunaithe ar thorthaí ó TTLECanna, ag brath ar infheistíochtaí príobháideacha suntasacha.

2. Beidh aon tacaíocht ó CEI le haghaidh TTLECanna dá dtagraítear i mír 1 coinníollach ar chómhaoiniú náisiúnta.]

*Airteagal 20*

**Gníomhaíochtaí Luathaithe agus Spriocdhírithe ar mhaithe leis an Iomaíochas**

1. [Chun an fhéidearthacht tacaíocht ón Aontas a chruthú nó a éascú do ghníomhaíochtaí a bhfuil leas poiblí dianriachtanach nó íogaireacht ama chriticiúil ag baint leo, ar gníomhaíochtaí iad nach bhféadfaí a chur chun feidhme go héifeachtach ar shlí eile faoi na gnáthrialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais nó maidir le beartais earnála, féadfar nósanna imeachta dámhachtana áirithe a shainaithint sna cláir oibre, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as breiseanna, eisceachtaí agus maoluithe áirithe ón dlí is infheidhme, le linn an nós imeachta dámhachtana nó le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo, faoi na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá an ghníomhaíocht riachtanach agus iomchuí chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí ginearálta nó sonracha an chláir;

   (b) tá údar cuí leis an ngníomhaíocht mar gheall ar leas poiblí dianriachtanach, agus/nó go bhfuil sé íogair ó thaobh ama de, nó an dá rud;

   (c) ní féidir an ghníomhaíocht a chur chun feidhme go héifeachtach ar shlí eile faoi na gnáthrialacha is infheidhme maidir le nósanna imeachta dámhachtana.]

2. I gcomhréir le mír 1, féadfar ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le nós imeachta um dhámhachtain:

(a) maidir le deontais, gan dochar d'úsáid nósanna imeachta iomaíocha i gcás inarb iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 192(1) agus sa bhreis ar Airteagal 198 den Rialachán Airgeadais, féadfar a shonrú sna cláir oibre i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a mbeidh údar cuí leo go mbeidh nós imeachta um dhámhachtain i bhfoirm idirghabháil spriocdhírithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) uasmhéid a leagan amach ar féidir tograí a shainaithint agus cuireadh a thabhairt dóibh ina leith, ar tograí iad ar bronnadh Séala Iomaíochais orthu dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo ach nach bhfuair cistiú ón Aontas de dheasca easpa buiséid. Féadfar a iarraidh ar na hiarratasóirí a dtogra a chur isteach arís gan ghlao. I gcás ina dtíolacfar an togra arís gan athrú substaintiúil, féadfaidh an t-údarás deonúcháin a chinneadh brath go hiomlán ar an meastóireacht dhearfach a rinneadh roimhe sin agus ar aon rialú a rinneadh roimhe sin agus ar dhoiciméid tacaíochta a cuireadh isteach. Tabharfar bunús cuí leis na cúiseanna le dámhachtain na gníomhaíochta aonair sa chinneadh dámhachtana agus foilseofar liosta na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9) den Rialachán Airgeadais; nó

(2) gníomhaíocht agus tairbhithe nó réimse beartais agus catagóirí tairbhithe a shainaithint, agus uasmhéid a leagan amach a bhféadfar cuireadh a thabhairt do thograí ina leith chun síneadh a chur le gníomhaíochtaí faoi CEI nó faoi chláir eile de chuid an Aontais, chun leanúint de ghníomhaíochtaí nó d'eintitis nó chun gníomhaíochtaí nó eintitis bhreise a chur leo, nó chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thorthaí. I gcás nach sainaithnítear gníomhaíochtaí agus tairbhithe ina n-aonar sa chlár oibre, tabharfar bunús cuí leis na cúiseanna le dámhachtain na gníomhaíochta aonair sa chinneadh dámhachtana agus foilseofar liosta na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9) den Rialachán Airgeadais. Féadfaidh an dámhachtain a chur i bhfoirm leasaithe ar an ngníomhaíocht bhunaidh trí ghníomhaíochtaí nua a chur léi agus trí ranníocaíocht uasta an Aontais a mhéadú; nó

(3) gníomhaíocht a shainaithint, i gcásanna eisceachtúla nach bhféadfadh aon cheann de na gníomhaíochtaí eile dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2) cuspóir na gníomhaíochta a bhaint amach, ar gníomhaíocht í a bhfuil údar maith agus géarghá léi ar mhaithe le leas poiblí an Aontais agus na dtairbhithe nó na gcatagóirí de thairbhithe a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh togra a chur isteach gan ghlao. Tabharfar bunús cuí leis na cúiseanna le dámhachtain na gníomhaíochta aonair sa chinneadh dámhachtana agus foilseofar liosta na ngníomhaíochtaí arna ndámhachtain sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9) den Rialachán Airgeadais.

(b) de mhaolú ar Airteagail 199, 201 agus 203 den Rialachán Airgeadais maidir le deontais nó ar Airteagal 170(1), pointí (b) agus (c), agus (2) den Rialachán sin maidir le soláthar, féadfar a shonrú sna cláir oibre, i gcásanna eisceachtúla a mbeidh údar cuí leo, go mbeidh nós imeachta dámhachtana i bhfoirm idirghabháil luathaithe chun an méid a leanas a dhéanamh:

(1) na ceanglais maidir leis an gcinneadh dámhachtana agus síniú na ngealltanas dlíthiúil a laghdú chuig réamh-mheastóireacht ar chritéir dhámhachtana agus eisiaimh. I gcás mar sin, déanfar an cinneadh dámhachtana bunaithe ar fhéindearbhú iarratasóirí agus tairgeoirí maidir le critéir roghnúcháin agus incháilitheachta, agus ar an mbonn sin amháin, gan doiciméid tacaíochta chomhfhreagracha a iarraidh le linn na réamh-mheastóireachta; déanfar an mheastóireacht deiridh, lena n-áirítear meastóireacht le haghaidh critéir roghnúcháin agus incháilitheachta, agus na hiarrataí ar aon doiciméad tacaíochta ábhartha laistigh de 3 mhí ó shíniú an ghealltanais dhlíthiúil; agus

(2) a éileamh go dtabharfaí fógra faoi thorthaí na réamh-mheastóireachta do na hiarratasóirí nó do na tairgeoirí laistigh de 30 lá féilire ón sprioc-am chun tograí nó tairiscintí a thíolacadh. Déanfar an cinneadh dámhachtana laistigh de 60 lá féilire ón sprioc-am chun tograí nó tairiscintí a thíolacadh agus déanfar é a dhíolmhú, i gcás inarb infheidhme, ó na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 83. Ní íocfar aon réamh-mhaoiniú go dtí go gcríochnófar an mheastóireacht chríochnaitheach.

(c) de mhaolú ar Airteagal 9 den Rialachán seo, féadfar a shonrú sna cláir oibre, i gcásanna eisceachtúla a mbeidh údar cuí leo, go mbeidh nós imeachta dámhachtana i bhfoirm idirghabhála aslaigh chun go bhféadfar comhlíonadh cuid shonraithe de na critéir incháilitheachta le linn an nós imeachta dámhachtana agus codanna de chur chun feidhme na gníomhaíochta a tharscaoileadh go sealadach agus go coinníollach, go háirithe maidir leis an áit bhunaíochta. Ina ionad sin, bainfear amach comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a tharscaoiltear go sealadach agus déanfar meastóireacht air le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta laistigh de thréimhse ama a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil. Mura gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a tarscaoileadh go sealadach ar an dáta sonraithe, measfar go bhfuil an ghníomhaíocht neamh-incháilithe ina hiomláine agus déanfar aon chistiú ón Aontas a aisghabháil go hiomlán. Maidir le hidirghabhálacha spreagtha, ní íocfar aon réamh-mhaoiniú;

(d) féadfaidh na cláir oibre nósanna imeachta speisialta dámhachtana dhá chéim a bhunú ón mbun aníos i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(1) le linn na chéad chéime, féadfar glao ar léiriú spéise a sheoladh gan sonrú a dhéanamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí ná ar an ionstraim um chur chun feidhme an bhuiséid atá le húsáid, chun é a chur ar a gcumas d’iarratasóirí, do thairgeoirí agus d’eintitis a bhfuil measúnú colúin déanta orthu tograí tionscadail nó tairiscintí ar earraí, oibreacha nó seirbhísí a chur isteach a d’fhéadfadh cur le hiomaíochas an Aontais go ginearálta nó in earnáil shonraithe;

(2) déanfar meastóireacht agus rangú ar thograí agus ar thairiscintí bunaithe ar chritéir dhámhachtana i gcomhréir le hAirteagal 9a den Rialachán seo. Cinnfidh an coiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais an ionstraim is iomchuí um chur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe deontas, soláthar, tabhartais neamhairgeadais, comhaontuithe ranníocaíochta nó tacaíocht eile, agus molfaidh sé uasmhéid agus foirm ranníocaíocht an Aontais chomh maith;

(3) le linn an dara céim, laistigh den bhuiséad atá ar fáil, iarrfar ar thionscadail nó ar thairiscintí ar a ndearnadh meastóireacht rathúil a dtogra nó a dtairiscint a choigeartú agus a thabhairt chun críche i gcomhréir le conclúidí an choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais. Seachas sin, leanfaidh an nós imeachta dámhachtana ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo, de réir mar is infheidhme maidir leis an ionstraim ábhartha um chur chun feidhme an bhuiséid.

2a. Beidh na nósanna imeachta dámhachtana a chuirfear i gcrích faoin Airteagal seo eisceachtúil i gcónaí, seachnófar saobhadh míchuí ar an iomaíocht leo, agus ní áireofar iontu an sciar is mó den bhuiséad a leithdháilfear faoi chlár oibre ar leith. Ní chuirfear na nósanna imeachta sin chun feidhme ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leo i gcomhréir leis an sainmhíniú dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe 8, agus i gcás nach bhféadfaí an ghníomhaíocht a chur chun feidhme go héifeachtach ar shlí eile, mar a léirítear i mír 1, tar éis cliseadh margaidh nó cás infheistíochta fo-optamaí arna shainaithint go soiléir, nó cás íogaireachta ama criticiúla, agus ar choinníoll go n-áirithítear rochtain chothrom, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach do gach rannpháirtí incháilithe sa mhargadh.

3. I gcomhréir le mír 1, i gcás gníomhaíochtaí lena gceanglaítear pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí arna gcistiú faoi nósanna imeachta dámhachtana, féadfar a chinneadh leis na cláir oibre, ag brath ar chineál na gníomhaíochta, gur chun leas an phobail í agus go bhféadfadh sí a bheith ina cúis leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1), pointe (c), de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[44] agus Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45], go bhféadfadh sí a bheith ar mhaithe le cosaint de réir bhrí Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], agus go bhféadfadh sí a bheith agus ar mhaithe leis an tsláinte agus an tsábháilteacht phoiblí de réir bhrí Airteagal 9(1), pointe (a) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i ngníomhartha dlí an Aontais, lena n-áirítear an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, nó an Omnibus um Ullmhacht Cosanta (COM(2022)349), ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach sna forálacha sin.

---

**44** Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

**45** Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

**46** Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

**47** Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

## ROINN 2

## IONSTRAIM INVESTEU CEI

*Airteagal 21*

**Creat ginearálta**

1. Mar uirlis seachadta chothrománach le haghaidh bheartais inmheánacha an Aontais, beidh in Ionstraim InvestEU CEI an ráthaíocht bhuiséadach agus na hionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (9) agus (30) faoi seach, den Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, chun rannchuidiú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Féadfar Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme i sineirgíocht le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais nó le gníomhaíochtaí náisiúnta eile, lena n-áirítear trí urranna do na Ballstáit.

2. Rachaidh Ionstraim InvestEU CEI i ngleic le cásanna de chliseadh margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamaí. Féadfaidh Ionstraim InvestEU CEI, go háirithe, tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe cur chun feidhme trí iasachtaí, ráthaíochtaí, frithráthaíochtaí, ionstraimí margaidh caipitil, aon chineálacha eile cistiúcháin nó feabhsaithe creidmheasa, lena n-áirítear fofhiachas, nó infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, a sholáthraítear go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaithe airgeadais, cistí, ardáin infheistíochta nó meáin eile a bheidh le tarchur chuig faighteoirí deiridh.

3. [Is é EUR 70 000 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh in uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí faoi Urrann an Aontais d'Ionstraim InvestEU CEI.] Déanfar soláthar dó ar ráta 50 %.

3a. Deonófar [X] % de ráthaíocht an Aontais faoi urrann an Aontais d'Ionstraim InvestEU CEI do Ghrúpa BEI.

4. Modh fabhrach cur chun feidhme faoi CEI a bheidh sa tacaíocht trí Ionstraim InvestEU CEI. [Is é EUR 17 000 000 000 íosmhéid na tacaíochta ón Aontas ó CEI a sholáthrófar trí Ionstraim InvestEU CEI, a úsáidfear chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3.] Déanfar íosmhéid na tacaíochta ón Aontas ó CEI a sheachadtar trí Ionstraim InvestEU CEI a mhéadú tuilleadh faoi chuid de na ranníocaíochtaí ó na méideanna táscacha do na ceithre ionú beartais a bhunaítear in Airteagal 4 trí na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 agus cláir eile de chuid an Aontais. Beidh na ranníocaíochtaí sin cothrom le [Y] % ar a laghad de na leithdháiltí comhcheangailte ar ionuithe beartais dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (b) go (e), agus úsáidfear iad le haghaidh chuspóirí sonracha ábhartha na n-ionuithe beartais faoi seach a leagtar amach in Airteagal 3(2). Úsáidfear na ranníocaíochtaí chun an ráthaíocht bhuiséadach a sholáthar nó chun ionstraimí airgeadais a mhaoiniú, lena n-áirítear na cinn sin de chuid na Saoráide um Uas-scálú dá dtagraítear in Airteagal 22.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte infheistíochta a ghlacadh mar ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 84 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí raon feidhme na hidirghabhála a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3. Déanfar na treoirlínte infheistíochta a ullmhú i ndlúth-idirphlé le Grúpa BEI agus le comhpháirtithe cur chun feidhme ionchasacha eile. Leis na treoirlínte infheistíochta, spreagfar comhpháirtithe cur chun feidhme chun rioscaí níos suntasaí a ghlacadh.

6. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an soláthar dá dtagraítear i mír 3:

(a) déanfar an ráta soláthair a mheasúnú gach bliain, agus an riosca punainne á chur san áireamh, agus i gcomhréir leis an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 41(5) den Rialachán Airgeadais, agus meastóireacht shonrach á déanamh ar leordhóthanacht an ráta soláthair maidir le riosca iarbhír na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear le hIonstraim InvestEU CEI;

(b) chun críche tacaíochta faoi chláir eile de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 23(2), déanfar an soláthar as an gclár eile sin de chuid an Aontais;

(c) déanfar an soláthar a ghealladh go dtí an 31 Nollaig 2034 agus cuirfear san áireamh ann an dul chun cinn maidir leis an ráthaíocht bhuiséadach a dheonú faoi Ionstraim InvestEU CEI;

(d) i gcomhréir le hAirteagal 214(2) den Rialachán Airgeadais, tiomsófar an soláthar dá dtagraítear go dtí an 31 Nollaig 2037 agus cuirfear san áireamh ann an dul chun cinn maidir le formheas agus síniú na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 chun mír 3 a leasú chun an ráta soláthair a choigeartú agus chun uasmhéid na ráthaíochta buiséadaí a choigeartú le suas le 20 % den mhéid sin, i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíocha agus airgeadais.

*Airteagal 22*

**Saoráid um Uas-scálú**

2. Déanfaidh an Coimisiún Saoráid um Uas-scálú a fhorbairt i gcomhar le Grúpa BEI, le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile agus le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh. Is iad na comhpháirtithe cur chun feidhme a chuirfidh chun feidhme é.

2a. Áiritheoidh an tSaoráid um Uas-scálú go bhféadfaidh gnólachtaí Eorpacha ardacmhainne atá ag méadú agus a fhorbraíonn nó a úsáideann réitigh nuálacha, go bhféadfaidh siad rochtain a fháil ar an gcaipiteal agus ar na hacmhainní is gá chun fás san Aontas, rud a neartóidh comhtháthú an mhargaidh aonair agus an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta.

2b. Soláthróidh an tSaoráid um Uas-scálú, ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach, tacar cuimsitheach uirlisí maoinithe a bheidh saincheaptha do riachtanais uathúla na ngnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear cothromas indíreach agus díreach agus cuasachothromas, fiachas fiontair, iasachtaí, ráthaíochtaí agus oibríochtaí measctha, d’fhonn infheisteoirí príobháideacha a mhealladh chun tacú le maoiniú uas-scálaithe agus chun roghanna scoir a éascú, agus tabharfaidh sí tús áite d’infheistíochtaí lena n-éascaítear uas-scálú tionsclaíoch agus rochtain shimplithe le haghaidh FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

3. Déanfaidh an tSaoráid um Uas-scálú idirghabháil i gcás nach féidir le hinfheisteoirí margaidh maoiniú leordhóthanach a sholáthar do chuideachtaí Eorpacha atá ag méadú, lena n-áirítear idirghabháil, más gá, chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil eacnamaíoch an Aontais a chosaint.

4. Déanfaidh an tSaoráid um Uas-scálú infheistíocht phoiblí a ghiaráil chun sreafaí caipitil substaintiúla príobháideacha agus institiúideacha a spreagadh, amhail sreafaí caipitil ó chistí cothromais phríobháidigh, corparáidí, cistí pinsin, cuideachtaí árachais, agus infheisteoirí fadtéarmacha eile, rud a neartóidh margaí caipitil na hEorpa agus a chothóidh fás inbhuanaithe cuideachtaí atá ag méadú.

*Airteagal 23*

**Clásal eisiachais**

1. Le linn thréimhse CAI 2028-2034, is faoin Roinn seo amháin a bhunófar ráthaíochtaí buiséadacha, ionstraimí airgeadais, nó ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 219 den Rialachán Airgeadais chun tacú le cuspóirí beartais ar chríoch an Aontais.

2. [Féadfar an ráthaíocht bhuiséadach, laistigh dá huasmhéid dá dtagraítear in Airteagal 21(3), agus ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, a úsáid chun tacaíocht a sholáthar faoi chláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Ciste an Aontais don Nuálaíocht agus cláir eile de chuid an Aontais arna maoiniú ó fhoinsí seachas buiséad an Aontais, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna cláir sin.]

*Airteagal 24*

**Urrann an Aontais agus Urrann na mBallstát**

1. Is é a bheidh in Ionstraim InvestEU CEI Urrann don Aontas agus Urrann do na Ballstáit. I gcás inarb iomchuí, féadfar na hurranna sin a úsáid ar bhealach comhlántach, lena n-áirítear trí theaglaim d'acmhainní i struchtúr srathach chun cumhdach riosca níos fearr a bhaint amach agus chun a áirithiú go mbainfear úsáid níos éifeachtúla as acmhainní an Aontais agus as acmhainní náisiúnta. I struchtúr srathach Ionstraim InvestEU CEI, déanfar na hacmhainní ó urrann na mBallstát a fho-ordú i leith na n-acmhainní ó urrann an Aontais.

2. Féadfar ranníocaíochtaí sonracha a dhéanamh le hIonstraim InvestEU CEI faoi Airteagal 5(1) i gcomhréir le hAirteagail 211(2) agus 221(2) den Rialachán Airgeadais. Beidh méid breise den ráthaíocht bhuiséadach dá dtagraítear in Airteagal 21(3) mar thoradh ar ranníocaíochtaí sonracha leis an ráthaíocht bhuiséadach faoi Ionstraim InvestEU CEI.

2a. Le hUrrann na mBallstát, rachfar i ngleic le clistí margaidh sonracha nó le cásanna infheistíochta fo-optamaí i gceann amháin de na réigiúin nó de na Ballstáit, nó i roinnt díobh.

*Airteagal 24a*

**Comhcheangail**

1. Féadfar tacaíocht ó ráthaíocht an Aontais faoin Rialachán seo, tacaíocht ón Aontas a sholáthraítear trí na hionstraimí airgeadais a bunaíodh leis na cláir le linn na clárthréimhse roimhe seo agus tacaíocht ón Aontas a thagann ó ráthaíocht an Aontais a bunaíodh le Rialachán 2015/1017 agus Rialachán 2021/523, féadfar iad a chomhcheangal chun tacú le táirgí airgeadais atá curtha chun feidhme nó atá le cur chun feidhme ag na comhpháirtithe cur chun feidhme faoin Rialachán seo.

2. Féadfar ráthaíocht an Aontais a dheonú chun oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá incháilithe faoin Rialachán seo a chumhdach chun críoch comhcheangal agus féadfar caillteanais a chumhdach léi i ndáil le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an tacaíocht chomhcheangailte.

*Airteagal 25*

**Comhphobal na gcomhpháirtithe cur chun feidhme**

1. Déanfaidh comhpháirtithe cur chun feidhme Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme i samhail ollstruchtúir oscailte, lena n-áirítear institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, na bainc agus na hinstitiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, agus ról speisialta Ghrúpa BEI á aithint ag an am céanna. Déanfar Ionstraim InvestEU CEI a chur chun feidhme ar bhonn na gcomhpháirtithe cur chun feidhme nua a ndearnadh measúnú colúin orthu agus an phobail atá ann cheana de chomhpháirtithe cur chun feidhme a ndearnadh measúnú colúin Chlár InvestEU orthu agus, a mhéid is féidir, ar bhonn socruithe conarthacha atá ann cheana, táirgí airgeadais ábhartha, comhaontuithe ráthaíochta, teimpléid le haghaidh socruithe dlíthiúla agus conarthacha, chomh maith le huirlisí faireacháin agus tuairiscithe seanbhunaithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 211(5) den Rialachán Airgeadais, agus faoi réir Airteagal 12 den Rialachán seo, féadfar cur chun feidhme ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n-áirítear cásanna nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht neamh-inaisíoctha in oibríocht mheasctha, a chur de chúram ar aon eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán Airgeadais.

# Caibidil III

# Gníomhaíochtaí cothrománacha

*Airteagal 26*

**Comhairle Tionscadail CEI**

1. Cuirfear an Chomhairle Tionscadail CEI ar fáil d’ionstraimí inaisíoctha agus neamh-inaisíoctha. Leis na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gCaibidil seo, rannchuideofar leis an gcuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus tacófar agus comhlánófar, i gcás inarb ábhartha, gníomhaíochtaí faoi Chaibidil IV, V, VI agus VII.

2. Soláthrófar rochtain láraithe ar shainseirbhísí comhairleacha agus luathaithe gnó. Féadfar a áireamh ar na seirbhísí sin:

(a) seirbhísí comhairleacha infheistíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha margaidh in earnálacha straitéiseacha agus tacaíocht chomhairleach chun tionscadail infheistíochta a shainaithint, a ullmhú, a fhorbairt, a struchtúrú, a sholáthar agus a chur chun feidhme;

(aa) feabhas a chur ar chumas tionscnóirí tionscadail agus idirghabhálaithe airgeadais oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar thuiscint agus ar úsáid ionstraimí airgeadais chun a n-acmhainneacht iomlán a shaothrú. Leis an tacaíocht sin, féadfar aon chéim de shaolré tionscadail nó de mhaoiniú eintitis dá dtugtar tacaíocht a chumhdach;

(b) sainseirbhísí comhairleacha agus luathaithe gnó lena ndírítear ar thionscnóirí tionscadail agus ar chuideachtaí in earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, go háirithe iad siúd a fhorbraíonn nó a chuireann réitigh nuálacha in úsáid, lena dtacaítear lena rochtain ar chistiú agus ar mhaoiniú CEI agus lena n-éascaítear an rochtain sin, lena gcothaítear sineirgí le foinsí cistiúcháin eile, lena n-éascaítear meaitseáil le hinfheisteoirí príobháideacha agus lena gcuirtear chun cinn tuiscint ar na deiseanna a chuirtear ar fáil le maoiniú caipitil margadhbhunaithe;

(ba) tacú le píblínte tionscadal a ghiniúint agus le tionscadail infheistíochta ionchasacha a ullmhú faoi Ionstraim InvestEU CEI agus a bhforbairt a éascú ina dhiaidh sin.

3. Comhoibreoidh Comhairle Tionscadail CEI, i gcás inarb iomchuí, le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha agus le braislí Eorpacha nó le grúpálacha agus líonraí Eorpacha ábhartha eile. Beidh sí ar fáil faoi gach ionú beartais, agus na hearnálacha ábhartha uile á gcumhdach, agus féadfaidh sí tacaíocht a chur ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí trasearnálacha agus do chuspóirí ginearálta.

4. Féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe comhairleacha a thabhairt i gcrích le comhpháirtithe comhairleacha agus le soláthraithe seirbhíse i gcomhréir le riachtanais gach ionú beartais. Oibreoidh an Coimisiún agus na comhpháirtithe comhairleacha, is é sin Grúpa BEI, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, i ndlúthchomhar le chéile d'fhonn éifeachtúlacht, sineirgíochtaí agus cumhdach geografach éifeachtach a áirithiú ar fud an Aontais, agus aird chuí á tabhairt acu ar struchtúir agus obair darb ann cheana.

5. Gan beann ar ionstraim chur chun feidhme an bhuiséid chun seirbhísí comhairleacha a fháil nó a sholáthar, roghnófar soláthraithe agus faighteoirí na seirbhísí i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, lena n-áirítear leasanna gairmiúla coinbhleachta.

6. Agus an Chomhairle Tionscadail CEI á cur chun feidhme, comhoibreoidh an Coimisiún, comhpháirtithe comhairleacha agus soláthraithe seirbhíse eile, nuair is iomchuí, le soláthraithe seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta poiblí nó príobháideacha eile ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó'.

*Airteagal 27*

**An Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó'**

1. Bunófar an Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó'.

1a. Is é is cuspóir don Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó' cabhrú le gnólachtaí an Aontais a bheith níos iomaíche agus níos nuálaí, agus chun fás agus uas-scálú sa mhargadh aonair agus níos faide i gcéin, agus béim ar leith á leagan ar FBManna, ar ghnólachtaí nuathionscanta, ar ghnólachtaí atá ag méadú agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

1b. Beidh cumhdach uile-Aontais agus cothrom ó thaobh geografaíochta de ag an Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó', agus sainiúlachtaí gach Ballstát agus gach cineáil réigiún san Aontas á gcur san áireamh, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha, na réigiúin trasdula, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

1c. Féadfar bearta tacaíochta gnó dá dtagraítear in Airteagal 28 a áireamh ar ghníomhaíochtaí an Líonra 'An tAontas ar son an Ghnó'.

*Airteagal 28*

**Tacaíocht ghnó**

1. Déanfaidh CEI gníomhaíochtaí trasghearrtha a bheidh dírithe ar iomaíochas FBManna a neartú agus ar bhreisíocht a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, agus struchtúir agus obair darb ann cheana, nó struchtúir agus obair nua, ar fud an Aontais á gcur san áireamh, lena n-áirítear breisíocht trí na bearta seo a leanas:

(a) comhairle agus tacaíocht ghnó chomhtháite a sholáthar do chuideachtaí, lena n-áirítear soláthar trí thacaíocht airgeadais do thríú páirtithe;

(b) deiseanna comhpháirtíochta agus fothú acmhainneachta a sholáthar, lena n-áirítear fothú acmhainneachta do phointí teagmhála náisiúnta agus a líonrú a éascú chun rannpháirtíocht éifeachtach in CEI a fheabhsú, lena n-áirítear le haghaidh eintitis a bhfuil níos lú taithí acu faoin CEI;

(c) tacaíocht agus cúnamh le haghaidh rochtain ar theicneolaíochtaí, ar bhonneagar teicneolaíochta agus ar shaoráidí teicneolaíochta, tacú le glacadh na nuálaíochta sa mhargadh agus tacú le heagraíochtaí gnó, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, chun páirt a ghlacadh in ardáin chomhoibríocha agus in earnálacha comhoibríocha;

(d) tuiscint ghnó ar bheartais an Aontais a chur chun cinn, chomh maith le haiseolas a fháil maidir lena n-éifeachtacht;

(e) rochtain agus infhaighteacht airgeadais a mhéadú, go háirithe, mar thosaíocht, do FBManna, agus micreamhaoiniú agus tacaíocht d'fhiontair shóisialta agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga á háireamh ag an am céanna;

(f) rochtain ar mhargaí a éascú lena n-áirítear éascú trí thacaíocht a thabhairt d'idirnáisiúnú FBManna agus faisnéis mhargaidh a sholáthar, lena n-áirítear na réigiúin bheagfhorbartha, na réigiúin trasdula, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí;

(g) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó do FBManna agus deiseanna nua gnó do FBManna a chur chun cinn trí thacú le luachshocrú maoine intleachtúla, socrú caighdeán agus soláthar poiblí, i measc nithe eile;

(h) fiontraíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontraíocht na mban agus na hóige agus sealbhú scileanna fiontraíochta agus gnó.

*Airteagal 29*

**Gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna chun rannpháirtíocht FBManna a mhéadú**

Tacóidh gach ionú beartais CEI le gníomhaíochtaí tiomnaithe FBManna atá dírithe ar FBManna, ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú chun rannpháirtíocht éifeachtach agus fhóinteach FBManna i gcláir oibre a áirithiú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) bearta saincheaptha chun rannpháirtíocht FBManna a fheabhsú ar fud glaonna lena n-áirithítear go bhfuil critéir agus coinníollacha incháilitheachta ceaptha chun bacainní ar iontráil a laghdú agus rannpháirtíocht FBManna a mhéadú;

(b) gníomhaíochtaí nach mbaineann ach le FBManna amháin le haghaidh FBManna in earnálacha straitéiseacha d'fhonn nuálaíocht, luathú gnó, tráchtálú agus uas-scálú a chothú;

(c) gníomhaíochtaí faoi uirlisí comhordaithe beartais thionsclaíoch CEI, in éineacht le bearta tacaíochta breise do FBManna chun rannpháirtíocht éifeachtach agus fhóinteach FBManna a áirithiú, eadhon faoi Airteagail 16, 17 agus 19;

(d) ranníocaíochtaí ionú beartais le ráthaíocht bhuiséadach agus/nó ionstraimí airgeadais le haghaidh FBManna faoi Ionstraim InvestEU CEI dá dtagraítear in Airteagal 21(4), atá tiomnaithe do mhaoiniú FBManna, i gcomhréir le cuspóirí sonracha an ionú beartais rannchuidithe.

*Airteagal 30*

**Tacaíocht le haghaidh forbairt scileanna**

Maoineoidh CEI gníomhaíochtaí a thacaíonn le forbairt scileanna, go háirithe sna hearnálacha straitéiseacha, agus nasc láidir á thógáil idir soláthraithe ardoideachais, gairmoideachais agus gairmoiliúna, taighde feidhmeach agus gnólachtaí ar mhaithe le geilleagar sofhreagrúil, nuálach agus iomaíoch. Áireofar leis an tacaíocht maidir le forbairt scileanna tacaíocht do Ráthaíocht Eorpach Scileanna chun tacú le haistrithe sa slabhra luacha i bhfabhar earnálacha nó gairmeacha straitéiseacha fáis ar fud mhargadh an tsaothair trí fhaisnéis scileanna, uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair agus comhpháirtíochtaí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna chun an comhar idir soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus gnólachtaí a neartú, go háirithe FBManna, agus iad a nascadh le héiceachórais thionsclaíocha réigiúnacha.

*Airteagal 31*

**Rochtain ar mhaoiniú ón Aontas**

1. [I gcomhréir le hAirteagal 150 den Rialachán Airgeadais, rannchuideoidh CEI leis an limistéar aonair um malartú sonraí leictreonacha a chothabháil agus a leathnú do rannpháirtithe chun rochtain shimplithe ar chistiú ón Aontas a áirithiú. Beidh an ranníocaíocht sin gan beann ar mhodh nó ionstraim chur chun feidhme an bhuiséid agus áireofar léi seirbhísí comhairleacha agus luathaithe gnó agus tacaíocht do thairseach aonair le haghaidh rochtain ar thacaíocht ón Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX] [an Rialachán Feidhmíochta].]

2. Féadfaidh CEI tacú le haon ghníomhaíocht bhreise chun rochtain ar chistiú ón Aontas, chomh maith le cistiú, maoiniú agus infheistíochtaí eile a éascú agus a luathú, agus luachshocrú agus glacadh torthaí a áirithiú trí uirlisí agus ionstraimí amhail cruthúnas coincheapa, deontais imscartha, seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta gnó, agus ardáin thiomnaithe.

# Caibidil IV

# Tacaíocht don aistriú glan agus don dícharbónú tionsclaíoch

*Airteagal 32*

**Forálacha sonracha chun tacú le beartais an aistrithe ghlain agus an dícharbónaithe thionsclaíoch**

1. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gCaibidil seo leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (a).

2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gCaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (b), agus as aon ranníocaíocht breise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5.

*Airteagal 33*

**Gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le beartais an aistrithe ghlain agus an dícharbónaithe thionsclaíoch**

1. Cuirfear tacaíocht don ionú 'aistriú glan agus dícharbónú tionsclaíoch' chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) 'gníomhaíochtaí LIFE': tacaíocht a sholáthar do thionscadail ón mbun aníos agus do na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun réitigh nuálacha agus dea-chleachtais a fhorbairt san aistriú glan agus sa dícharbónú tionsclaíoch a thaispeáint, a thástáil agus a ghlacadh sa mhargadh, lena n-áirítear an geilleagar ciorclach, an dúlra agus an bhithéagsúlacht, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan, chomh maith le feasacht ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a mhúscailt i measc na leibhéal rialachais agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile;

(b) éifeachtúlacht fuinnimh, réitigh sholúbthachta lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus freagairt ar éileamh, eangacha tarchuir agus dáileacháin intíre, digitiú córas fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite comhtháite, athchóirithe fuinnimh, aisghabháil agus athúsáid teasa agus réitigh, córais agus seirbhísí téimh agus fuaraithe;

(c) fuinneamh glan agus in-athnuaite agus réitigh dícharbónaithe sa tionsclaíocht, lena n-áirítear leictriú tionscal dianfhuinnimh, breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, gabháil, stóráil agus úsáid carbóin (GÚSC), amhail gabháil astaíochtaí bithghineacha le stóráil carbóin (BithGSC) agus dírghabháil ón aer le stóráil carbóin (DGSCA), i gcás earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú agus bonneagar gaolmhar, agus i gcathracha agus i gceantair thuaithe, lena n-áirítear le haghaidh fuinnimh, iompair agus foirgneamh;

(d) foinsiú, táirgeadh, stóráil, dáileadh agus glacadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin agus leictriú, lena n-éascaítear dícharbónú iompair agus soghluaisteachta;

(e) réitigh iompair agus soghluaisteachta atá glan, ilmhódach, idir-inoibritheach, digitithe, sábháilte agus inrochtana, lena n-áirítear sócmhainní soghluaiste agus bonneagair shoghluaiste, córais shoghluaiste agus oibríochtaí soghluaiste, agus a dtáirgeadh tionsclaíoch agus a gcomhtháthú sa slabhra soláthair;

(f) tacú le forbairt agus cur in úsáid na soghluaisteachta cliste, lena n-áirítear sócmhainní soghluaiste, bonneagar, réitigh shoghluaisteachta nasctha agus uathoibrithe, córais chliste um bainistiú tráchta agus seirbhísí gaolmhara;

(g) monaraíocht teicneolaíochta glaine agus a slabhra soláthair, amhail acmhainneacht monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a slabhraí soláthair a mhéadú, agus trí línte táirgeachta atá ann cheana a mhéadú, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscadail straitéiseacha faoi Rialachán (AE) 2024/1735;

(h) acmhainneacht an Aontais a neartú maidir le nuálaíocht agus cur in úsáid tionsclaíoch na hardmhonaraíochta, ardábhar agus teicneolaíochtaí lena ndéantar úsáid amhábhar a ionadú nó a laghdú;

(i) an geilleagar ciorclach, lena n-áirítear cosc, athúsáid, deisiú, athmhonarú, athchúrsáil agus aisghabháil ábhar agus táirgí agus éagsúlú an tsoláthair;

(ia) réitigh inbhuanaithe don ghníomhú ar son na haeráide i slabhraí soláthair agraibhia agus foraoiseachta;

(j) athléimneacht aeráide agus uisce, éifeachtúlacht uisce agus sláinte na n-aigéan;

(k) cosc, rialú agus feabhsú truaillithe, chomh maith le réitigh dhúlrabhunaithe agus réitigh eile chun cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a athbhunú agus a fheabhsú, lena n-áirítear an t-aer, an t-uisce, an fharraige agus an ithir, agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú agus chun dul i ngleic le díghrádú na n-éiceachóras;

(l) infheistíocht, nuálaíocht agus nuachóiriú in earnálacha inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm amhail longthógáil agus loingseoireacht, fuinneamh amach ón gcósta, teicneolaíochtaí breathnóireachta aigéin, teicneolaíocht ghorm agus éiceachórais a chaomhnú;

(m) inbhuanaitheacht agus aistriú glan FBManna;

(n) glacadh margaidh, fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna le haghaidh an aistrithe ghlain, lena n-áirítear an t-aistriú chuig fuinneamh glan agus gníomhaíochtaí fuinnimh ar thaobh an éilimh (mar shampla Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta) agus aistriú i dtreo soghluaisteacht agus iompar inbhuanaithe sábháilte agus turasóireacht inbhuanaithe i gcathracha, i gceantair thuaithe agus chósta, i bpobail agus i bhfoirgnimh;

(o) gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú gníomhartha dlí agus beartais ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, fothú acmhainneachta, lena n-áirítear fothú acmhainneachta pointí teagmhála náisiúnta, staidéir a dhéanamh, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF;

(oa) tacú le cumais tomhais, ábhair thagartha agus seirbhísí calabrúcháin a fhorbairt, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena gcothaítear inrianaitheacht, caighdeánú agus cur in úsáid tionsclaíoch, a bhfuil baint dhíreach acu leis na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu i bpointí (a) go (o) thuas.

2. Féadfar tacaíocht a sholáthraítear trí bhíthin na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, a sholáthar in aon fhoirm, lena n-áirítear an tacaíocht a sholáthar trí bhíthin gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) [XXX] [an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht] agus a shainaithnítear i gcuid thiomnaithe shonrach den chlár oibre.

*Airteagal 34*

**Rialacha comhlántacha**

1. I gcás gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta sa réimse maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus aistriú i dtreo fuinneamh glan, féadfaidh an tAontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 184(6) den Rialachán Airgeadais, maidir le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta sa réimse maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus aistriú i dtreo fuinneamh glan agus gníomhaíochtaí LIFE dá dtagraítear in Airteagal 33, mír 1, pointe (a) den Rialachán seo, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin maoiniú chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur, i bhfoirm ráta comhréidh, suas le huasmhéid 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána, cé is moite de chostais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó cnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh iontu.

3. Áiritheofar leis na cláir oibre comhleanúnachas leis na cineálacha gníomhaíochtaí atá beartaithe a chur chun feidhme faoin gCiste Nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE[48] agus comhleanúnachas agus comhlántacht le Rialachán (AE)[XXX] [An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa]

4. Na cláir oibre a ghlacfar i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo faoin gcaibidil seo, déanfar iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach agus áiritheofar comhleanúnachas leis na gníomhaíochtaí Iomaíochais agus Sochaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht]

---

48 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

*Airteagal 35*

**Nósanna imeachta tairisceana iomaíche**

1. Féadfaidh nósanna imeachta dámhachtana faoin gCaibidil seo a bheith i bhfoirm nósanna imeachta tairisceana iomaíche. D'fhéadfaí conarthaí difríochta, conarthaí difríochta carbóin, nó conarthaí préimhe seasta chun tacú le hinfheistíocht dícharbónaithe a dhámhachtain i nósanna imeachta tairisceana iomaíche, ar choinníoll go gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais agus go bhfuil neamhchosaint bhuiséad an Aontais fós teoranta do ranníocaíocht uasta.

1a. Féadfar nósanna imeachta tairisceana iomaíche dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme trí, agus i gcomhréir le, aon cheann d'ionstraimí chur chun feidhme an bhuiséid a leagtar amach in Airteagal 12.

# CAIBIDIL V
# TACAÍOCHT DON tSLÁINTE, DON BHITH-THEICNEOLAÍOCHT, DON TALMHAÍOCHT AGUS DON BHITHGHEILLEAGAR

*Airteagal 36*

**Forálacha sonracha maidir le tacaíocht do bheartais sláinte, bhith-theicneolaíochta, talmhaíochta agus bhithgheilleagair**

1. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gCaibidil seo leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b).

2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gCaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (c), agus as aon ranníocaíocht bhreise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5.

*Airteagal 37*

**Gníomhaíochtaí sonracha**

1. Déanfar tacaíocht don bheartas Sláinte, Bith-theicneolaíochta, Talmhaíochta agus Bithgheilleagair a chur chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) an tsláinte a fheabhsú agus a chosaint, lena n-áirítear sláinte trasteorann, trí thosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na sláinte agus do chosc galar ar feadh an tsaoil trí luathbhrathadóireacht, diagnóis agus cóireáil leighis a chothú, trí nuálaíocht a neartú agus trí chúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais agus trí bheartas na hAon Sláinte Amháin, agus béim ar leith á leagan ar ghalair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, lena n-áirítear meabhairshláinte, galair néaraimheathlúcháin, galair chardashoithíocha, galair neamhchoitianta, ailse agus galair eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le truailliú agus an t-athrú aeráide, frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (FSFM), sláinte ghnéis agus atáirgthe, agus trí thionscnaimh agus comhar idirnáisiúnta sláinte a fheabhsú;

   (b) éifeachtúlacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus athléimneacht córas sláinte a neartú trí rochtain ar shonraí sláinte agus ar uirlisí, bonneagair agus seirbhísí digiteacha, agus comhroinnt, úsáid agus athúsáid na sonraí, na n-uirlisí, na mbonneagar agus na seirbhísí sin, a threisiú, lena n-áirítear chun tacú leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, cur in úsáid na hIntleachta Saorga agus réiteach digiteach nó róbataic-bhunaithe agus cineálacha cur chuige nuálacha eile sa chúram sláinte; claochlú digiteach an chúraim sláinte a chur chun cinn; feabhas a chur ar rochtain chothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte atá dírithe ar an othar agus atá bunaithe ar thorthaí agus ar cháilíocht na seirbhísí sin, agus béim ar leith á leagan ar an tsláinte phoiblí agus ar lucht saothair an chúraim sláinte; cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn, (lena n-áirítear trí thacú le Measúnú ar Theicneolaíocht na Sláinte); tacú le trialacha cliniciúla, lena n-áirítear trialacha cliniciúla iltíre; obair na Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna) a chomhtháthú; réitigh dhigiteacha a sholáthar chun faireachán agus comhordú a dhéanamh; malartú dea-chleachtas, fothú acmhainneachta agus obair chomhtháite i measc córais sláinte náisiúnta a spreagadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí agus líonraí idir údaráis inniúla sláinte, chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht a áirithiú ar fud an Aontais;

(c) forbairt, acmhainneacht táirgeachta, monaraíocht agus cur in úsáid tionsclaíoch teicneolaíochtaí sláinte a chothú, chun iomaíochas na hearnála sláinte a mhéadú, lena n-áirítear trí ardteiripí ar nós táirgí íocshláinte ardteiripe a fhorbairt, agus tionscadail straitéiseacha a shainaithnítear i reachtaíocht an Aontais a fhorbairt, agus chun a áirithiú go mbeidh teacht san Aontas ar tháirgí íocshláinte, feistí leighis, feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, táirgí íocshláinte criticiúla, réitigh dhigiteacha agus frithbhearta leighis atá ábhartha maidir le hullmhacht agus freagairt i leith bagairtí trasteorann ar an tsláinte, agus iomaíochas agus athléimneacht na hearnála sláinte a chothú trína áirithiú go bhfuil na táirgí sin nuálach, sábháilte, inrochtana, infhaighte agus inacmhainne, agus ar an gcaoi sin rochtain chothrom a chur chun cinn ar fud an Aontais;

(e) daoine a chosaint trí thacú le beartais slándála sláinte a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a chomhrac, i gcomhar le húdaráis na mBallstát agus le páirtithe leasmhara, chomh maith le comhordú a dhéanamh ar phleananna coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais agus ar phleananna náisiúnta coisc, ullmhachta agus freagartha;

(ea) tacú le nuálaíochtaí bith-theicneolaíochta a fhionnadh, a fhorbairt, a dhí-rioscú, a léiriú, a úsáid ar bhonn píolótach agus a úsáid, agus a uas-scálú; dlús a chur le tabhairt isteach agus a glacadh réiteach bith-theicneolaíochta ar an margadh; slabhraí luacha atá ag teacht chun cinn a neartú agus rochtain ar mhaoiniú agus ar thacaíocht eile a chur ar fáil do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, d’eagraíochtaí a bhíonn i mbun taighde, do sholáthraithe cúraim sláinte, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do nuálaithe, i measc faighteoirí eile nach iad;

(f) earnáil bithgheilleagair nuálach, inbhuanaithe agus iomaíoch a chothú san Aontas, lena n-áirítear i réimsí na bith-theicneolaíochta sláinte, na n-ábhar agus na dtáirgí bithbhunaithe, luach a chur ar iarmhair feirme agus foraoise agus dramhaíl bhia, táirgí carbóndiúltacha, bithmhonaraíocht agus bithcheimiceáin, go háirithe trí thacú le nuálaíochtaí bithgheilleagair a fhionnadh, a fhorbairt, a dhí-rioscú, a léiriú, a úsáid ar bhonn píolótach, a mhonarú agus a uas-scálú; trí dhlús a chur le tabhairt isteach agus glacadh ábhar bithbhunaithe ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht, agus ó acmhainní muirí, agus réiteach bhithgheilleagair ar an margadh; trí shlabhraí luacha atá ag teacht chun cinn a neartú; trí lucht saothair oilte a fhorbairt, trí rochtain ar mhaoiniú agus ar thacaíocht eile a chur ar fáil do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí atá ag méadú agus do nuálaithe;

(g) iomaíochas, nuálaíocht, inbhuanaitheacht, athléimneacht agus cothroime na n-earnálacha talmhaíochta, iascaigh, dobharshaothraithe agus foraoiseachta, na gcóras bia, lena n-áirítear próiseáil bia, agus na limistéar tuaithe agus cósta a chothú. Áirítear leis sin a ról san aistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach, aeráid-díonach, cliste ó thaobh uisce de, agus dúlra-dearfach, i gcosaint na bithéagsúlachta agus acmhainní nádúrtha, sa rannchuidiú le cáilíocht agus slándáil fhadtéarmach an uisce le haghaidh táirgeadh bia, agus le slándáil fhadtéarmach bia san Aontas, chomh maith le cosaint sláinte ainmhithe agus plandaí;

(h) tacú le gníomhaíochtaí maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú gníomhartha dlí agus beartais ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, fothú acmhainneachta, lena n-áirítear fothú acmhainneachta pointí teagmhála náisiúnta, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

2. Na cláir oibre a ghlacfar i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo faoin gcaibidil seo, déanfar iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach agus áiritheofar comhleanúnachas le gníomhaíochtaí [Iomaíochas agus Sochaí] a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht].

# CAIBIDIL VI
# TACAÍOCHT DON CHEANNAIREACHT DHIGITEACH

*Airteagal 38*

**Forálacha sonracha maidir le tacaíocht don bheartas ceannaireachta digití**

1. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gcaibidil seo leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c).

2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gcaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (d), agus as aon ranníocaíocht breise arna sannadh i gcomhréir le hAirteagal 5.

*Airteagal 39*

**Gníomhaíochtaí sonracha chun tacú leis an mbeartas ceannaireachta digití**

2. Déanfar tacaíocht don Cheannaireacht Dhigiteach a chur chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) Croítheicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí digiteacha inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhúnlú a léiríonn luachanna an Aontais, lena n-áirítear trí thaighde agus nuálaíocht, taighde feidhmeach, aistriú teicneolaíochta, cur in úsáid tionsclaíoch, agus glacadh sa mhargadh.

(b) Éiceachórais dhigiteacha tharraingteacha, iomaíocha, shlána agus athléimneacha a thógáil, lena n-áirítear le haghaidh cuideachtaí nuálacha suaiteacha, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, chomh maith le ceannairí tionscail atá ag teacht chun cinn san earnáil dhigiteach chun go bhfanfaidís, chun go méadóidís agus chun go mbeadh rath orthu laistigh den Aontas, tacú leo méadú, a margaí a leathnú, lena n-áirítear trí sholáthar agus caighdeánú, chomh maith leis an tslándáil soláthair ardteicneolaíochtaí agus ardseirbhísí digiteacha a neartú trí thacú leis na hacmhainneachtaí is gá, lena n-áirítear acmhainneacht táirgeachta, agus ardscileanna digiteacha.

(c) Feidhmchláir, bonneagair agus seirbhísí digiteacha úrscothacha, slána agus inbhuanaithe a chur in úsáid ar fud an Aontais, agus na prionsabail chibearshlándála-trí-dhearadh agus chibearshlándáil-mar-réamhshocrú leabaithe ar feadh a saolré, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí chun taighde, nuáil, forbairt agus táirgeadh a dhéanamh ar ardbhonneagair dhigiteacha, gréasáin dhigiteacha thras-Eorpacha agus bonneagar poiblí digiteach slán idir-inoibritheach, agus iad sin a thógáil, a nuachóiriú, a thabhairt chun críche nó a chur in úsáid ar scála agus thar theorainneacha, ar bonneagair agus gréasáin iad a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le hindéantacht an chlaochlaithe dhigitigh agus maidir le tacú le hathléimneacht agus ullmhacht na sochaí, lena dtugtar breisluach soiléir do ghnólachtaí, do sheirbhísí poiblí agus do shaoránaigh. I gcás inarb ábhartha, déanfar na gníomhaíochtaí sin a chomhordú le hinfheistíochtaí náisiúnta agus bainfidh siad leas as acmhainneacht neamhshaothraithe chun margadh intíre a chruthú d’ardteicneolaíochtaí digiteacha i gcomhréir le hAirteagal 10.

(d) Tacú le claochlú digiteach an Aontais ar na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear idir-inoibritheacht trasteorann agus comhtháthú seirbhísí agus an tacaíocht d’fhorbairt agus do scaipeadh ardscileanna digiteacha lena n-áirítear scileanna cibearshlándála, agus an tacaíocht is gá á soláthar chun dlús a chur le glacadh agus cur in úsáid réiteach digiteach ar fud na hearnála príobháidí agus chun an glacadh agus an cur in úsáid sin a dhoimhniú, agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí casta, agus chun tacú le digitiú na hearnála poiblí, lena n-áirítear seirbhísí poiblí digiteacha comhtháite idir-inoibritheacha ar fud an Aontais a áirithiú lena n-uasmhéadaítear éifeachtúlacht do ghnólachtaí agus do shaoránaigh.

(e) Gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhordú agus an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, fothú acmhainneachta, lena n-áirítear fothú acmhainneachta pointí teagmhála náisiúnta, staidéir a dhéanamh, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

3. Tacóidh gníomhaíochtaí faoin gCaibidil seo le forbairt, nuálaíocht, cur in úsáid agus soláthar acmhainneachtaí, bonneagar, táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí agus cumas cibearshlándála ardfhorbartha, d'fhonn an t-éiceachóras Eorpach cibearshlándála a neartú agus athléimneacht agus slándáil na mbonneagar criticiúil agus na slabhraí soláthair digiteacha a áirithiú, chomh maith treisiú le hullmhacht cibearshlándála agus feasacht staide an Aontais i leith thimpeallacht na bagartha agus feabhas a chur ar acmhainneachtaí braite agus ar chumais freagartha i leith teagmhas. Chomh maith leis sin tacóidh na gníomhaíochtaí le hiomaíochas bhonn tionsclaíoch cibearshlándála an Aontais, le forbairt scileanna cibearshlándála, agus le cibearaibíocht bhonn tionsclaíoch na hEorpa, lena n-áirítear FBManna.

4. Na cláir oibre a ghlacfar i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo faoin gcaibidil seo, déanfar iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach agus áiritheofar comhleanúnachas le gníomhaíochtaí Iomaíochais agus Sochaí faoi Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht].

# CAIBIDIL VII
# TACAÍOCHT DON ATHLÉIMNEACHT AGUS DON tSLÁNDÁIL, DON TIONSCAL COSANTA AGUS DON SPÁS

*Airteagal 40*

**Gníomhaíochtaí sonracha chun tacú le athléimneacht agus slándáil, an tionscal cosanta, agus an spás**

1. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gCaibidil seo leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d).

2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin gCaibidil seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (e), agus as aon ranníocaíocht bhreise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5.

*Airteagal 41*

**Sineirgí spáis agus cosanta**

1. Bunaítear Bord Comhairleach um an Spás agus um an gCosaint.

1a. Féadfaidh an Bord Comhairleach um an Spás agus um an gCosaint comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcomhordú, an comhleanúnachas agus an chomhlántacht idir gníomhaíochtaí spáis agus gníomhaíochtaí tionscail cosanta mar a leagtar síos in Airteagal 3(2)(d), fophointí (2) agus (3), maidir le tosaíochtaí agus foirmeacha gaolmhara tacaíochta ón Aontas chun éifeachtúlacht infheistíochtaí agus éifeachtacht na dtorthaí a mhéadú.

1b. Is iad na Ballstáit a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird Chomhairligh um an Spás agus um an gCosaint agus glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta féin. Féadfar cuireadh a thabhairt d’ionadaithe ó SEGS agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, amhail GEC, freastal mar bhreathnóirí freisin.

## ROINN 1

### TACAÍOCHT DO BHEARTAIS SHLABHRAÍ LUACHA ATHLÉIMNEACHA AMHÁBHAR CRITICIÚIL

*Airteagal 42*

**Gníomhaíochtaí sonracha do bheartais um shlabhraí luacha athléimneacha amhábhar criticiúil**

1. Déanfar tacaíocht do bheartais um shlabhraí luacha athléimneacha amhábhar criticiúil a chur chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) tacú le hacmhainneacht an Aontais maidir le taiscéalaíocht, eastóscadh, próiseáil, aisghabháil, athúsáid agus athchúrsáil amhábhar criticiúil a neartú;

   (b) amhábhair chriticiúla cheannach, i gcomhréir le riachtanais slándála eacnamaíche agus le cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, chun an riosca go gcuirfear isteach ar an soláthar do chuideachtaí san Aontas a laghdú, lena n-áirítear stoc-chairn amhábhar criticiúil a bhunú agus a bhainistiú i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tionscal;

   (c) tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla;

   (ca) gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú gníomhartha dlí agus beartais ábhartha an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh fothú acmhainneachta pointí teagmhála náisiúnta.

2. Féadfar tacaíocht a sholáthraítear trí bhíthin na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar in aon fhoirm, lena n-áirítear trí bhíthin gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta a leagtar amach sa Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht [tagairt] agus a shainaithnítear i gcuid thiomnaithe shonrach den chlár oibre.

3. Na cláir oibre a ghlacfar i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo faoin Roinn seo, déanfar iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach agus áiritheofar comhleanúnachas le gníomhaíochtaí Iomaíochais agus Sochaí faoi Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht].

## ROINN 2

### TACAÍOCHT DON BHEARTAS MAIDIR LEIS AN TIONSCAL COSANTA

*Airteagal 44*

**Gníomhaíochtaí sonracha chun tacú leis an mbeartas maidir leis an tionscal cosanta**

1. Déanfar tacaíocht don bheartas maidir leis an tionscal cosanta a chur chun feidhme, go háirithe, trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) Tacú le cur in úsáid Tionscadal Eorpach Leasa Choitinn i réimse na Cosanta, mar a thagraítear in Airteagal 45 dóibh;

(b) Tacú le Taighde agus Forbairt, Nuálaíocht agus Ardchéimíocht Teicneolaíochta i réimse na Cosanta, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 46;

(c) Tacú leis an bhFreagrúlacht Thionsclaíoch, leis an Uas-scálú Tionsclaíoch agus leis an Athléimneacht i réimse na Cosanta, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 47;

(ca) Tacú le cumasóirí a bhaineann leis an margadh uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta, mar a thagraítear in Airteagal 47a dóibh;

(d) Tacú le comhar maidir le Soláthar, Cothabháil agus Infhaighteacht Choiteann i réimse na Cosanta, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 48;

(e) Tacú le hiompar míleata mar a thagraítear in Airteagal 49 dó;

(ea) Tacú le gníomhaíochtaí nuálacha agus inscálaithe ag gach céim de shaolré táirgí cosanta, mar a thagraítear in Airteagal 49a dóibh.

3. An tacaíocht ón Aontas a chuirtear chun feidhme trí na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, féadfar í a sholáthar in aon fhoirm dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Féadfar tacaíocht um ghníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta d'eintitis aonair a chumhdach leis an tacaíocht sin.

3a. Saothrófar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 agus béim á leagan ar chomhsheasmhacht leis an treoir straitéiseach ón gComhairle Eorpach, le cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint, leis an gclár oibre ullmhachta cosanta, agus leis na tosaíochtaí cumais arna sainaithint i gcomhthéacs CBES, lena n-áirítear an Plean Forbartha Cumas agus na deiseanna comhoibríocha arna sainaithint i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Chomhordaithe Bhliantúil ar Chosaint (ACBC). Tabharfaidh CEI aird chuí ar chomhar na mBallstát faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO), thionscnaimh agus thionscadail na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC), chomh maith le gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanann Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), amhail Próiseas Pleanála Cosanta ECAT.

*Airteagal 45*

**Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta**

1. Is é a bheidh sna Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna) tionscadail chomhoibríocha darb aidhm iomaíochas BTTCE a threisiú ar fud an Aontais agus rannchuidiú an tráth céanna le cumais mhíleata na mBallstát atá criticiúil do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát a fhorbairt, lena n-áirítear na cumais sin lena n-áiritheofar rochtain ar gach réimse oibríochtúil, is é sin réimsí na talún, na mara, an aeir, an spáis agus an cibir-réimse.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena dtabharfar TELCCanna cothrom le dáta nó lena sainaithneofar iad, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe. Féadfaidh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún a leasú ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

2a. Déanfaidh na Ballstáit comhordú chun tograí tionscadail a ullmhú le haghaidh TELCCanna féideartha ar bhealach cuimsitheach, agus tacóidh GEC leo i gcás inar gá.

2b. Sula molfaidh sé na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, fíoróidh an Coimisiún go gcomhlíonann na tograí tionscadail dá dtagraítear i mír 2a na critéir go léir a liostaítear i mír 4 agus:

(a) rachaidh sé i gcomhairle leis na Ballstáit ar bhealach cuimsitheach agus cuirfidh sé a dtuairimí agus a dtograí tionscadail i gcás TELCCanna féideartha san áireamh;

(b) iarrfaidh sé ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('An tArdionadaí') agus ar GEC a gcuid saineolais a chur ar fáil d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí dá dtagraítear i mír 4(b), go háirithe na tosaíochtaí maidir le cumais chosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú CBES, go háirithe mar a chuirtear in iúl iad go comhpháirteach i gcomhthéacs an phlean forbartha cumas, chun an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil maidir le tograí tionscadail a chomhlánú; agus

(c) fíoróidh sé gur cuireadh na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe uile ar an eolas go raibh tionscadal ag teacht chun cinn agus gur tugadh an deis dóibh a bheith rannpháirteach ann.

3. Sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 déanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:

(a) cuspóirí agus saintréithe an TELCC a leagan amach maidir leis na critéir a leagtar síos i mír 4;

(b) meastachán a dhéanamh ar mhéid foriomlán airgeadais an TELCC; agus

(c) liosta a bhunú de na tíortha a bhí rannpháirteach sa TELCC ar an dáta a glacadh an gníomh cur chun feidhme.

4. Comhlíonfaidh TELCC na critéir uile seo a leanas:

(-a) neartóidh an tionscadal iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta BTTCE go mór, go háirithe trí rannchuidiú le comhar nua trasteorann a bhunú nó comhar trasteorann atá ann cheana a leathnú, lena n-áirítear le FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, trí éifeachtaí seach-iarmharta dearfacha a chruthú sa mhargadh inmheánach, trí rannchuidiú go suntasach le comhtháthú an mhargaidh agus ilroinnt an mhargaidh a laghdú, trí idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht na dtáirgí cosanta a fheabhsú, agus trí dhíriú ar na spleáchais straitéiseacha a laghdú, lena n-áirítear trí éagsúlú an tsoláthair, agus trí acmhainneachtaí a mhéadú;

(a) beidh ceithre Bhallstát ar a laghad rannpháirteach sa tionscadal agus ní mór fíordheis a thabhairt do gach Ballstát agus do gach tír chomhlachaithe a bheith rannpháirteach sa TELCC;

(b) rannchuidíonn an tionscadal le forbairt cumas míleata Ballstát atá ríthábhachtach do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus tá sé i gcomhréir le cuspóirí an Chompáis Straitéisigh um Shlándáil agus Cosaint, leis na tosaíochtaí maidir le cumais chosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú CBES, go háirithe i gcomhthéacs an phlean forbartha cumas, agus leis na deiseanna comhoibríocha a sainaithníodh i gcomhthéacs ACBC; cuirtear san áireamh ann comhar na mBallstát faoi chuimsiú PESCO agus tionscnaimh agus tionscadail de chuid GEC; cuirtear san áireamh ann na gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag ECAT, amhail Próiseas Pleanála Cosanta ECAT i gcás ina bhfónann na gníomhaíochtaí sin do leasanna slándála agus cosanta an Aontais;

(c) baineann tairbhí an tionscadail le cuid níos leithne den Aontas;

(d) beidh tábhacht ar leith ag baint leis na tionscadail ó thaobh méide nó raon feidhme de agus beidh sé d’aidhm acu leibhéal suntasach riosca teicneolaíochta nó airgeadais, nó an dá chineál riosca, a mhaolú;

(e) is mó na buntáistí foriomlána a d’fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ná na costais a bhaineann leis, lena n-áirítear san fhadtéarma.

4a. Is é a bheidh in imscaradh TELCC atá incháilithe do chistiú ón Aontas gníomhaíocht amháin nó níos mó atá gaolmhar leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar comhoibríoch táirgí cosanta;

(b) dlús a chur leis an oiriúnú d'athruithe struchtúracha ar acmhainneacht táirgeachta táirgí cosanta, chomh maith le gníomhaíochtaí tacaíochta gaolmhara;

(c) taighde nó forbairt ar tháirgí cosanta nua, nó uasghrádú táirgí cosanta atá ann cheana;

(d) an bonneagar is gá a fhorbairt agus a sholáthar.

4b. Áiritheoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach in TELCC go ndéanfar critéir atá coibhéiseach leo sin a leagtar amach in Airteagal 51 a chur i bhfeidhm sna conarthaí a bhaineann le gníomhaíochtaí TELCC a fhaigheann tacaíocht ó chistiú ón Aontas, ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 4a.

4c. Áiritheoidh na Ballstáit atá rannpháirteach in TELCC go gcomhlíonfaidh gníomhaíochtaí an TELCC, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach bhfaigheann tacaíocht ó chistiú ón Aontas, na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe d, fophointe (2), agus i mír 1 den Airteagal seo agus nach ndéanfaidh siad difear do chomhlíontacht an TELCC leis na critéir a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo.

5. Féadfaidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach in TELCC a chinneadh go mbeidh an Coimisiún Eorpach, an tArdionadaí nó GEC rannpháirteach mar bhreathnóirí in TELCC i gcás inarb ábhartha.

6. Féadfar TELC, chomh maith leis na gníomhaíochtaí sonracha a ghabhann leis, a bhunú faoi chuimsiú Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SCAE) arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643.

6a. Ní bheidh ach Ballstáit agus tíortha comhlachaithe, chomh maith le SCAE ina bhfuil Ballstáit nó ina bhfuil Ballstáit agus tíortha comhlachaithe, incháilithe chun cistiú a fháil faoi ghníomhaíochtaí TELCC.

7. Féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm agus foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht riaracháin a thabhairt do TELCCanna.

8. Féadfar pleanáil, tógáil agus oibriú saoráidí táirgthe a bhaineann le TELCC a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1), pointe (c), de Threoir 92/43/CEE agus Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar mhaithe le cosaint de réir bhrí Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus ar mhaithe leis an tsláinte agus an tsábháilteacht phoiblí de réir bhrí Airteagal 9(1), pointe (a) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha eile a leagtar amach sna forálacha sin.

8a. Cuirfidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach in TELCC tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí TELCC, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 4c.

8b. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 2 a leasú, lena n-áirítear trí stádas TELCC a bhaint de thionscadal nó trí athruithe ar na heilimintí a leagtar amach i mír 3 a léiriú.

8c. Beidh an deis ag na Ballstáit agus ag na tíortha comhlachaithe uile páirt a ghlacadh in TELCC tar éis a bhunaithe, faoi réir fhormheas na mBallstát uile a bheidh rannpháirteach sa TELCC.

*Airteagal 46*

**Taighde agus Forbairt, Nuálaíocht agus Ardchéimíocht Teicneolaíochta i Réimse na Cosanta**

Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a chumhdach le gníomhaíochtaí a thacaíonn le Taighde agus Forbairt, Nuálaíocht agus Ardchéimíocht Teicneolaíochta i réimse na Cosanta:

(a) gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde don chosaint, ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach, i gcomhréir le hAirteagal 44(3a), a bhféadfaidh torthaí ghrúpaí Teicneolaíochta Cumais GEC (CapTechs) feidhmiú mar ionchur ina leith;

(b) gníomhaíochtaí comhoibríocha forbartha le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua nó uasghrádaithe, lena n-áirítear fréamhshamhaltú, tástáil, cáiliú, nó deimhniú córas agus forbairt teicneolaíochtaí nó sócmhainní lena méadaítear éifeachtúlacht thar shaolré táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta;

(c) gníomhaíochtaí chun tacú le teicneolaíochtaí suaiteacha le haghaidh cosanta;

(d) gníomhaíochtaí chun tacú le timthriallta nuálaíochta agus comhtháthú teicneolaíochta níos tapúla le haghaidh cosanta, lena n-áirítear taighde agus forbairt leanúnach agus dúshláin theicneolaíocha;

(e) gníomhaíochtaí altrama chun teicneolaíochtaí sibhialtacha le haghaidh cosanta a oiriúnú.

*Airteagal 47*

**Freagrúlacht, Uas-scálú agus Athléimneacht Thionsclaíoch i Réimse na Cosanta**

1. Maidir leis na gníomhaíochtaí lena dtacaítear le feabhas a chur ar Fhreagracht, Uas-scálú agus Athléimneacht BTTCE agus a bhaineann le hacmhainneacht táirgeachta táirgí cosanta a choigeartú, lena n-áirítear a gcomhpháirteanna agus a n-amhábhair chomhfhreagracha a mhéid a bheartaítear nó a úsáidtear iad go hiomlán chun táirgí cosanta a tháirgeadh, féadfar an méid seo a leanas a chumhdach leo go háirithe:

(a) acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana a bharrfheabhsú, a leathnú, a nuachóiriú, lena n-áirítear uathoibriú, a uasghrádú nó a atreorú, nó acmhainneachtaí táirgeachta nua táirgí, comhpháirteanna agus amhábhair a bhunú, go háirithe d'fhonn acmhainneacht táirgeachta a mhéadú nó agaí táirgeachta agus seachadta a laghdú, lena n-áirítear ar bhonn na meaisín-uirlisí riachtanacha agus aon ionchur eile is gá a sholáthar nó a fháil;

(b) comhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann a bhunú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó cineálacha eile comhair thionsclaíoch, lena n-áirítear FBManna, in iarracht thionsclaíoch chomhpháirteach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh foinsiú, cur i leataobh agus stoc-charnadh táirgí cosanta, comhpháirteanna agus amhábhar comhfhreagrach a chomhordú, agus chun acmhainneachtaí táirgeachta agus pleananna táirgthe a chomhordú freisin;

(c) acmhainneachtaí borrtháirgeachta arna gcur i leataobh a mhéadú agus a chur ar fáil le haghaidh táirgí cosanta, a gcomhpháirteanna agus a n-amhábhar comhfhreagrach, i gcomhréir le méideanna táirgeachta a ordaíodh nó atá beartaithe;

(d) tionsclú agus tráchtálú a chothú i ndáil le táirgí cosanta a fhorbraítear faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas nó i ndáil le gníomhaíochtaí comhair eile arna ndéanamh le tacaíocht ó dhá Bhallstát ar a laghad, agus é sin a dhéanamh, i measc bealaí eile, trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó cineálacha eile comhair thionsclaíoch a bhunú agus trí bhorradh a chur faoin táirgeadh tosaigh agus faoin táirgeadh a cheadúnú, i gcás inarb iomchuí;

(e) tástáil, lena n-áirítear an bonneagar is gá, agus, de réir mar is iomchuí, deimhniú athchóirithe na dtáirgí cosanta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a ndífheidhmeacht agus chun gur féidir le húsáideoirí deiridh iad a úsáid;

(f) spleáchais straitéiseacha thionsclaíocha a laghdú, lena n-áirítear d'fhonn comhpháirteanna atá faoi réir srianta ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe a ionadú, nó forbairt a dhéanamh ar an gcumas na comhpháirteanna sin a ionadú nó a bhaint.

1a. Maidir le gníomhaíochtaí lena dtacaítear faoin Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún an doiciméadacht gníomhaíochta ábhartha a sholáthar do na Ballstáit agus do na tíortha comhlachaithe, arna iarraidh sin dóibh, chun cistiú dúbailte na gcostas céanna a sheachaint.

*Airteagal 47a*

**Tacaíocht do chumasóirí a bhaineann leis an margadh uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta**

1. Na gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht do chumasóirí a bhaineann leis an margadh uile-Aontais le haghaidh trealamh cosanta, féadfar an méid seo a leanas a chumhdach leo go háirithe:

(a) tacaíocht don Sásra Eorpach um Dhíolacháin Mhíleata (SDM) chun a áirithiú go mbeidh táirgí cosanta ar fáil in am trátha agus i méideanna lena gcothófar iomaíochas BTTCE [agus, i gcás inarb ábhartha, iomaíochas BTTC na hÚcráine], go háirithe:

(i) tacaíocht chun comhthiomsuithe ullmhachta tionsclaíche i réimse na cosanta a bhunú, a bhainistiú agus a choinneáil, agus chun leanúint de na comhthiomsuithe sin arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2025/2643;

(ii) catalóg aonair láraithe ('an Chatalóg Eorpach um Dhíolacháin Mhíleata') de tháirgí cosanta arna bhforbairt ag BTTCE a bhunú agus a choinneáil ar bun; [agus táirgí arna bhforbairt bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hÚcráine á gcur san áireamh freisin].

(b) tacaíocht do bhunú agus d'fheidhmiú Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa, arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643;

(c) acmhainneachtaí riaracháin a bhaineann le soláthar poiblí táirgí cosanta a neartú agus bearta a rannchuidíonn le nósanna imeachta a éascú le haghaidh soláthar comhoibríoch táirgí cosanta.

3. Na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe agus na Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa a bhunaíonn comhthiomsú ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint, déanfaidh siad rogha láithreach fhabhrach cheannaigh, úsáide nó léasa a dheonú do na Ballstáit uile, do na tíortha comhlachaithe uile agus don Úcráin le haghaidh na dtáirgí cosanta sin atá ina gcuid den chomhthiomsú sin. I gcás ina ndéanann Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme, tíortha comhlachaithe, ceannach ón gcomhthiomsú ullmhachta tionsclaíche i réimse na cosanta arna bhunú, arna bhainistiú agus arna choinneáil ar bun ag SCAE, measfar go mbeidh an soláthar ina chonradh arna dhámhachtain ag rialtas amháin ar rialtas eile, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 13, pointe (f) de Threoir 2009/81/CE.

4. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le GEC, an Chatalóg Eorpach um Dhíolacháin Mhíleata dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(ii), a choinneáil cothrom le dáta, mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2025/2643. Iarrfar ar na Ballstáit [, ar an Úcráin] agus ar oibreoirí eacnamaíocha an chatalóg sin a líonadh isteach ar bhonn deonach, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta is infheidhme.

*Airteagal 48*

**Soláthar, Cothabháil agus Infhaighteacht Choiteann in Réimse na Cosanta**

1. Leis na gníomhaíochtaí lena dtacaítear le soláthar, cothabháil agus infhaighteacht choiteann i réimse na cosanta, féadfar comhar i measc na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe a chumhdach go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(a) deimhniú comhpháirteach táirgí cosanta;

(b) comhcheanglais a fhorbairt le haghaidh táirgí cosanta;

(c) soláthar táirgí cosanta;

(d) táirgí cosanta a chothabháil;

(e) bainistiú dinimiciúil infhaighteachta ar tháirgí cosanta.

Na gníomhaíochtaí lena dtacaítear le soláthar , cothabháil agus infhaighteacht choiteann i réimse na cosanta, ba cheart é a bheith d'aidhm acu ilroinnt a laghdú agus idir-inoibritheacht a fheabhsú, sa chaoi is go ndéanfar barainneachtaí scála a bhaint amach, rochtain níos tapúla ar an trealamh is gá a áirithiú, agus ullmhacht thionsclaíoch cosanta an Aontais agus na mBallstát a neartú.

1a. Ní bheidh ach na heintitis dhlítheanacha seo a leanas incháilithe le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar coiteann, cothabháil choiteann agus infhaighteacht choiteann i réimse na cosanta:

(a) údaráis chonarthacha na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe;

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) SCAEnna;

(d) an GEC.

2. Na Ballstáit agus na tíortha comhlachaithe a dhéanann gníomhaíocht a bhaineann le soláthar, cothabháil agus infhaighteacht choiteann i réimse na cosanta, ceapfaidh siad, d’aon toil, eintiteas dlítheanach incháilithe mar ghníomhaire chun gníomhú thar a gceann chun críocha na gníomhaíochta sin. Déanfaidh an gníomhaire, go háirithe, na nósanna imeachta soláthair agus tabharfaidh sé na conarthaí a thiocfaidh astu i gcrích leis na conraitheoirí thar ceann na dtíortha rannpháirteacha. Féadfaidh an gníomhaire a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht mar thairbhí agus gníomhú mar chomhordaitheoir an chuibhreannais. Féadfaidh an gníomhaire cistí ón gCiste agus cistí ó na Ballstáit rannpháirteacha agus ó thíortha comhlachaithe a bhainistiú agus a chomhcheangal.

3. Cuirfidh an gníomhaire critéir i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 51 maidir lena nósanna imeachta soláthair agus na conarthaí arna dtabhairt i gcrích le conraitheoirí, agus ceanglóidh sé go gcuirfear na critéir sin i bhfeidhm maidir le fochonraitheoirí.

4. Tabharfaidh an gníomhaire fógra don Choimisiún faoi na ráthaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 51(3). Cuirfear tuilleadh faisnéise maidir leis na bearta maolaithe agus na ráthaíochtaí sin ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó. Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (e), ar an eolas faoi aon fhógra arna thabhairt, agus déanfaidh sé amhlaidh i gcomhréir leis an mír seo.

4a. I gcás ina dtacaíonn an tAontas le soláthar comhoibríoch cosanta, cuirfidh na Ballstáit rannpháirteacha agus na tíortha comhlachaithe ar fáil, arna iarraidh sin, tacar ábhartha faisnéise a bhaineann leis an soláthar, amhail príomhthréithe, feidhmíochtaí, costais aonaid agus amanna seachadta, do Bhallstáit eile agus do thíortha comhlachaithe chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sa soláthar coiteann cosanta ag céim níos déanaí faoi choinníollacha cothroma réasúnacha.

4b. Féadfaidh na Ballstáit iarrthacha nó na tíortha comhlachaithe iarrthacha an fhaisnéis a bhaineann le soláthar, dá dtagraítear i mír 4a, a nochtadh d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe, ag gníomhú dóibh thar a gceann, chun go bhféadfaí páirt a ghlacadh sa soláthar comhoibríoch cosanta, agus chun na críche sin amháin, agus ar choinníoll go gcosnófar an fhaisnéis sin ar bhealach iomchuí.

5. In aon chonradh a eascróidh as gníomhaíocht a bhaineann le soláthar, cothabháil agus infhaighteacht choiteann i réimse na cosanta, áireofar forálacha maidir le ceannach cainníochtaí breise de tháirgí cosanta do Bhallstáit eile, do thíortha comhlachaithe eile nó don Úcráin.

6. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn 'gníomhaire' údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Threoir 2014/24/AE[49] agus Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE[50] atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe, GEC, SCAE arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643 nó eagraíocht idirnáisiúnta arna hainmniú ag na Ballstáit, ag tíortha comhlachaithe nó ag an Úcráin chun soláthar comhoibríoch cosanta a dhéanamh thar a gceann.

*Airteagal 49*

**Tacaíocht d'iompar míleata**[51]

1. Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach leis na gníomhaíochtaí lena dtacaítear le na hiompar míleata san Aontas:

(a) tacaíocht do na Ballstáit chun iompar dé-úsáide agus cumais lóistíochta a sholáthar;

(b) iompar dé-úsáide agus cumais lóistíochta a sholáthar trí chonarthaí seirbhíse le hoibreoirí tráchtála;

(ba) tacaíocht do bhunú agus d'oibriú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear a ardáin dhigiteacha;

---

49 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj

50 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj

51 Ní mór an tAirteagal seo agus na forálacha gaolmhara a ailíniú le toradh na caibidlíochta i ndáil leis an Rialachán maidir le hIompar Míleata.

(c) tacaíocht do dhigitiú na bpróiseas a bhaineann le hiompar míleata, lena n-áirítear ceadanna iompair mhíleata agus nósanna imeachta agus foirmiúlachtaí custaim;

(d) atreisiú, nuachóiriú, leathnú agus athrú cuspóra na n-acmhainneachtaí tionsclaíocha chun táirgeadh agus cothabháil a dhéanamh ar iompar dé-úsáide agus cumais lóistíochta lena rannchuidítear go díreach le hiompar míleata san Aontas agus lena bhfeabhsaítear an t-iompar sin;

(e) oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú pearsanra chun feabhas a chur ar infhaighteacht pearsanra oilte chun táirgí, comhpháirteanna agus soláthairtí cosanta a iompar, go háirithe le haghaidh gluaiseacht shábháilte éifeachtúil earraí rómhóra, earraí róthroma agus earraí contúirteacha;

(f) feabhas a chur ar chosaint agus athléimneacht bonneagair dé-úsáide atá straitéiseach d'iompar míleata, chomh maith le stóráil breosla agus na córais a ghabhann léi a fhorbairt;

(g) gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú gníomhartha dlí agus beartais ábhartha an Aontais. Cuimsítear leis sin tacú leis na hinstitiúidí ábhartha, an comhar idir na húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, staidéir, uirlisí agus bonneagair a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar agus uirlisí TF.

2. Déanfar gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hiompar míleata san Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le hIompar Míleata] agus i gcomhlántacht le Rialachán (AE) [XXX] [SCE].

*Airteagal 49a*

**Tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálacha agus inscálaithe ag gach céim de shaolré táirgí cosanta (scéim nuálaíochta cosanta an Aontais)**

1. Leis an tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálacha inscálaithe do gach céim de shaolré táirgí cosanta, lena n-áirítear tacaíocht do theicneolaíochtaí suaiteacha agus d'eintitis aonair (iontrálaithe nua, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, FBManna agus gnólachtaí atá ag méadú, cuir i gcás), féadfar an méid seo a leanas a chumhdach, go háirithe:

   (a) imeachtaí meaitseála, luathú gnó agus cóitseáil le haghaidh nuálaithe;

   (b) sásraí cistiúcháin solúbtha;

   (c) dúshláin agus haiceatóin;

   (d) tacaíocht do sholáthar nuálach agus samhlacha soláthair uasghrádaithe atriallacha le haghaidh córais atá ag athrú go tapa;

   (e) aon ghníomhaíocht eile le haghaidh timthriallta nuálaíochta níos giorra agus comhtháthú, bailíochtú, turgnamhaíocht agus glacadh táirgí cosanta sa mhargadh; agus

   (f) tacaíocht do ghníomhaíochtaí lena n-éascaítear cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoin mír seo.

2. Féadfar an tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálacha agus inscálaithe ag gach céim de shaolré táirgí cosanta a sholáthar trí na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 45 go 49, nó in éineacht leo.

*Airteagal 50*

**(Rialacha comhlántacha maidir le comhlachas tríú tíortha)**

(…)

*Airteagal 51*

**Critéir chomhlántacha maidir le deontas**

1. Chomh maith leis na critéir incháilitheachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 9 den Rialachán seo a chomhlíonadh, comhlíonfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas faoin Roinn seo na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 2 go 15a den Airteagal seo.

2. Beidh faighteoirí cistithe ón Aontas faoin Roinn seo bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin acu san Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

2a. Ní bheidh faighteoirí cistithe ón Aontas faoin Roinn seo faoi réir rialú tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

3. De mhaolú ar mhír 2a, eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, beidh sé incháilithe le bheith ina fhaighteoir cistithe ón Aontas faoin Roinn seo má dhéantar ráthaíochtaí arna bhformheas i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta Ballstáit nó tíre comhlachaithe ina bhfuil sé bunaithe, amhail bearta leordhóthanacha de bhun scagadh, mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) 2019/452[52], a chur ar fáil don Choimisiún. Ag brath ar chineál na ngníomhaíochtaí, féadfar a fhoráil sa chlár oibre nach mbeidh feidhm ag an maolú sin maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 49a.

---

[52] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj).

Leis na ráthaíochtaí sin, tabharfar dearbhuithe nach sáródh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht eintitis dhlítheanaigh leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V de CAE iad.

Leis na ráthaíochtaí sin, cruthófar go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha gníomhaíochta, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) nach bhfeidhmeofar rialú an eintitis dhlíthiúil ar bhealach lena gcuirfí srian nó teorainn lena chumas an ghníomhaíocht a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach, lena gcuirfí teorainn lena bhonneagar, saoráidí, sócmhainní, acmhainní, maoin intleachtúil nó an saineolas is gá chun críocha na gníomhaíochta, nó lena mbainfí dá chumais agus de na caighdeáin is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh;

(b) cuirtear cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar aon fhaisnéis rúnaicmithe nó ar aon fhaisnéis neamh-rúnaicmithe atá faoi chosaint ag oibleagáid rúndachta gairmiúla agus atá inrochtana ar bhonn riachtanais eolais agus a bhaineann leis an ngníomhaíocht;

(ba) go bhfuil imréiteach slándála náisiúnta, arna eisiúint ag Ballstát nó ag tír chomhlachaithe, ag fostaithe nó ag daoine eile atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht, i gcás inarb iomchuí;

(c) go bhfanann úinéireacht na maoine intleachtúla a thiocfaidh ó na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44, mír 1, pointí (b), agus (ea), torthaí na ngníomhaíochtaí, go bhfanfaidh siad leis an bhfaighteoir le linn na gníomhaíochta agus tar éis don ghníomhaíocht a bheith curtha i gcrích agus ní bheidh siad faoi réir rialú nó srianadh tríú tír neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, agus ní dhéanfar iad a onnmhairiú lasmuigh den Aontas nó de thíortha comhlachaithe ná ní bheidh siad inrochtana ó thaobh amuigh den Aontas nó den tír chomhlachaithe gan cead a fháil ón mBallstát nó ón tír chomhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe agus i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

Má mheasann an Ballstát nó an tír chomhlachaithe ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe go bhfuil siad iomchuí, féadfar tuilleadh ráthaíochtaí a sholáthar.

Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (e), ar an eolas faoi aon eintiteas dlítheanach eile a mheasfar a bheith incháilithe le cistiú ón Aontas a fháil i gcomhréir leis an mír seo.

3a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2a agus 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) údaráis chonarthacha na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe;

(b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) SCAEnna;

(d) an GEC.

8. Ach amháin i gcúinsí eisceachtúla áirithe a bhfuil bunús cuí leo, i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach d'fhaighteoirí cistithe ón Aontas, is lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar chríoch tíre comhlachaithe, ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, a bheidh bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní iad siúd a fhaigheann cistiú ón Aontas agus atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta sin.

9. Maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (b), (e) agus (ea), beidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 maidir le fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht. Chun críoch na míre seo, tagraíonn 'fochonraitheoirí atá bainteach le gníomhaíocht' d'fhochonraitheoirí a bhfuil gaol conarthach díreach acu le faighteoir, fochonraitheoirí eile ar a bhfuil ar a laghad 10 % de chostais iomlána incháilithe ná gníomhaíochta á leithdháileadh, agus fochonraitheoirí a bhféadfaidh sé go dteastóidh rochtain uathu ar fhaisnéis rúnaicmithe chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. Ní comhaltaí den chuibhreannas iad fochonraitheoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht.

10. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (d), beidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 maidir le fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht nó sa soláthar comhoibríoch. Chun críoch na míre seo, ciallaíonn 'fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa soláthar comhoibríoch' eintitis dhlítheanacha a sholáthraíonn ionchuir chriticiúla a bhfuil tréithe uathúla acu atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú táirge agus ar a leithdháiltear 15 % ar a laghad de luach an chonartha, agus ag a bhfuil gá le rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe ar mhaithe le feidhmiú an chonartha.

11. Ní bheidh torthaí na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in 44(1), pointí (b) agus (ea), chomh maith leis na táirgí nó na teicneolaíochtaí a eascraíonn as na gníomhaíochtaí sin, faoi réir aon rialú nó srianadh ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear ó thaobh aistriú teicneolaíochta de.

12. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (c) agus (d), ní bheidh costas na gcomhpháirteanna de thionscnamh tíortha lasmuigh den Aontas agus tíortha comhlachaithe níos airde ná 35 % de chostas measta chomhpháirteanna an táirge deiridh ar trí chistiú ón Aontas a thacaítear leis an méadú ar acmhainneacht táirgeachta ina leith. Ní bhfaighfear aon chomhpháirt ó thríú tíortha a sháraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta.

13. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (c) agus (d), beidh sé de chumas ag faighteoirí cistithe ón Aontas nó, i gcás inarb ábhartha, conraitheoirí cinneadh a dhéanamh, gan srianta arna bhforchur ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, maidir le sainmhíniú, oiriúnú agus éabhlóid dhearadh an táirge cosanta lena mbaineann, lena n-áirítear an t-údarás dlíthiúil chun comhpháirteanna nua a chur in ionad comhpháirteanna atá faoi réir srianta arna bhforchur ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó na comhpháirteanna sin a bhaint.

14. Maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (c) agus (d), féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre go ndéanfar measúnú ar na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach i míreanna 12 agus 13 den Airteagal seo, ag deireadh na gníomhaíochta, ar a dhéanaí.

15. Cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44, mír 1, pointí (c) agus (ea), Airteagal 46, mír 1, pointe (c), agus Airteagal 47a, mír 1, pointe (a)(ii), ní dheonófar tacaíocht ón Aontas ach amháin do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis dhlítheanacha atá ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina bhfuil trí eintiteas dhlítheanacha incháilithe ar a laghad atá bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúla nó i dtrí thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad. Le linn na tréimhse iomláine ina ndéantar an ghníomhaíocht, ní dhéanfaidh an t-eintiteas céanna rialú díreach nó indíreach ar thrí cinn, ar a laghad, de na heintitis dhlíthiúla incháilithe sin atá bunaithe in dhá Bhallstát éagsúla nó in dhá thír chomhlachaithe éagsúla ar a laghad, agus ní dhéanfaidh siad rialú ar a chéile.

15a. Cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointí (b) agus (ea), féadfar tacaíocht ón Aontas a dheonú freisin do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag SCAE arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643.

18. D’ainneoin Airteagal 201 den Rialachán Airgeadais, ní fhíorófar ach acmhainneacht airgeadais comhordaitheora.

19. I gcomhréir le hAirteagal 153(3) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh saineolaithe seachtracha neamhspleácha a bhfuil imréiteach slándála pearsanta bailí acu cúnamh a thabhairt don choiste meastóireachta, má cheanglaítear sin leis an gclár oibre. De mhaolú ar Airteagal 242 den Rialachán Airgeadais, ní chuirfear an liosta saineolaithe ar fáil don phobal.

19a. Ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe do chistiú:

(a) gníomhaíochtaí chun táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le córais uathrialacha mharfacha a oibríonn lasmuigh de shlabhra freagrach ceannais agus rialaithe dhaonna nó nach féidir a úsáid i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(c) gníomhaíochtaí a bhaineann le cnuasmhuinisin.

*Airteagal 52*

**Rátaí cistiúcháin**

1. [I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (a), féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

2. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b), a thugann tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht cosanta, féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

3. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b), a thugann tacaíocht d'fhorbairt teicneolaíochtaí agus cumas cosanta, féadfar suas le 50 % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas nó, i gcás soláthar seirbhísí T&F, féadfar suas le 50 % de luach measta an chonartha a chumhdach.

4. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (c), féadfar suas le 50 % de na costais incháilithe a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

5. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (d), féadfar suas le 25 % de luach measta an tsoláthair chomhoibríoch a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

6. I gcás gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (e), féadfar na méideanna seo a leanas a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas:

(a) i gcás ina dtugann an ghníomhaíocht tacaíocht do sholáthar arna dhéanamh ag na Ballstáit, suas le 25 % de luach measta an tsoláthair;

(b) i gcás ina bhfuil sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí cúnamh a thabhairt do na Ballstáit rochtain a fháil ar acmhainní iompair agus lóistíochta, suas le 100 % de na costais incháilithe.

7. Chun cás sainiúil an Chomhpháirtí Straitéisigh lena mbaineann a chur san áireamh go cuí, féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (ea), a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.]

8. De mhaolú ar Airteagal 184(6) den Rialachán Airgeadais, maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1), pointe (b), féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cistiú chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur, i bhfoirm rátaí comhréidhe, go dtí leibhéal suas le huasmhéid 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána na gníomhaíochta, cé is moite de chostais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó cnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh iontu.

*Airteagal 53*

**Critéir dhámhachtana**

1. Rannchuideoidh tograí le haghaidh gníomhaíochtaí faoin Roinn seo le hullmhacht cosanta ar fud an Aontais agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhréir leis na critéir dhámhachtana a bheidh le leagan amach sa chlár oibre:

(a) cáilíocht agus éifeachtúlacht chur chun feidhme na gníomhaíochta.

(b) na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na torthaí ionchasacha atá socraithe don ghníomhaíocht ábhartha, go háirithe trí mheastóireacht a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas, ag brath freisin ar chineál na gníomhaíochta agus ar bhonn gach glao as a chéile: (i) rannchuidiú le barr feabhais in earnáil na cosanta, (ii) acmhainn nuálaíochta, (iii) comhar trasteorann, (iiia) comhar le FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe a thugann breisluach substaintiúil don ghníomhaíocht, (iv) iomaíochas, (v) méadú ar acmhainneachtaí táirgeachta agus infhaighteacht, (vi) laghdú ar aga táirgthe agus ar aga seachadta, (v) méadú ar idir-inoibritheacht, (vii) méadú ar inmhalartacht (viii) athléimneacht agus slándáil an tsoláthair ar fud an Aontais mar fhreagairt ar rioscaí sainaitheanta, lena n-áirítear go háirithe neamhchosaint ard ar an riosca go dtiocfaidh gnáthbhagairtí míleata chun cinn, agus (ix) costéifeachtúlacht agus costéifeachtacht.

*Airteagal 53a*

**Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana**

Déanfaidh an Coimisiún an cistiú a dhámhachtain faoin Roinn seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Cé is moite de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 44, mír 1, pointí (a) agus (d), déanfar na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83, mír 3.

*Airteagal 54*

**Cearta rochtana agus úinéireacht na dtorthaí**

1. I gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas faoi Airteagal 44, mír 1, pointe (b), i bhfoirm deontais, beidh cearta rochtana saor ó ríchíosanna, arna iarraidh sin, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus ag údaráis deonúcháin ar thorthaí chun na críche cuí-réasúnaithe beartais nó cláir an Aontais atá ann cheana i réimsí a inniúlachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu chun críoch neamhthráchtála.

1a. I gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas faoi Airteagal 44, mír 1, pointe (b), i bhfoirm soláthar réamhthráchtála, beidh ag an údarás conarthach an ceart ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó an ceart ceangal a chur ar fhaighteoirí iad a dheonú, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha córa réasúnacha a leagfar amach sna caidrimh chonarthacha idir na páirtithe leasmhara gan aon cheart a bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais.

2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le rialú onnmhairí faoi fhreagracht na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe:

(a) beidh cearta rochtana ag údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe ar thuarascálacha speisialta ar ghníomhaíochtaí a chistítear faoi Airteagal 44, mír 1, pointe (b). Tabharfar na cearta rochtana sin saor ó ríchíosanna agus aistreoidh an Coimisiún iad chuig na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe tar éis don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na hoibleagáidí rúndachta iomchuí i bhfeidhm;

(b) ní úsáidfidh údaráis náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe an tuarascáil speisialta dá dtagraítear i bpointe (a) ach amháin chun críocha a bhaineann le húsáid i ndáil lena bhfórsaí armtha nó fórsaí slándála nó faisnéise, lena n-áirítear faoi chuimsiú a gclár comhoibritheach. Áireofar san úsáid sin staidéar, meastóireacht, measúnú, taighde, dearadh, glacadh agus deimhniúchán táirgí, oibriú, oiliúint agus diúscairt táirgí, chomh maith le ceanglais theicniúla maidir le soláthar a mheasúnú agus a dhréachtú;

(c) i gcás ina bhfuil conradh amháin nó níos mó tugtha i gcrích go comhpháirteach ag dhá Bhallstát nó níos mó nó ag dhá thír chomhlachaithe nó níos mó le faighteoir amháin nó níos mó chun torthaí gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi Airteagal 44 mír 1, pointe (b), a fhorbairt a thuilleadh le chéile, bíodh an conradh sin curtha i gcrích go hiltaobhach nó faoi chuimsiú an Aontais, beidh cearta rochtana acu ar na torthaí sin a mhéid atá siad faoi úinéireacht na bhfaighteoirí sin agus a mhéid atá siad riachtanach chun an conradh nó na conarthaí a fhorghníomhú. Tabharfar na cearta rochtana sin saor ó ríchíosanna agus faoi choinníollacha sonracha chun a áirithiú nach n-úsáidtear na cearta sin ach amháin chun críche an chonartha nó na gconarthaí agus go gcuirtear na hoibleagáidí rúndachta iomchuí i bhfeidhm;

(d) maidir le gníomhaíochtaí a thugann tacaíocht d'fhorbairt táirgí cosanta agus teicneolaíochtaí faoi Airteagal 44 mír 1, pointe (b), deonófar cearta rochtana ar thorthaí na ngníomhaíochtaí forbartha do na húdaráis náisiúnta a dhéanfaidh an ghníomhaíocht a chómhaoiniú faoi choinníollacha cothroma réasúnacha a bheidh le comhaontú leis na faighteoirí a ghineann na torthaí sin. Leagfar téarmaí agus coinníollacha maidir le feidhmiú na gceart rochtana sin amach sa chaidreamh conarthach idir na faighteoirí agus na húdaráis náisiúnta a bhfuil an ghníomhaíocht á cómhaoiniú acu.

3. Gan dochar do lánrogha na mBallstát maidir lena mbeartas maidir le táirgí cosanta a onnmhairiú, aon chás ina ndéanfar úinéireacht torthaí a aistriú nó ina ndéanfar ceadúnas eisiach a dheonú do thríú tír neamhchomhlachaithe nó d'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe le haghaidh torthaí a gineadh le tacaíocht faoi Airteagal 44, mír 1, pointe (b)), a tharlóidh laistigh de 3 bliana tar éis íocaíocht deiridh na gníomhaíochta, beidh sé faoi réir fógra arna thabhairt roimh ré don Choimisiún agus formheas arna fháil ó údaráis ábhartha an Bhallstáit nó na tíre comhlachaithe, faoi choinníollacha lena n-áirithítear cosaint leasanna slándála agus cosanta an Aontais. Sa chás go sáraíonn aistriú úinéireachta mar sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát nó na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaíocht airgeadais ón Aontas arna soláthar faoin Rialachán seo.

*Airteagal 55*

**Rialacha comhlántacha maidir le faisnéis rúnaicmithe**

5. An creat slándála chun cosaint iomchuí a áirithiú d'fhaisnéis tulra rúnaicmithe a ghintear agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1) á ndéanamh, bunófar é i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún, i gcomhar le saineolaithe slándála arna gceapadh ag na Ballstáit agus ag tíortha comhlachaithe a bhfuil na tairbhithe bunaithe ar a gcríoch.

5a. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil na tairbhithe bunaithe ar a gcríoch cinneadh a dhéanamh ar chreat slándála sonrach, lena n-áirítear feidhmiú chearta agus fhreagrachtaí an tionscnóra, maidir le cosaint agus láimhseáil faisnéise tulra rúnaicmithe a bhaineann le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1) atá cómhaoinithe ag údaráis náisiúnta na mBallstát nó ag oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht. Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcinneadh sin.

Áiritheofar leis an gcreat slándála sonrach leibhéal cosanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a thugtar leis an gComhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh[53].

5b. Maidir le faisnéis chúlra rúnaicmithe ar a bhfuil marc rúnaicmithe náisiúnta nó marc rúnaicmithe eagraíochta idirnáisiúnta agus a sholáthrófar do thairbhithe nó d'fhochonraitheoirí nó a mhalartófar eatarthu i dtaca leis an ngníomhaíocht, déanfar í a láimhseáil agus a chosaint i gcomhréir, faoi seach, leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta is infheidhme nó leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme maidir leis an eagraíocht idirnáisiúnta ar faoina húdarás a gineadh an fhaisnéis chúlra rúnaicmithe, i gcomhréir le comhaontuithe maidir le malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe atá i bhfeidhm agus is infheidhme.

[53] IO C 202, 8.7.2011, lch. 13.

Maidir le faisnéis chúlra ar a bhfuil marcáil rúnaicmithe náisiúnta agus atá mar chuid de ghníomhaíocht shonrach, i gcás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfaisnéis sin ar inneachar faisnéise tulra atá rúnaicmithe mar FRAE, rachfar i gcomhairle le tionscnóir na faisnéise cúlra rúnaicmithe sin agus gheofar toiliú i scríbhinn roimh ré uaidh.

5c. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil na tairbhithe bunaithe ar a gcríoch an creat slándála sonrach dá dtagraítear i mír 5a a chur i bhfeidhm sula síneofar an comhaontú deontais ar a dhéanaí. Beidh sé gan dochar d'fhéidearthacht an Choimisiúin rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis tulra rúnaicmithe is gá chun an ghníomhaíocht lena mbaineann a dhéanamh.

## ROINN 3
## CÓRAIS SPÁIS AGUS CUR CHUN FEIDHME AN BHEARTAIS SPÁIS

*Airteagal 57*

**Forálacha sonracha**

1. Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin Roinn seo leis an gcuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d), pointe (3).

2. Maoineofar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoin roinn seo as an mbuiséad a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (e), agus as aon ranníocaíocht breise a chuirtear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5.

*Airteagal 58*

**Comhpháirteanna**

1. Déanfar tacaíocht do chórais spáis agus beartas spáis a chur chun feidhme trí bhíthin na gcomhpháirteanna seo a leanas:

(a) Suí, Loingseoireacht agus Uainiú (PNT), ina mbeidh Galileo agus fo-chomhpháirteanna Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS);

(b) Faire na Cruinne, ina mbeidh fo-chomhpháirteanna Copernicus agus na Seirbhíse Rialtais um Fhaire na Cruinne (SRFC);

(c) Nascacht Shlán, ina mbeidh fo-chomhpháirt na Cumarsáide Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) agus fo-chomhpháirt an Bhonneagair um Athléimneacht, Idirnascacht agus Slándáil trí Shatailít ($IRIS^2$);

(d) Feasacht Staide an Spáis (SSA), ina mbeidh fo-chomhpháirteanna Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST), Teagmhais Aimsire Spáis (SWE), agus réad neasdomhanda (NEO);

(e) Rochtain ar an spás;

(f) Tráchtálú spáis agus an geilleagar spáis;

(g) Ceannasacht theicneolaíoch, taighde agus nuálaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

1a. Leis na cláir oibre le haghaidh chur chun feidhme na gcomhpháirteanna nó na bhfo-chomhpháirteanna faoin Roinn seo, déanfar gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta agus a mbuiséad tiomnaithe a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach. Áiritheofar leis an gcuid thiomnaithe shonrach sin comhleanúnachas leis na gníomhaíochtaí Iomaíochais agus Sochaí a dtacaítear leo faoi Rialachán (AE) [XXX][Clár Réime Fís Eorpach] agus cuirfear san áireamh inti na rialacha sonracha dá bhforáiltear sa Roinn seo.

*Airteagal 59*

**Suí, Loingseoireacht agus Uainiú (PNT)**

1. Leis an gcomhpháirt suite, loingseoireachta agus uainithe ('comhpháirt PNT', mar aon le fo-chomhpháirteanna Galileo agus EGNOS), soláthrófar seirbhísí suite, loingseoireachta agus uainithe fadtéarmacha, úrscothacha, iontaofa, slána, gan bhriseadh, thar a réimsí seirbhíse sainithe, lena n-áirítear i ndálaí díobhálacha, agus beidh sí in ann tacú le tosaíochtaí beartais an Aontais.

1a. Is é is Galileo ann córas domhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS) uathrialaitheach sibhialta atá faoi rialú sibhialta, tá sé comhdhéanta de chnuasach satailítí, lárionad agus líonra domhanda stáisiún talún, agus cuireann sé seirbhísí suite, loingseoireachta agus uainithe ama ar fáil, agus riachtanais agus ceanglais slándála á gcur san áireamh. Is é is EGNOS ann córas réigiúnach sibhialta loingseoireachta satailíte faoi rialú sibhialta, lena mbaineann lárionaid agus stáisiúin ar an talamh agus roinnt trasfhreagróirí atá suiteáilte ar shatailítí geoisioncronacha, rud a mhéadaíonn agus a cheartaíonn na comharthaí oscailte a astaíonn GNSS.

2. Áireofar an méid seo a leanas ar ghníomhaíochtaí incháilithe chomhpháirt PNT:

(a) bainistiú, oibriú, cothabháil, feabhsú leanúnach agus cosaint an bhonneagair agus na seirbhísí spáis agus talún a sholáthraítear;

(b) éabhlóid seirbhísí PNT agus forbairt agus imscaradh na nglúnta nua a bheidh na córais atá ann cheana amach anseo chomh maith le gníomhaíochtaí breise, lena n-áirítear satailítí i nDomhanfhithisí Ísle (LEO-PNT), agus riachtanais úsáideoirí á gcur san áireamh;

(c) na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a thacaíonn le nuachóiriú an bhonneagair ('taighde agus forbairt réamhtheachtach') agus le forbairt feidhmeanna, teicneolaíochtaí úsáideoirí, lena n-áirítear úsáid rialtasach, caighdeánú agus deimhniú ('taighde agus forbairt iartheachtach');

(d) an comhar le córais réigiúnacha nó dhomhanda eile um loingseoireacht satailíte, chun, *inter alia*, comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht a éascú, rud a chuireann le ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda in earnáil an spáis, comhar idirnáisiúnta a spreagadh, agus tacú le taidhleoireacht spáis na hEorpa.

3. Cumhdófar an méid seo a leanas go háirithe leis na seirbhísí a sholáthraíonn an chomhpháirt PNT:

(a) seirbhís oscailte lena húsáid saor in aisce ag aon úsáideoir;

(b) seirbhís ardbheachtais d'úsáideoirí a éilíonn feidhmíocht níos airde ná mar atá ag an tseirbhís oscailte;

(c) seirbhísí fíordheimhnithe lena n-áirítear fíordheimhniú teachtaireachtaí loingseoireachta seirbhíse oscailte Galileo, seirbhís fíordheimhniúcháin comharthaí Galileo, agus cumais fíordheimhniúcháin raoin seirbhíse oscailte eile;

(d) seirbhís phoiblí rialáilte atá teoranta d'úsáideoirí atá údaraithe ag rialtas;

(e) seirbhís saitilíte rabhaidh éigeandála ilghuaise;

(f) seirbhís uainithe;

(g) toirt seirbhíse spáis lena húsáid ag oibreoirí sócmhainní spáis;

(h) seirbhísí nua domhanda neamhspleácha cuardaigh agus tarrthála breisluacha, lena n-áirítear, b'fhéidir, seirbhísí d'úsáideoirí rialtais údaraithe, agus seirbhísí domhanda cuardaigh agus tarrthála a rannchuidíonn le córas idirnáisiúnta Cospas-Sarsat, chun comharthaí guaise a bhrath agus chun cumais cumarsáide fillte a chomhtháthú chun tacú le hoibríocht tarrthála;

(i) seirbhísí sábháilteachta beatha le haghaidh úsáideoirí a bhfuil an tsábháilteacht riachtanach dóibh, lena n-áirítear eitlíocht shibhialta, feidhmeanna muirí, agus feidhmeanna iompair eile;

(j) seirbhísí scaipthe sonraí;

(k) seirbhís foláirimh um thrasnaíocht radaimhinicíochta, atá inrochtana d'úsáideoirí údaraithe rialtais agus do phobail úsáideoirí a chumhdaítear leis na beartais rochtana dá dtagraítear i mír 5, lena gcumhdaítear na seirbhísí uile a sholáthraíonn na comhpháirteanna uile dá dtagraítear in Airteagal 58(1), lena n-áirítear faisnéis arna cur ar fáil ag na Ballstáit ar bhonn deonach;

(l) rannchuidiú le seirbhísí comhlántacha PNT, lena n-áirítear seirbhísí talún, agus béim á leagan i dtosach ar sheirbhísí uainiúcháin comhlántacha, agus, i gcás inarb iomchuí, ar sheirbhísí eile, rud a mhéadóidh an athléimneacht i gcás ina gcuirfear isteach ar na seirbhísí a sholáthraíonn an chomhpháirt PNT.

4. Beidh na seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 saor in aisce do na Ballstáit, don Chomhairle, don Choimisiún, do SEGS agus, i gcás inarb iomchuí, do ghníomhaireachtaí cuí-údaraithe an Aontais. Féadfar beartas praghsála a chur i bhfeidhm maidir le húsáideoirí eile, i gcás ina bhforáiltear dó sin sna beartais phraghsála dá dtagraítear i mír 5.

4b. Soláthrófar seirbhísí fo-chomhpháirt EGNOS mar thosaíocht ar fud na gcríoch de chuid na mBallstát agus na dtríú tíortha uile atá lonnaithe go geografach san Eoraip agus atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt EGNOS.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a ghlacadh a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn comhpháirt PNT, chomh maith le beartais rochtana le haghaidh seirbhísí dá dtagraítear i mír 3, lena n-áirítear beartais phraghsála i gcás inarb infheidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

*Airteagal 60*

**Faire na Cruinne (FC)**

1. Is é a bheidh sa chomhpháirt um Fhaire na Cruinne ('comhpháirt FC') fo-chomhpháirteanna Copernicus agus SRFC.

1a. Is é is Copernicus ann córas sibhialta um fhaire na cruinne atá oibríochtúil, uathrialaitheach, faoi stiúir an úsáideora agus faoi rialú sibhialtach, agus a chuireann leis na hacmhainneachtaí náisiúnta agus Eorpacha atá ann cheana, bunaithe ar bhonneagair spáis tiomnaithe agus seirbhísí oibríochta. Cuirfidh sé sonraí agus seirbhísí geofhaisnéise ar fáil bunaithe ar bheartas sonraí atá saor in aisce, cuimsitheach agus oscailte, faoi réir srianta, go háirithe chun leasanna slándála an Aontais nó na mBallstát a chosaint, i gcomhréir le mír 6. Is ar bhonneagar spáis agus talún a bhunófar é, lena n-áirítear saoráidí próiseála sonraí agus faisnéise agus bonneagar dáileacháin.

2. Le Copernicus, tacófar le beartais an Aontais agus beartais na mBallstát a fhoirmliú agus a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe i réimsí an chomhshaoil, an athraithe aeráide, na mara, na gcúrsaí muirí, an atmaisféir, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, chaomhnú na hoidhreachta cultúrtha, na cosanta sibhialta, an fhaireacháin ar bhonneagar, na sábháilteachta agus na slándála, agus an gheilleagair dhigitigh, faoi ionú na Ceannaireachta Digití, a bheidh ailínithe le cuspóirí Copernicus.

3. Le Copernicus, cuirfear comhordú idirnáisiúnta na gcóras um fhaire na cruinne agus malartuithe gaolmhara sonraí chun cinn chun a ghné dhomhanda agus a chomhlántacht a neartú, agus na comhaontuithe idirnáisiúnta agus na próisis chomhordúcháin á gcur san áireamh.

4. Is iad 'croí-úsáideoirí Copernicus' institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, comhlachtaí poiblí Eorpacha, náisiúnta nó réigiúnacha san Aontas nó tríú tíortha comhlachaithe ar cuireadh misean seirbhíse poiblí de chúram orthu chun beartais phoiblí shibhialta, amhail beartais chomhshaoil, cosanta sibhialta, sábháilteachta, lena n-áirítear sábháilteacht bonneagair, nó beartais slándála a shainiú, a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú nó faireachán a dhéanamh orthu, ar institiúidí agus comhlachtaí iad a bhaineann tairbhe as sonraí Copernicus agus as faisnéis Copernicus agus a bhfuil ról breise acu in éabhlóid Copernicus a stiúradh.

4a. Cuirtear Fóram Úsáideoirí Copernicus ar bun chun comhairle a chur ar fáil maidir le fo-fhoirmíocht thiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (g), maidir le riachtanais úsáideoirí Copernicus, éabhlóid na seirbhísí agus glacadh úsáideoirí.

5. Chun a leanúnachas agus a éabhlóid a áirithiú agus chun freastal ar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí, go háirithe croí-úsáideoirí Copernicus, is é seo go háirithe a bheidh in Copernicus:

(a) bonneagar Copernicus, lena n-áirítear forbairt, cur in úsáid agus oibríochtaí Fhairtheoirí Copernicus, glúnta nua agus leathnú mhisin na bhFairtheoirí, rochtain ar shonraí tríú páirtí spásbhunaithe um fhaire na cruinne agus rochtain leanúnach ar shonraí *in situ* agus ar shonraí coimhdeacha eile, lena n-áirítear sonraí tagartha geospásúla uile-Eorpacha comhchuibhithe agus rannchuidithe féideartha le líonraí idirnáisiúnta *in situ* agus ó na líonraí sin;

(b) seirbhísí Copernicus, lena n-áirítear:

(i) seirbhísí faireacháin, tuairiscithe, fíoraithe agus dearbhaithe comhlíontachta maidir leis an gcomhshaol, ón leibhéal domhanda go dtí an leibhéal áitiúil, lena gcumhdaítear faireachán ar an atmaisféar, faireachán ar an muirthimpeallacht, faireachán ar thalamh agus ar thalmhaíocht agus faireachán ar an athrú aeráide;

(ii) seirbhís bainistithe éigeandála a thacaíonn le hoibríochtaí cosanta sibhialta agus le hoibríochtaí práinnfhreagartha, agus le cosc agus ullmhacht maidir le tubaistí;

(iii) seirbhís slándála chun tacú le faireachas laistigh den Aontas agus ag a theorainneacha seachtracha, le faireachas muirí agus le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála;

(c) rochtain ar shonraí Copernicus agus dáileadh na sonraí sin, lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí leordhóthanacha chun a áirithiú go ndéanfar sonraí Copernicus agus faisnéis Copernicus a fhionnadh, a bhreathnú, a rochtain, a inrianú, a dháileadh, a shaothrú agus a chaomhnú go fadtéarmach, lena áirithiú go gcuirfear ardáin rochtana sonraí in oiriúint do riachtanais chroí-úsáideoirí Copernicus chomh maith le hinstitiúidí taighde, agus cuideachtaí, go háirithe FBManna, a bhfuil comhéadain sholáimhsithe acu, go háirithe i sineirgíocht le tionscnaimh eile a bhaineann le sonraí, amhail Spás Sonraí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip nó Leathchúplaí Digiteacha;

(ca) glacadh úsáideoirí Copernicus le haghaidh chroí-úsáideoirí Copernicus lena n-áirítear riachtanais úsáideoirí Copernicus a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu agus fothú acmhainneachta trí Sheirbhísí Copernicus, go háirithe trí ghníomhaíochtaí cothrománacha lena dtacaítear le hacmhainní a fhorbairt laistigh de na Ballstáit, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus tras-seirbhíse; forbairt margaidh, go háirithe trí shonraí agus seirbhísí Copernicus a chur chun cinn, agus feidhmeanna iartheachtacha a fhorbairt chun tairbhí socheacnamaíocha a uasmhéadú.

5a. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a ghlacadh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí incháilithe a liostaítear i mír 5, pointe (b). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 chun beartas sonraí agus faisnéise Copernicus a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha slándála chomh maith leis na sonraíochtaí, na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le rochtain ar shonraí Copernicus agus ar fhaisnéis Copernicus agus maidir lena n-úsáid.

7. Is é a bheidh in SRFC córas um fhaire na cruinne atá oibríochtúil, uathrialach, faoi stiúir an úsáideora, dé-úsáide agus faoi rialú sibhialta agus rialtasach, lena soláthrófar feasacht staide fheabhsaithe chun tacú le beartais an Aontais agus na mBallstát i réimsí na slándála agus na cosanta. Forbrófar SRFC le cur chuige incriminteach céim ar chéim bunaithe ar riachtanais ardleibhéil úsáideoirí sibhialta-míleata mar a shainítear sna Riachtanais Ardleibhéil Úsáideoirí Míleata Sibhialta le haghaidh SRFC iad. Cuirfidh sé leis na cumais atá ann cheana agus neartóidh sé iad, ar cumais iad a chuirtear ar fáil trí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SatCen) agus is é a bheidh ann sásra comhthiomsaithe agus comhroinnte acmhainneachtaí um fhaire na cruinne de chuid na mBallstát agus eintitis phríobháideacha atá bunaithe san Aontas, faoi réir na gcoinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 69, arna gcomhlánú le satailítí tiomnaithe, bonneagar ar talamh, saoráidí próiseála sonraí agus faisnéise, agus bonneagar dáileacháin, faoi réir anailís ar bhearnaí. Soláthróidh sé sonraí, táirgí agus faisnéis spásbhunaithe um fhaire na cruinne atá slán, iontaofa, tráthúil, marthanach agus spriocdhírithe, lena dtreiseofar na cumais atá ann cheana agus atá beartaithe. Féadfaidh SRFC sonraí comhlántacha a sholáthar freisin do Sheirbhísí Copernicus, go háirithe maidir le cosaint shibhialta agus slándáil.

8. Beidh an méid seo a leanas go háirithe in SRFC:

(a) bonneagar SRFC, atá deartha le haghaidh seirbhísí d’úsáideoirí rialtais údaraithe, lena gcuimsítear:

(i) sásra comhthiomsaithe agus comhroinnte cumas rialtais agus tráchtála trí shraith chónaidhme;

(ii) faoi réir anailís ar bhearnaí cumais agus gníomh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacfar ar bhonn na hanailíse sin, forbairt agus oibríochtaí misean nua um fhaire na cruinne ina dhiaidh sin, lena n-áirítear bonneagar talún agus spáis a chomhlíonfaidh na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3); agus

(iii) rochtain ar shonraí *in situ* agus ar shonraí coimhdeacha eile.

(b) Seirbhísí SRFC d’úsáideoirí rialtais údaraithe:

(i) gníomhaíochtaí chun faisnéis agus táirgí íomhánna geospásúla a ghiniúint, a sholáthar agus a tháirgeadh le haghaidh feidhmeanna feasachta staide i réimsí na slándála agus na cosanta; agus

(ii) na hiarrataí ar sheirbhísí a bhainistiú, a anaithnidiú agus a chur in ord tosaíochta.

(c) Sonraí SRFC: rochtain, comhordú agus dáileadh sonraí lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí chun rochtain, dáileadh, saothrú agus caomhnú fadtéarmach sonraí agus faisnéise SRFC a áirithiú, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, ar bhealach slán.

8a. Is trí thromlach cáilithe, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, a ghlacfaidh an Chomhairle an cinneadh maidir le forbairt agus oibríochtaí misean nua um fhaire na Cruinne agus bonneagair ghaolmhair dá dtagraítear i mír 8(a)(ii) den Airteagal seo.

9. Agus riachtanais ardleibhéil na n-úsáideoirí sibhialta-míleata dá dtagraítear i mír 7 á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a ghlacadh a bhaineann le Bonneagar SRFC dá dtagraítear i mír 8, pointe (a), gan dochar do na cúraimí a chuirtear ar iontaoibh SatCen i gcomhréir le hAirteagal 75(8a). A mhéid a d’fhéadfaidís tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí SatCen, cuirfear ionchur SatCen agus SEGS san áireamh sna gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

9a. Beidh na Ballstáit, an Chomhairle agus SEGS ina rannpháirtithe sa mhéid go n-údaróidh siad úsáideoirí nó go soláthróidh siad acmhainneachtaí satailíte, suíomhanna codanna ar talamh nó cuid de shaoráidí codanna ar talamh, a chomhlíonfaidh na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77 (3). Gan dochar d’inniúlacht na mBallstát sa tslándáil agus sa chosaint náisiúnta, féadfaidh an Coimisiún a bheith ina rannpháirtí in SRFC freisin.

9b. Ní fhéadfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bheith ina rannpháirtithe EOGS ach amháin sa mhéid gur gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos i socrú riaracháin arna thabhairt i gcrích idir an ghníomhaireacht lena mbaineann agus an institiúid de chuid an Aontais a dhéanann faireachán uirthi.

9c. Gan dochar do mhír 9b, féadfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais rochtain a bheith acu ar fhaisnéis rúnaicmithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(4a).

10. Féadfaidh na rannpháirtithe dá dtagraítear i míreanna 9a agus 9b den Airteagal seo úsáideoirí SRFC a údarú. Deonófar an t-údarú sin i gcomhréir le hAirteagal 76. Comhlíonfaidh na húsáideoirí údaraithe na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3). Soláthrófar SRFC saor in aisce do na heintitis seo a leanas, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe mar úsáideoirí SRFC:

(a) údarás poiblí de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit nó comhlacht a bhfuil sé de chúram air údarás poiblí a fheidhmiú, i réimsí na slándála agus na cosanta;

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ag gníomhú thar ceann agus faoi rialú eintiteas comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a).

10a. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith ina rannpháirtithe in SRFC faoi réir comhaontú idirnáisiúnta sonrach arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE agus de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán seo.

13. Le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, tacófar le héabhlóid Copernicus agus SRFC, lena n-áirítear a seirbhísí, agus taighde agus forbairt iartheachtach le haghaidh feidhmeanna agus teicneolaíochtaí úsáideoirí le haghaidh glacadh seirbhísí um Fhaire na Cruinne.

*Airteagal 61*

**Nascacht shlán**

1. Is éard a bheidh sa chomhpháirt Nascachta Sláine:

   (a) fo-chomhpháirt GOVSATCOM, seirbhís cumarsáide satailíte faoi rialú sibhialtach agus rialtais lena bhféadtar acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte a sholáthar d'úsáideoirí rialtais údaraithe de chuid an Aontais agus na mBallstát, trí shásra comhroinnte agus comhthiomsaithe;

   (b) fo-chomhpháirt IRIS², buíon satailítí ilfhisitheacha lena soláthraítear, trí Mhol GOVSATCOM, nascacht shlán athléimneach ar fud an domhain d'úsáideoirí rialtais údaraithe.

1a. Chun críoch an Airteagail seo, is éard a bheidh i Mol GOVSATCOM lárionad oibríochtúil arb é an phríomhfheidhm atá aige úsáideoirí rialtais údaraithe a nascadh, ar bhealach slán, le soláthraithe acmhainneachta agus seirbhísí, IRIS² san áireamh, agus, ar an dóigh sin, an soláthar agus an t-éileamh a bharrfheabhsú ag am ar bith.

1b. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhpháirt Nascachta Sláine seirbhísí a sholáthar bunaithe ar riachtanais úsáideoirí, agus déanfaidh sí an méid seo a leanas:

   (-a) infhaighteacht fhadtéarmach seirbhísí GOVSATCOM atá iontaofa, slán agus costéifeachtach a áirithiú d'úsáideoirí rialtais údaraithe;

   (a) soláthar agus infhaighteacht fhadtéarmach seirbhísí rialtais IRIS² atá iontaofa, slán agus costéifeachtach, agus rochtain gan bhriseadh orthu, a áirithiú d'úsáideoirí rialtais údaraithe bunaithe ar bhonneagar rialtais;

   (aa) a áirithiú go bhféadfar seirbhísí rialtais IRIS² a sholáthar d'úsáideoirí rialtais údaraithe bunaithe ar an mbonneagar tráchtála dá dtagraítear i mír 3(a), pointe (ii), trí Mhol GOVSATCOM;

(b) a áirithiú go bhféadfar seirbhísí tráchtála IRIS² a sholáthar faoi na conarthaí dá dtagraítear i mír 17 bunaithe ar an mbonneagar tráchtála dá dtagraítear i mír 3(a), pointe (ii);

(c) trí fho-chomhpháirt IRIS², forbairt agus soláthar seirbhísí cumarsáide rialtais breise a áirithiú, lena n-áirítear seirbhís 'díreach go gaireas', agus, i gcás inar féidir, dálaí a chruthú ina bhféadfar seirbhísí cumarsáide tráchtála nó seirbhísí eile nach seirbhísí cumarsáide iad a sholáthar, go háirithe trí ghníomhaíochtaí a fheabhsú agus sineirgí a chruthú idir na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58.

(d) feabhas a chur ar nascacht shlán, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le haga folaigh íseal, thar limistéir gheografacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, ar nós na hAfraice agus an Artaigh chomh maith le réigiúin Mhuir Bhailt, na Mara Duibhe, na Meánmhara, agus an tAtlantach.

2. Áireofar na gníomhaíochtaí seo a leanas i bhfo-chomhpháirteanna GOVSATCOM agus IRIS²:

(-a) soláthar na n-acmhainneachtaí, na seirbhísí agus an trealaimh úsáideora um chumarsáid satailíte rialtais agus tráchtála is gá chun seirbhísí GOVSATCOM a chomhthiomsú, a chomhroinnt agus a sholáthar, arb iad na soláthróirí seo a leanas a sholáthróidh iad:

(i) rannpháirtithe GOVSATCOM, mar a thagraítear i míreanna 11, 12 agus 13 dóibh; nó

(ii) daoine dlítheanacha a chuaigh i mbun próiseas creidiúnaithe chun acmhainneachtaí nó seirbhísí cumarsáide satailíte a sholáthar i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an chreidiúnaithe slándála dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán [EUSPA] (AE) xx/xx*, i gcomhréir leis na ceanglais slándála dá dtagraítear in Airteagal 77(3) den Rialachán seo.

---

* IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

(a) gníomhaíochtaí sainmhínithe, deartha, forbartha agus bailíochtaithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara curtha in úsáid le haghaidh an bhonneagair spáis agus an bhonneagair ar talamh is gá chun seirbhísí rialtais IRIS² a sholáthar agus don bhonneagar ar talamh is gá chun seirbhísí GOVSATCOM a sholáthar;

(b) gníomhaíochtaí saothraithe lena soláthraítear seirbhísí rialtais IRIS², lena gcuimsítear oibriú, cothabháil, feabhsú leanúnach agus cosaint an bhonneagair spáis agus an bhonneagair ar talamh, lena n-áirítear athshlánú agus bainistíocht dífheidhmeachta agus faireachán slándála;

(c) comhtháthú chóras Bhonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa (EuroQCI) in IRIS², nuair a bheidh sé oibríochtúil agus creidiúnaithe i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an chreidiúnaithe slándála dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán [EUSPA] (AE) xx/xx[*], agus comhordú le gníomhaíochtaí ábhartha faoi Chaibidil VI den Rialachán seo chun go bhféadfar an comhtháthú sin a dhéanamh;

(ea) gníomhaíochtaí taighde agus forbartha le haghaidh na nglúnta den bhonneagar spáis agus den bhonneagar ar talamh a bheidh ann amach anseo, le haghaidh éabhlóid sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais IRIS² lena dtugtar aghaidh ar riachtanais úsáideoirí, le haghaidh forbairt theicneolaíoch chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a áirithiú agus le haghaidh glacadh seirbhísí nascachta sláine, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le teirminéil úsáideoirí a dhearadh, a fhorbairt agus a mhonarú;

(eb) seirbhísí a cheannach d’úsáideoirí rialtais údaraithe bunaithe ar an mbonneagar tráchtála, faoi dhálaí an mhargaidh, chun soláthar na seirbhísí sin do na húsáideoirí sin a ráthú.

[*] IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

3. Comhlíonfaidh bonneagair IRIS² agus GOVSATCOM na ceanglais seo a leanas:

(-a) áireofar i mbonneagar GOVSATCOM an bonneagar is gá chun gur féidir seirbhísí GOVSATCOM a sholáthar, go háirithe Mol GOVSATCOM.

(a) beidh bonneagar IRIS² modúlach agus beidh bonneagar rialtais agus bonneagar tráchtála ann, mar a leanas:

(i) áireofar i mbonneagar rialtais IRIS² na codanna ábhartha ar fad ar talamh, lena n-áirítear na lárionaid rialaithe ábhartha agus na codanna spáis is gá chun na seirbhísí rialtais a sholáthar. Déanfaidh bonneagar rialtais IRIS² fo-chomhpháirt GOVSATCOM a chomhlánú agus a fhorbairt, go háirithe Mol GOVSATCOM;

(ii) áireofar i mbonneagar tráchtála IRIS² na sócmhainní spáis agus na sócmhainní ar talamh ar fad seachas iad siúd ar cuid den bhonneagar rialtais iad. Ní dhéanfaidh bonneagar tráchtála IRIS² dochar d'fheidhmíocht ná do shlándáil bhonneagar rialtais IRIS². Déanfaidh na conraitheoirí dá dtagraítear i mír 15 an bonneagar tráchtála a mhaoiniú go hiomlán agus iompróidh siad aon riosca a bhaineann leis;

(c) le bonneagar rialtais IRIS², féadfar fochórais satailíte bhreise, go háirithe pálastaí, a óstáil, ar fochórais iad a fhéadfar a úsáid mar chuid de bhonneagar spásbhunaithe na gcomhpháirteanna eile dá dtagraítear in Airteagal 58, chomh maith le fochórais satailíte a úsáidtear chun seirbhísí nó acmhainneachtaí nach seirbhísí nó acmhainneachtaí cumarsáide iad a sholáthar do na Ballstáit. Féadfar a áireamh i mbonneagar rialtais IRIS² idirnaisc leis na Ballstáit nó satailítí tríú páirtí eile, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3) agus na ceanglais oibríochtúla dá dtagraítear i mír 7;

(e) Comhlíonfaidh na codanna ar talamh agus sa spás dá dtagraítear i bpointe (a)(i) den mhír seo agus oibríochtaí na gcodanna sin na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3).

4. Áiritheofar soláthar seirbhísí Nascachta Sláine i gcomhréir le punann seirbhísí dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo agus leis na ceanglais oibríochtúla dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo chomh maith leis na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3). Le soláthar sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais IRIS², leanfar na rialacha maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo. I gcás inar féidir, chun críoch leanúnachas seirbhíse IRIS², beidh sé d’aidhm ag na Ballstáit comhleanúnachas agus comhlántacht a ngníomhaíochtaí ábhartha agus idirinoibritheacht a n-acmhainneachtaí le gníomhaíochtaí faoi fho-chomhpháirt IRIS² a áirithiú.

5. Beidh rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais IRIS² saor in aisce d’úsáideoirí institiúideacha agus rialtais údaraithe mura leagfaidh an Coimisiún amach beartas praghsála i gcomhréir le mír 9.

6. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an phunann seirbhísí le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) seirbhísí GOVSATCOM i bhfoirm liosta catagóirí acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte agus a dtréithe; agus

(b) seirbhísí rialtais IRIS², lena gcuimsítear na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh gach catagóire seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí d’úsáideoirí rialtais údaraithe bunaithe ar bhonneagar tráchtála IRIS². Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

7. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais oibríochtúla maidir le seirbhísí GOVSATCOM agus seirbhísí rialtais IRIS², go háirithe chun úsáid na seirbhísí sin a éascú le haghaidh bainistiú géarchéime, feasacht staide agus bainistiú príomhbhonneagair, lena n-áirítear líonraí cumarsáide taidhleoireachta agus cosanta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

8. Leis na rialacha maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais IRIS², tabharfar tosaíocht d'úsáideoirí GOVSATCOM de réir a n-ábharthachta agus a gcriticiúlachta. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí, sheirbhísí agus threalamh úsáideoirí GOVSATCOM;

(b) seirbhísí rialtais IRIS² a sholáthar.

Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á dtarraingt suas aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an t-éileamh a bhfuil coinne leis i leith na gcásanna úsáide éagsúla, anailís ar rioscaí slándála do na cásanna úsáide sin agus, i gcás inarb iomchuí, costéifeachtúlacht agus riachtanais timpeallachtaí oibríochta úsáideoirí deiridh éagsúla. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

9. I gcás gurb é conclúid an mheasúnaithe ar an éileamh a bhfuil coinne leis arna dhéanamh ag GOVSATCOM agus rannpháirtithe IRIS² agus na hanailíse ar na rioscaí arna déanamh ag an gCoimisiún go bhfuil ganntanas acmhainneachtaí ann, nó i gcás inar mó an t-éileamh ná an acmhainneacht rochtana le haghaidh sheirbhísí GOVSATCOM nó sheirbhísí rialtais IRIS², rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le saobhadh margaidh, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, beartas praghsála a ghlacadh i dtaca leis na seirbhísí sin. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á ndréachtú, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfaidh soláthar sheirbhísí GOVSATCOM agus soláthar sheirbhísí rialtais IRIS² saobhadh ar an iomaíocht, nach mbeidh ganntanas seirbhísí ann agus nach mbeidh róchúiteamh ann le haghaidh na gconarthaí dá dtagraítear i mír 15 mar thoradh ar an bpraghas a shainaithneofar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

11. Beidh na Ballstáit, an Chomhairle, an Coimisiún agus SEGS ina rannpháirtithe GOVSATCOM nó IRIS² sa mhéid go n-údaróidh siad úsáideoirí i gcomhréir le hAirteagal 76, nó go soláthróidh siad acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, suíomhanna codanna ar talamh nó cuid de shaoráidí codanna ar talamh.

12. Ní fhéadfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bheith ina rannpháirtithe GOVSATCOM nó IRIS² ach amháin sa mhéid gur gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh agus i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos i socrú riaracháin arna thabhairt i gcrích idir an ghníomhaireacht lena mbaineann agus an institiúid de chuid an Aontais a dhéanann faireachán uirthi.

12a. Gan dochar do mhír 12, féadfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais rochtain a bheith acu ar FRAE ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(4a).

13. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith ina rannpháirtithe GOVSATCOM nó IRIS² faoi réir comhaontú idirnáisiúnta sonrach arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE agus de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán seo.

14. Déanfaidh na rannpháirtithe dá dtagraítear i míreanna 11, 12 agus 13 den Airteagal seo úsáideoirí sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais IRIS² a údarú i gcomhréir le hAirteagal 76. Comhlíonfaidh na húsáideoirí údaraithe na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3). Féadfar na heintitis seo a leanas a údarú mar úsáideoirí sheirbhísí GOVSATCOM nó úsáideoirí sheirbhísí rialtais IRIS²:

(a) údarás poiblí de chuid an Aontais nó de chuid Ballstáit nó comhlacht a bhfuil sé de chúram air údarás poiblí a fheidhmiú;

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ag gníomhú thar ceann agus faoi rialú eintiteas comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a).

15. Cuirtear IRIS² chun feidhme, go háirithe, trí chonradh lamháltais, lena ndéanfar foráil maidir le leithdháileadh riosca idir an tAontas agus na conraitheoirí. Féadfaidh conarthaí eile le haghaidh chur chun feidhme breise IRIS² a bheith i bhfoirm conarthaí lamháltais, soláthair, seirbhíse nó oibreacha. Má theipeann ar chonradh lamháltais IRIS², áiritheoidh an Coimisiún go gcuirtear na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1b, pointí (a) agus (d), chun feidhme ar an mbealach is fearr trí chonradh soláthair, seirbhíse nó oibreacha nó conradh measctha a sholáthar, de réir mar is iomchuí.

16. Mura bhfuil na conraitheoirí dá dtagraítear i mír 15 in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun leanúnachas sheirbhísí rialtais IRIS² a áirithiú.

17. Áiritheofar leis na conarthaí dá dtagraítear i mír 15 go háirithe go gcaomhnófar leasanna fíor-riachtanacha an Aontais agus cuspóirí fho-chomhpháirt IRIS² le soláthar seirbhísí atá bunaithe ar bhonneagar tráchtála IRIS². Chomh maith leis sin, déanfar foráil sna conarthaí sin maidir le coimircí leormhaithe chun go seachnófar aon róchúiteamh do na conraitheoirí dá dtagraítear i mír 15, saobhadh iomaíochta, coinbhleachtaí leasa, idirdhealú míchuí nó aon bhuntáiste indíreach folaithe eile. Féadfar a áireamh ar na coimircí sin an oibleagáid um dheighilt cuntasaíochta idir soláthar sheirbhísí rialtais IRIS² agus soláthar sheirbhísí tráchtála IRIS², lena n-áirítear eintiteas ar leith a bhunú atá scartha go struchtúrach agus go dlíthiúil ón oibreoir atá comhtháite go hingearach chun seirbhísí rialtais a sholáthar, agus um rochtain oscailte, chóir, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar ar an mbonneagar is gá chun seirbhísí tráchtála a sholáthar. Áiritheofar leis na conarthaí sin freisin go gcomhlíonfar na coinníollacha incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 69 le linn a ré. Ceanglóidh an Coimisiún, tríd an gconradh lamháltais dá dtagraítear i mír 15, go mbíonn gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga ar fud an Aontais in ann a seirbhísí dílse a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh.

18. I gcás ina mbraitheann seirbhísí rialtais IRIS² agus seirbhísí tráchtála IRIS² ar fhochórais nó comhéadain choiteanna chun sineirgí a áirithiú, cinnfear leis na conarthaí dá dtagraítear i mír 15 cé acu de na fochórais agus na comhéadain choiteanna sin a bheidh mar chuid den bhonneagar rialtais chun cosaint leasanna slándála an Aontais agus na mBallstát a áirithiú.

19. Déanfaidh na conraitheoirí dá dtagraítear i mír 15 bonneagar tráchtála IRIS² dá dtagraítear i mír 3(a), pointe (ii), a mhaoiniú go hiomlán chun an cuspóir dá dtagraítear i mír 1b, pointe (b), a chomhlíonadh.

*Airteagal 62*

**Faireachas agus Rianú Spáis (SST)**

1. Áireofar go háirithe i bhFaireachas agus Rianú Spáis ('fo-chomhpháirt SST') de chomhpháirt fheasacht staide an spáis:

(a) bunú, forbairt, cur in úsáid agus oibriú líonra braiteoirí SST talamhbhunaithe agus spásbhunaithe de chuid na mBallstát, ar nós radar, léasar nó teileascóp, a roghnófar trí staidéir ailtireachta agus measúnú feidhmíochta le haghaidh suirbhéireachta agus rianaithe, lena n-áirítear braiteoirí arna bhforbairt tríd an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES), earnáil tráchtála an Aontais, agus b'fhéidir braiteoirí spásbhunaithe atá faoi úinéireacht an Aontais arb é is aidhm dóibh suirbhéireacht agus rianú a dhéanamh ar réada spáis agus catalóg Eorpach uathrialach de réada spáis a tháirgeadh;

(b) próiseáil agus anailísiú shonraí SST chun faisnéis agus seirbhísí SST dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 a tháirgeadh;

(c) soláthar seirbhísí SST dá dtagraítear i mír 5 d'úsáideoirí SST dá dtagraítear i mír 9, pointí (a) agus (b);

(d) sineirgí a lorg agus a chothú agus tacú leo, ar sineirgí iad le tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn forbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nó seirbhísí chun spásárthaí a dhiúscairt ag deireadh na saolré oibríochtúla agus forbairt agus cur in úsáid córas nó seirbhísí teicneolaíochta chun imbhualadh réad spáis a chosc agus chun smionagar spáis a dhíothú más féidir;

(da) soláthar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 6 d'úsáideoirí rialtais SST dá dtagraítear i mír 9, pointe (c);

(e) comhar, lena n-áirítear trí chomhroinnt faisnéise, le tionscnaimh idirnáisiúnta i réimse chomhordú an spástráchta;

(f) gníomhaíochtaí is gá chun tacú le húsáid shábháilte agus inbhuanaithe an spáis;

(fa) gníomhaíochtaí a bhaineann le smionagar spáis a mhaolú chun giniúint smionagair spáis a laghdú, smionagar spáis a leasú, faireachán a dhéanamh ar lainseáil tar éis inteilgin, seirbhísí sonracha le haghaidh buíonta, margadh a bhunú le haghaidh shonraí, fhaisnéis agus sheirbhísí SST, córas SST a ullmhú d'oibríochtaí cisghealaí, tacaíocht d'Oibríochtaí agus Seirbhísí sa Spás (OS-S), agus do thionscnaimh spéartha dorcha agus ciúine;

(g) gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a thacaíonn le héabhlóid fho-chomhpháirt SST, lena n-áirítear a seirbhísí agus a próiseáil sonraí chomh maith lena cumais tráchtála.

3. Leanfaidh an Chomhpháirtíocht SST arna tionscnamh faoi Rialachán (AE) 2021/696 d'fheidhm a bheith aici faoin Rialachán seo agus tacóidh sí le héabhlóid na ngníomhaíochtaí bunaithe ar riachtanais úsáideoirí, lena n-áirítear sásraí trédhearcacha chun cumais SST tráchtála a mheas agus a chomhtháthú, agus rannchuideoidh sí le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (fa) agus (g) de mhír 1, lena n-áirítear trí thacaíocht theicniúil agus riaracháin, saineolas, staidéir, nó gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ábhartha a sholáthar. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le rannpháirtíocht na mBallstát sa Chomhpháirtíocht sin, maidir le creat eagraíochtúil na rannpháirtíochta sin agus maidir le Ballstát breise a áireamh ag céim níos déanaí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

4. Chun an rannchuidiú le cur chun feidhme SST a threisiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 chun mír 3 a fhorlíonadh leis an liosta mionsonraithe cúraimí atá le déanamh ag an gComhpháirtíocht SST dá dtagraítear i mír 3.

5. Beidh seirbhísí SST dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), saor in aisce, ar fáil gan bhriseadh agus cuirfear in oiriúint iad do riachtanais úsáideoirí SST dá dtagraítear i mír 9 agus áireofar an méid seo a leanas iontu:

(a) measúnú riosca ar imbhualadh idir spásárthaigh nó idir spásárthach agus smionagar spáis agus, i gcás inar gá, foláirimh a thabhairt maidir le seachaint imbhuailte agus moltaí ionramhála le linn chéimeanna na lainseála, na fithise luaithe, an ardaithe fithis, oibríochtaí infhithise agus céimeanna diúscairte de mhisin spásárthach;

(b) ilroinnt, scaradh nó imbhualadh infhithise a bhrath agus a thréithriú;

(c) measúnú ar riosca athiontrála neamhrialaithe réad spáis, lena n-áirítear smionagar spáis, isteach in atmaisféar na cruinne agus faisnéis ghaolmhar a ghiniúint, lena n-áirítear meastachán ar an amchlár agus suíomh féideartha an imbhuailte a d'fhéadfadh tarlú.

6. Beidh seirbhísí SST d'úsáideoirí rialtais údaraithe SST dá dtagraítear i mír 9, pointe (c) saor in aisce, beidh siad ar fáil gan bhriseadh agus beidh siad oiriúnaithe dá riachtanais agus féadfaidh comhghaolú, scagadh agus stóráil shonraí SST uile a eascraíonn as an líonra braiteoirí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus scaipeadh shonraí SST ar úsáideoirí rialtais údaraithe SST a bheith i gceist leo, bunaithe ar an gcatalóg dá dtagraítear i mír 1, pointe (a).

9. Beidh na páirtithe seo a leanas i gceist le húsáideoirí SST:

(a) croí-úsáideoirí SST, a mbeidh rochtain acu ar sheirbhísí uile SST dá dtagraítear i mír 5: na Ballstáit, SEGS, an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus úinéirí agus oibreoirí spásárthach, idir phoiblí agus phríobháideach, atá bunaithe san Aontas;

(b) úsáideoirí SST nach croí-úsáideoirí iad, a mbeidh rochtain acu ar sheirbhísí dá dtagraítear i mír 5, pointí (a) agus (c): eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) úsáideoirí rialtais údaraithe SST, a mbeidh rochtain acu ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 6: na Ballstáit agus SEGS.

9a. Chun glacadh sheirbhísí SST dá dtagraítear i mír 5 a chothú nó chun leas slándála an Aontais agus na mBallstát a chosaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na n-úsáideoirí nach croí-úsáideoirí iad a leasú nó chun liosta na seirbhísí a bhféadfaidh rochtain a bheith acu orthu a fhorlíonadh.

10. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, beartais rochtana a bhaineann le sheirbhísí SST dá dtagraítear i mír 5 a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

10a. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, beartais rochtana agus sonraíochtaí soláthair, teicniúla agus oibríochtúla a ghlacadh le haghaidh sheirbhísí SST dá dtagraítear i mír 6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

11. Ní bheidh fo-chomhpháirt SST oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha. Mar sin féin, beidh sí ar oscailt don Iorua faoi réir comhaontú sonrach ar leith a bheith tugtha i gcrích faoi Airteagal 218 CFAE agus de bhun Airteagal 11(4).

*Airteagal 63*

**Réada Neasdomhanda (NEO)**

1. Is é is cuspóir don fho-chomhpháirt Réada Neasdomhanda (‘fo-chomhpháirt NEO’) de chomhpháirt SSA faireachán riosca a dhéanamh ar réada nádúrtha sa ghrianchóras a thagann i dtreo na cruinne.

2. Áireofar i bhfo-chomhpháirt NEO gníomhaíochtaí chun an cuspóir a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh. Áireofar inti gníomhaíochtaí tacaíochta a bhaineann le cothabháil agus le hiontrálacha sonraí i gcatalóg an Aontais d’airíonna fisiceacha réad i ngar don chruinne, agus d’fhéadfadh measúnú riosca tionchair a bheith san áireamh inti.

3. Áireofar i bhfo-chomhpháirt NEO gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a thacaíonn lena héabhlóid agus lena taighde agus forbairt iartheachtach le haghaidh feidhmeanna agus teicneolaíocht úsáideoirí.

*Airteagal 64*

**Teagmhais Aimsire Spáis (SWE)**

1. Is é is cuspóir d'fho-chomhpháirt na dTeagmhas Aimsire Spáis ('an fho-chomhpháirt SWE') de chomhpháirt SSA faireachán agus measúnú a dhéanamh ar athruithe nádúrtha a tharlaíonn mar gheall ar ghníomhaíocht athraitheach ghréine agus a bhaineann le teagmhais aimsire spáis, ar nós na grianghaoithe agus bladhmanna gréine, agus ar a dtionchar ar chórais chriticiúla agus ar bhonneagair a chumhdaítear le ceanglais theicniúla na seirbhísí dá dtagraítear i mír 4.

2. Áireofar i bhfo-chomhpháirt SWE na gníomhaíochtaí uile is gá chun seirbhísí aimsire spáis a sholáthar, lena n-áirítear sonraí ceannaigh ó fhoinsí tráchtála agus gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a thacaíonn le héabhlóid fho-chomhpháirt SWE, chomh maith le seirbhísí SWE agus taighde agus forbairt iartheachtach le haghaidh feidhmeanna agus teicneolaíocht úsáideoirí le haghaidh glacadh seirbhísí SWE.

3. Beidh sé d'aidhm ag seirbhísí SWE a bheith ar fáil gan bhriseadh agus saor in aisce. Cuimseofar le seirbhísí SWE, go háirithe, réimse an spáis agus féadfaidh siad leathnú de réir a chéile chuig fearainn eile de réir riachtanais an úsáideora.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le seirbhísí SWE a ghlacadh, agus riachtanais úsáideoirí á gcur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

*Airteagal 65*

**Rochtain ar an spás**

1. Is éard is rochtain ar an spás ann an cumas spásárthaí a lainseáil agus a iompar go dtí an spás, isteach sa spás agus amach ón spás agus córais lainseála á n-úsáid.

2. Is é is cuspóir don chomhpháirt um rochtain ar an spás rochtain uathrialach, athléimneach agus inbhuanaithe ar an spás a chothú, trí thacú le hiontaofacht, iomaíochas agus cost-éifeachtúlacht seirbhísí lainseála Eorpacha, mar aon le cur chuige comhtháite comhoibríoch Eorpach, agus leasanna slándála fíor-riachtanacha an Aontais agus na mBallstát á gcur san áireamh.

3. I sineirgíochtaí le cláir agus scéimeanna cistiúcháin eile de chuid an Aontais, agus gan dochar do ghníomhaíochtaí GES, áireofar an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí faoin gcomhpháirt um rochtain ar an spás:

   (a) soláthar nó soláthar comhpháirteach seirbhísí lainseála Eorpacha, nó comhiomlánú na seirbhísí sin, nó dreasachtaí lena n-aghaidh, ar mhaithe le riachtanais an Aontais agus, arna iarraidh sin dóibh, riachtanais na mBallstát agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear riachtanais na ngníomhaíochtaí taispeána i bhfithis agus bailíochtaithe i bhfithis chun tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 66(2), pointe (e), agus Airteagal 67(2);

   (b) rochtain ar thaighde agus nuálaíocht spáis, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais agus seirbhísí nua a uasghrádú agus a fhorbairt;

   (c) bonneagar criticiúil ar talamh atá bunaithe san Aontas a fhorbairt, a oiriúnú, a thógáil, a chothabháil agus a oibriú, lena n-áirítear na saoráidí is gá chun teicneolaíochtaí spáis agus cumais seirbhísí spáis a thástáil, a lainseáil agus rochtain orthu a fháil ar ais.

4. Bunóidh an Coimisiún Fóram um Rochtain ar Chomhordú Spáis lena n-áireofar na Ballstáit, an Ghníomhaireacht, eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe GES, agus eintitis phoiblí Eorpacha eile chun gníomhaíochtaí institiúideacha Eorpacha maidir le rochtain ar an spás agus cur chuige Eorpach, mar a thagraítear i mír 2 dó, a chomhordú.

5. (...)

*Airteagal 66*

**Tráchtálú spáis agus an geilleagar spáis**

1. Áireofar, i gcomhpháirt an tráchtálaithe spáis agus an gheilleagair spáis, CASSINI agus gníomhaíochtaí maidir le glacadh úsáideoirí. Is éard a bheidh in CASSINI tionscnamh fiontraíochta spáis an Aontais. Tabharfaidh CASSINI faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le tráchtálú thionscal spáis agus tháirgí agus sheirbhísí spáis an Aontais, agus béim ar leith á cur ar an bhfiontraíocht, agus faoi ghníomhaíochtaí chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil, agus tacaíocht á tabhairt d'fhiontraithe chun fás agus méadú sa mhargadh inmheánach agus go hidirnáisiúnta. Féadfar gníomhaíochtaí tráchtálaithe spáis a dhéanamh i gcomhar leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí ábhartha, lena n-áirítear GES.

2. Cuimseofar leis an gcomhpháirt sin na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) saoráidí infheistíochta an Aontais a chruthú le haghaidh infheistíocht phríobháideach síl, infheistíocht phríobháideach um fhás luath agus infheistíocht phríobháideach ag céim an fháis, agus bealaí amach a éascú do bhunaitheoirí agus d'infheisteoirí;

(b) saoráid an Aontais um uas-scálú tionsclaíoch a chruthú chun gur féidir tuilleadh infheistíochta príobháidí a dhéanamh i saoráidí monaraíochta nua agus i saoráidí monaraíochta atá ann cheana agus chun slabhraí soláthair atá bunaithe san Aontas a threisiú;

(c) tacú le forbairt Aontas na Scileanna atá dírithe ar earnáil an spáis, lena n-áirítear faisnéis scileanna, forbairt curaclaim spáis, uas-sciliú, athsciliú, soghluaisteacht agus cláir mhalartaithe;

(d) na héiceachórais spáis áitiúla a neartú, i gcomhar le tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha, trí ghníomhaithe éagsúla a thabhairt le chéile chun nuálaíocht spáis a chur chun cinn agus tacaíocht, saoráidí agus seirbhísí a chur ar fáil do shaoránaigh agus do chuideachtaí chun fiontraíocht a chothú, go háirithe trí aistriú teicneolaíochta, seirbhísí luathaithe gnó, meaitseáil agus líonrú infheisteoirí agus trí rochtain níos fearr ar an margadh agus líonraí gnó idirnáisiúnta a éascú;

(e) scéimeanna chun dlús a chur le hullmhacht don mhargadh agus fás tráchtála trí úsáid a bhaint as conarthaí agus scéimeanna ancaire chun custaiméirí a thabhairt isteach i margadh na hearnála príobháidí agus i margadh na hearnála poiblí, lena mbaineann comhpháirteanna spáis agus bonneagair spáis chomh maith le táirgí a úsáideann sonraí agus seirbhísí spáis;

(f) na gníomhaíochtaí is gá chun tacú le geilleagar spáis an Aontais, lena n-áirítear glacadh úsáideoirí agus forbairt margaidh iartheachtaigh, agus an margadh inmheánach le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

*Airteagal 67*

**Ceannasacht theicneolaíoch, taighde agus nuálaíocht**

1. Cuirfidh comhpháirt na ceannasachta teicneolaíche, an taighde agus na nuálaíochta ar a chumas don Aontas éiceachóras tionsclaíoch spáis atá iomaíoch, uathrialach agus nuálach a thógáil, arb é is aidhm dó ceannasacht theicneolaíoch, neamhspleáchas agus neamhthuilleamaíocht an Aontais a fheabhsú in earnáil an spáis. Cothóidh sí forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí ceannródaíocha spáis. Tabharfaidh sí tosaíocht do spleáchais chriticiúla ar theicneolaíochtaí nach teicneolaíochtaí de chuid an Aontais iad a laghdú, forbróidh sí sineirgí le hearnálacha eile, cuirfidh sí aibiú teicneolaíochtaí criticiúla chun cinn ó thaighde go tionsclú agus cothóidh sí teicneolaíochtaí dé-úsáide a d’fhéadfadh dul chun tairbhe d’fheidhmeanna sibhialta agus cosanta araon.

2. Áireofar leis an gcomhpháirt maidir le ceannasacht theicneolaíoch, taighde agus nuálaíocht na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí a bhaineann le ceannasacht theicneolaíoch an Aontais, ar nós nuálaíocht, forbairt, tionsclú agus glacadh teicneolaíochtaí criticiúla spáis, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhaineann go díreach le Faireachlann an Aontais um Theicneolaíochtaí Criticiúla, agus cur chun feidhme threochláir na Faireachlainne sin lena laghdaítear spleáchais an Aontais feadh na slabhraí soláthair agus lena gcuirtear feabhas ar iomaíochas éiceachóras spáis an Aontais;

(b) gníomhaíochtaí d'fhonn feabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil amhábhar criticiúil agus ardábhar, comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí le haghaidh na hearnála spáis, lena n-áirítear trína n-aga seachadta a laghdú, sliotáin mhonaraíochta a fhorchoimeád nó táirgí, táirgí idirmheánacha nó amhábhair chriticiúla a stoc-charnadh;

(ba) taighde, forbairt, aibiú agus bailíochtú a dhéanamh ar chumais spáis an Aontais atá ag teacht chun cinn agus ar chumais spáis nua an Aontais, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha, ar nós brath candamach agus teicneolaíochtaí gaolmhara eile;

(c) cumais spáis nua de chuid an Aontais a fhorbairt lena gcothófar geilleagar nua sa spás, go háirithe trí OS-S a aibiú, a thaispeáint agus a oibriúchtú;

(d) borradh a chur faoi iomaíochas tionsclaíoch an Aontais i margaí tráchtála domhanda, lena n-áirítear trí bhíthin misin taispeána lena ndéantar leibhéal digitithe na gcóras spáis ó cheann go ceann a chur chun cinn;

(e) fiosrú agus giaráil a dhéanamh ar shineirgí le réimsí comhlántacha, mar shampla an tslándáil agus an chosaint agus earnálacha ábhartha eile le haghaidh príomhréimsí ar nós na róbataice, na hintleachta saorga agus na cibearshlándála;

(f) tacú le gníomhaíochtaí caighdeánaithe agus deimhniúcháin atá ábhartha d'earnáil spáis an Aontais, lena n-áirítear cur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais maidir le comhpháirteanna atá le Ceannach i Siopa;

(g) infhaighteacht saoráidí tástála agus próiseála sonraí le haghaidh teicneolaíochtaí spáis agus rochtain orthu a éascú.

*Airteagal 68*

**Rochtain tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar sheirbhísí**

1. Féadfaidh tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí GOVSATCOM, seirbhísí rialtais IRIS², seirbhísí ilroinnte dá dtagraítear in Airteagal 62(5), pointe (b), agus SRFC faoi réir comhaontú arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE agus de bhun Airteagal 11(4), lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rochtain ar na seirbhísí sin, agus ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 13.

3. Is le hAirteagal 3(5) de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] a rialófar an rochtain ag tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar an tseirbhís phoiblí rialáilte dá dtagraítear in Airteagal 59(1), pointe (d).

4. Ní bheidh gá le haon chomhaontú arna thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE chun rochtain a fháil ar sheirbhísí SST a bhaineann le seachaint imbhuailte, dá dtagraítear in Airteagal 62(5), pointe (a), agus le hathiontráil, dá dtagraítear in Airteagal 62(5), pointe (c).

4a. Ní bheidh rochtain ag tríú tíortha ná ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar sheirbhísí SST dá dtagraítear in Airteagal 62(6), ach amháin faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 62(11).

---

[54] Cinneadh Uimh. 1104/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le rialacha le haghaidh rochtain ar an tseirbhís phoiblí rialáilte a chuireann an córas um loingseoireacht satailíte dhomhanda ar fáil faoin gclár Galileo (IO L 287, 4.11.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/1104/oj).

*Airteagal 69*

**Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla spáis an Aontais a chaomhnú**

1. Déanfaidh an Coimisiún na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a leagtar amach i mír 3 a chur i bhfeidhm maidir leis na nósanna imeachta dámhachtana faoin Roinn seo má mheasann sé gur gá agus gurb iomchuí é chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla spáis an Aontais a chaomhnú, agus an cuspóir chun uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn á chur san áireamh, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de, thar príomhtheicneolaíochtaí agus slabhraí luacha, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

2. Sula gcuirfear na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1, cuirfidh an Coimisiún foirmíocht ábhartha den choiste dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (ha), ar an eolas agus tabharfaidh sé lánaird ar thuairimí na mBallstát maidir le raon feidhme na gcoinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta sin agus maidir leis an mbonn cirt atá lena gcur i bhfeidhm.

3. Is iad seo a leanas a bheidh sna coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1:

   (a) tá an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe bunaithe i mBallstát agus tá a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe sa Bhallstát sin;

   (b) tugann an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe gealltanas go ndéanfaidh sé na gníomhaíochtaí ábhartha uile i mBallstát amháin nó níos mó; agus

   (c) níl an t-eintiteas dhlítheanach incháilithe le bheith faoi réir a rialaithe ag tríú tír ná ag eintiteas de chuid tríú tír.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na critéir a leagan amach lena gcinntear an bhfuil tionchar cinntitheach ann ar eintiteas dlítheanach, go díreach nó go hindíreach trí bhíthin eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó, a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar shlándáil, sláine agus athléimneacht chórais spáis oibríochtúla an Aontais, agus an cuspóir chun uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn á chur san áireamh, go háirithe ó thaobh na teicneolaíochta de ar fud na bpríomhtheicneolaíochtaí agus na slabhraí luacha.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

5. Féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) nó (b), a tharscaoileadh i gcás eintiteas dlítheanach ar leith tar éis meastóireacht a dhéanamh, bunaithe ar na critéir charnacha seo a leanas:

(a) i gcás teicneolaíochtaí, earraí nó seirbhísí sonracha atá riachtanach do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, níl aon teicneolaíocht, earra ná seirbhís ionaid ar fáil go héasca sna Ballstáit;

(b) tá an t-eintiteas dlítheanach bunaithe i dtír ar comhalta de LEE nó CSTE í agus a bhfuil comhaontú idirnáisiúnta tugtha i gcrích aici leis an Aontas, mar a thagraítear dó sin in Airteagal 11, tá a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe sa tír sin agus déantar na gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an soláthar, leis an deontas nó leis an duais sa tríú tír sin nó i dtír amháin nó níos mó mar sin; agus

(c) áirithítear cosaint FRAE i gcomhréir le hAirteagal 13 agus cuirtear bearta chun feidhme chun slándáil agus athléimneacht na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58, a n-oibriú agus a seirbhísí a áirithiú.

6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) nó (b), a tharscaoileadh maidir le heintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír nach comhalta í de LEE nó CSTE mura bhfuil aon ionadaí ar fáil go héasca i dtíortha ar comhaltaí iad de LEE nó CSTE agus má chomhlíontar na critéir a leagtar amach i mír 5, pointí (a) agus (c).

7. Féadfaidh an Coimisiún an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3 a tharscaoileadh má thugann an t-eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mBallstát na ráthaíochtaí seo a leanas:

(a) ní fheidhmítear rialú ar an eintiteas dlítheanach ar bhealach a chuireann srian nó teorainn lena chumas an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) an soláthar, an deontas nó an duais a chur i gcrích; agus

(2) torthaí a thabhairt, go háirithe trí oibleagáidí tuairiscithe;

(b) tugann an tríú tír rialaithe nó an t-eintiteas tríú tír gealltanas go staonfaidh sí nó sé ó aon cheart rialaithe a fheidhmiú ar an eintiteas dlítheanach, nó ó aon oibleagáid tuairiscithe a fhorchur air, i ndáil leis an soláthar, an deontas nó an duais; agus

(c) comhlíonann na húsáideoirí údaraithe na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3).

8. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe measúnú féachaint an gcomhlíonann an t-eintiteas dlíthiúil na critéir a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 5 maidir le tarscaoiltí a bhaineann leis an gcoinníoll a leagtar amach i mír 3, pointe (b) agus ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 7. Comhlíonfaidh an Coimisiún an measúnú sin.

9. Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar fáil don fhoirmíocht choiste ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (ha):

(a) raon feidhme na gcoinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo;

(b) na mionsonraí agus an bonn cirt maidir leis na tarscaoiltí arna ndeonú faoi mhír 5, 6 agus 7 den Airteagal seo; agus;

(c) an mheastóireacht a bhí mar bhonn leis an tarscaoileadh, faoi réir mhíreanna 5 go 7 den Airteagal seo, gan faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh.

10. Na coinníollacha a leagtar amach i mír 3, na critéir a leagtar amach i míreanna 4, 5 agus 6 agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i mír 7, cuimseofar iad sna doiciméid a bhaineann leis an soláthar, deontas nó duais, de réir mar is infheidhme, agus, i gcás soláthair, beidh feidhm acu maidir le saolré iomlán an chonartha a eascraíonn as sin.

11. Tá an tAirteagal seo gan dochar do Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE agus do Chinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún an 15.9.2015, Rialachán (AE) 2019/452, Cinneadh 2013/488/AE agus Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 agus don ghrinnfhiosrúchán slándála arna dhéanamh ag na Ballstáit maidir le heintitis dhlítheanacha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a éilíonn rochtain ar FRAE faoi réir na ndlíthe agus na rialachán náisiúnta is infheidhme.

12. Má dhéantar conarthaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail seo a rúnaicmiú, ní dochar na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1 d'inniúlacht na n-údarás slándála náisiúnta.

13. Ní chuirfidh an tAirteagal seo isteach ar aon nós imeachta um imréiteach slándála saoráide agus um imréiteach slándála pearsanra atá ann cheana i mBallstát, ná ní dhéanfaidh sé iad a leasú ná a bhréagnú.

*Airteagal 70*

**Úinéireacht shócmhainní spáis an Aontais, rochtain ar thorthaí agus úsáid sócmhainní**

1. Is é an tAontas a bheidh ina úinéir ar na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe go léir a chruthófar, a fhorbrófar nó a cheannófar faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach chun gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin Roinn seo a chur chun feidhme. Chuige sin, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh forálacha lena n-áirithítear úinéireacht an Aontais sna conarthaí, sna comhaontuithe agus sna socruithe ábhartha eile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a bhféadfadh cruthú nó forbairt na sócmhainní sin a bheith mar thoradh orthu.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe arna gcruthú nó arna bhforbairt faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin Roinn seo sna cásanna seo a leanas:

(a) soláthraítear an tacaíocht ón Aontas i bhfoirm deontas, duaiseanna nó soláthair réamhthráchtála, nó

(b) níl na gníomhaíochtaí á maoiniú go hiomlán ag an Aontas, mura sonraítear a mhalairt, nó

(c) baineann na gníomhaíochtaí le glacadóirí seirbhíse poiblí rialáilte arna bhforbairt ag na Ballstáit.

2a. Ní bheidh feidhme ag mír 2, pointe (b), maidir leis an mbonneagar rialtais a forbraíodh faoi fho-chomhpháirt IRIS².

3. I gcás ina mbeidh feidhm ag mír 2, ní bhfaighidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí an Aontais úinéireacht ach beidh cearta rochtana saor ó ríchíosanna acu ar thorthaí le haghaidh a n-úsáide féin agus beidh an ceart acu ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, lena n-áirítear na Ballstáit, nó an ceart ceangal a chur ar na faighteoirí ceadúnais neamheisiacha a dheonú dóibh chun na torthaí a úsáid faoi choinníollacha cothroma réasúnacha gan aon cheart a bheith acu focheadúnas a dheonú.

4. Féadfaidh an tAontas na comhaontuithe ábhartha a thabhairt i gcrích chun úinéireacht a fháil ar shócmhainní arna bhforbairt ag tríú páirtithe i gcás ina bhfuil gá leis na sócmhainní sin chun na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a chur chun feidhme.

5. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na cearta seo a leanas ag an Aontas:

(a) an ceart chun úsáid a bhaint as na minicíochtaí is gá chun na comharthaí arna nginiúint ag bonneagar rialtais IRIS², an chomhpháirt PNT, an chomhpháirt EO agus, i gcás inar gá, na comhpháirteanna SST agus rochtain ar an spás a tharchur, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus leis na comhaontuithe ceadúnaithe ábhartha, méid is indéanta de bharr na gcomhduithe ábhartha le haghaidh na minicíochtaí arna soláthar ag na Ballstáit, a fhanann faoi fhreagracht na mBallstát; agus

(b) an ceart chun tosaíocht a thabhairt do sholáthar sheirbhísí rialtais IRIS² ar sholáthar na seirbhísí tráchtála, i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha atá le bunú sna conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 61 agus trí riachtanais úsáideoirí rialtais údaraithe a chur san áireamh.

*Airteagal 71*

**Feidhmíocht seirbhíse, baránta agus dliteanas**

-1. Bunóidh an Coimisiún nó, i gcás inarb ábhartha, an Ghníomhaireacht doiciméad faoi shainmhíniú seirbhíse le haghaidh gach seirbhíse a sholáthraíonn na comhpháirteanna nó na fo-chomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58, ina dtabharfar tuairisc ar shaintréithe agus ar fheidhmíochtaí na seirbhísí sin lena bhfuiltear ag súil. Cuirfear an doiciméad faoi shainmhíniú seirbhíse ar fáil go poiblí nó, i gcás seirbhísí d'úsáideoirí rialtais údaraithe nó d'úsáideoirí seirbhíse poiblí rialáilte, comhroinnfear é leis na húdaráis inniúla iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 76. Maidir le fo-chomhpháirt SST, rannchuideoidh an Chomhpháirtíocht SST dá dtagraítear in Airteagal 62(3) le doiciméad faoi shainmhíniú seirbhíse a bhunú.

1. Na feidhmíochtaí lena bhfuiltear ag súil dá dtagraítear i mír -1, chomh maith leis na sonraí agus an fhaisnéis a sholáthróidh na comhpháirteanna agus na fo-chomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58, soláthrófar iad gan aon bharánta sainráite nó intuigthe a mhéid a bhaineann lena gcáilíocht, lena gcruinneas, lena n-infhaighteacht, lena n-iontaofacht, lena luas ná lena n-oiriúnacht chun aon chríche. Ní bheidh aon dliteanas ina leith sin ar an gCoimisiún, ar an nGníomhaireacht ná ar aon údarás rialtais lena mbaineann.

1a. I gcás nach gcomhlíonann seirbhís na paraiméadair a dearbhaíodh sa doiciméad faoi shainmhíniú seirbhíse dá dtagraítear i mír -1 mar gheall ar theagmhas pleanáilte nó neamh-intuartha, cuirfear úsáideoirí ar an eolas gan moill mhíchuí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa doiciméad ábhartha faoi shainmhíniú seirbhíse.

1b. De mhaolú ar mhír 1, i gcás seirbhísí d'úsáideoirí rialtais údaraithe, seirbhísí poiblí rialáilte agus seirbhísí sábháilteachta beatha dá dtagraítear in Airteagal 59(3), pointe (i), beidh gealltanais shonracha ó thaobh feidhmíochtaí lena bhfuiltear ag súil, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir téarmaí agus coinníollacha úsáide áirithe, ag gabháil leis an doiciméad faoi shainmhíniú seirbhíse dá dtagraítear i mír -1.

1c. Cuirfidh na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 77(1), pointe (ga), an Coimisiún nó, i gcás inarb ábhartha, an Ghníomhaireacht ar an eolas nuair a d'fhéadfadh teagmhas pleanáilte dá dtagraítear i mír 1b a bhaineann le seirbhísí a sholáthraítear d'úsáideoirí rialtais údaraithe nó d'úsáideoirí seirbhíse poiblí rialáilte difear a dhéanamh dá ngníomhaíochtaí.

2. Ní bheidh na Ballstáit atá rannpháirteach i bhfo-chomhpháirt SST faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as easpa nó briseadh i soláthar sheirbhísí SST, as moill ar sholáthar sheirbhísí SST, as míchruinneas na faisnéise a sholáthraítear trí sheirbhísí SST nó as aon ghníomhaíocht eile a dhéantar mar fhreagairt ar sholáthar sheirbhísí SST. Chun críoch mhír 1b, tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht gan moill mhíchuí faoi aon diall ón bhfeidhmíocht lena bhfuiltear ag súil.

*Airteagal 72*

**Rialacha comhlántacha maidir le soláthar**

1. Féadfaidh an t-údarás conarthach a iarraidh ar an tairgeoir cuid den chonradh a ligean ar fochonradh trí thairiscintí iomaíocha ar na leibhéil iomchuí fochonraitheoireachta do chuideachtaí seachas na cuideachtaí sin atá i ngrúpa an tairgeora. Le haghaidh conarthaí ar luach níos airde ná EUR 10 milliún, beidh sé d’fheidhm ag an údarás conarthach a áirithiú go mbeidh ar a laghad 30 % de luach an chonartha ar fochonradh trína chur amach ar thairiscintí iomaíocha ar leibhéil éagsúla fochonraitheoireachta chuig comhlachtaí lasmuigh de ghrúpa an phríomhthairgeora, go háirithe chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna san éiceachóras spáis a éascú. Soláthróidh an tairgeoir cúiseanna gan iarraidh ar fhochonraitheoireacht a chomhlíonadh nó le himeacht ón sprioc 30 %. Féadfaidh an t-údarás conarthach ceanglais shonracha a áireamh i ndoiciméadacht an nós imeachta dámhachtana chun a áirithiú go leanfaidh príomhchonraitheoirí prionsabail an tsoláthair a leagtar amach sa mhír seo le linn fhorghníomhú an chonartha.

1a. Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 83(1), pointe (g), ar an eolas faoi bhaint amach na sprice dá dtagraítear i mír 1.

2. Measfar go gcomhlíonann an soláthar a bhaineann le leanúnachas seirbhíse, nó leis an tseirbhís phoiblí rialáilte nó le seirbhísí d’úsáideoirí rialtais údaraithe coinníoll na fíorphráinne a bhunaítear i Roinn II, pointe 11.1, pointe (c), d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 73*

**Rialacha comhlántacha maidir le deontas**

1. [Féadfaidh an tAontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.]

2. De mhaolú ar Airteagal 184(6) den Rialachán Airgeadais, agus rátaí comhréidhe á gcur i bhfeidhm, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cistiú chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur suas go dtí uasmhéid 25 % de chostais dhíreacha incháilithe iomlána le haghaidh na gníomhaíochta.

3. De mhaolú ar Airteagal 207 den Rialachán Airgeadais, ní bheidh uasmhéid na tacaíochta airgeadais is féidir a íoc le tríú páirtí os cionn EUR 200 000.

4. Beidh an Chomhpháirtíocht SST dá dtagraítear in Airteagal 62(3) i dteideal deontas a fháil faoi Airteagal 198(d) den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 74*

**Rialacha comhlántacha maidir le bainistíocht indíreach**

1. Déanfar comhaontú comhpháirtíochta trípháirteach maidir leis an gcreat airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 131 den Rialachán Airgeadais a thabhairt i gcrích leis an nGníomhaireacht agus le GES araon, faoina bhféadfar cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a chur ar iontaoibh na Gníomhaireachta agus GES.

2. I gcás ina mbunóidh an Ghníomhaireacht nó GES bord um meastóireacht tairiscintí le haghaidh soláthar a dhéantar faoin gcomhaontú tríthaobhach dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh saineolaithe ón gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, ón eintiteas eile ar cuireadh cúram air, páirt a ghlacadh mar chomhaltaí i gcruinnithe an bhoird um meastóireacht tairiscintí, rochtain a bheith acu ar gach doiciméad arna tháirgeadh ag an mbord um meastóireacht tairiscintí agus freastal ar chruinnithe athbhreithnithe. Ní dhéanfaidh an rannpháirtíocht sin difear do neamhspleáchas teicniúil an bhoird um meastóireacht tairiscintí.

3. De mhaolú ar Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais agus má dhéanann an Coimisiún measúnú dearfach ar chosaint leasanna an Aontais nó ar chúraimí a chuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht, nó ar a comharbaí, faoi bhainistíocht indíreach, féadfaidh an Ghníomhaireacht iad a chur de chúram ina dhiaidh sin ar chomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán Airgeadais faoi choinníollacha na bainistíochta indírí a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCoimisiún.

4. I gcás ina gcuireann eintitis ar cuireadh cúram orthu gníomhaíochtaí soláthair nó deontais chun feidhme trí bhainistíocht indíreach, mar chuid de na gníomhaíochtaí cumarsáide, na gníomhaíochtaí scaipthe agus aon bhonneagar, trealamh, feithiclí, soláthairtí nó mórthoradh a chistítear leis an soláthar nó leis an deontas, tabharfar aitheantas do thacaíocht an Aontais agus léireofar bratach an Aontais (an suaitheantas) agus an ráiteas cistiúcháin (arna aistriú go teangacha áitiúla, i gcás inarb iomchuí) i gcomhréir le rialacha caighdeánacha cumarsáide an Choimisiúin.

*Airteagal 75*

**Róil**

1. Féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh sna comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58. Rannchuideoidh na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sna comhpháirteanna sin trína n-inniúlacht theicniúil, trína bhfios gnó agus trína gcúnamh, go háirithe i réimse na sábháilteachta agus na slándála. Cuimseofar leis an rannchuidiú sin sonraí, faisnéis, seirbhísí agus bonneagar atá i seilbh na mBallstát nó lonnaithe ar a gcríoch a chur ar fáil don Aontas, i gcás inarb iomchuí agus inar féidir, ar sonraí, faisnéis, seirbhísí agus bonneagar iad atá riachtanach do dhea-fheidhmiú na ngníomhaíochtaí. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun feidhmiú rianúil na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin Roinn seo a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh minicíochta agus cosaint.

2. Beidh an Coimisiún freagrach go foriomlán as na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht freisin ar chur chun feidhme na gcomhpháirteanna sin, gan dochar do bheartais eile de chuid an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) bainistiú a dhéanamh ar na comhpháirteanna nó na fo-chomhpháirteanna ar fad dá dtagraítear in Airteagal 58 nach gcuirtear de chúram ar eintiteas eile;

   (b) tosaíochtaí na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 agus a n-éabhlóid fhadtéarmach a chinneadh i gcomhréir leis na riachtanais úsáideora, agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár oibre sin;

(ba) gan dochar do chúraimí na Gníomhaireachta ná do chúraimí na n-eintiteas eile ar cuireadh cúram orthu, a áirithiú go ndéanfar glacadh agus úsáid na sonraí agus na seirbhísí arna soláthar ag na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a chur chun cinn agus a uasmhéadú sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear trí thacú le forbairt iomchuí na seirbhísí sin agus comhéadan soláimhsithe, trí thimpeallacht chobhsaí fhadtéarmach a chothú, trí shineirgí iomchuí a fhorbairt idir feidhmeanna na gcomhpháirteanna éagsúla agus trí chomhlántacht, comhsheasmhacht, sineirgí agus naisc idir na comhpháirteanna faoin Roinn seo agus gníomhaíochtaí agus cláir eile de chuid an Aontais a áirithiú;

(bb) comhleanúnachas a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí faoin Roinn seo agus gníomhaíochtaí a dhéantar i réimse an spáis ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(c) gné idirnáisiúnta na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a chinneadh agus a chomhordú, chun comhleanúnachas le beartais an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus cur chuige comhsheasmhach ina leith sin a áirithiú, faoi chuimsiú a réimse inniúlachta.

4. I gcás inar gá sin chun feidhmiú rianúil na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 agus soláthar rianúil na seirbhísí a sholáthraíonn siad a áirithiú, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla is gá chun na comhpháirteanna, na fo-chomhpháirteanna agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad a chur chun feidhme agus a fhorbairt, agus torthaí ó chomhairliúchán le húsáideoirí agus le páirtithe leasmhara eile á gcur san áireamh. Agus na sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla sin á gcinneadh ag an gCoimisiún, ní laghdóidh sé an leibhéal slándála ginearálta agus comhlíonfaidh sé ceanglais comhoiriúnachta siarghabhálaí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

5. I gcás inar gá, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta is gá chun suíomh an bhonneagair ar talamh a chinneadh, bunaithe ar na ceanglais slándála dá dtagraítear in Airteagal 77(3), tar éis próiseas oscailte trédhearcach agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3).

6. Beidh a cúraimí féin ag an nGníomhaireacht dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán [*EUSPA*] (AE) xx/xx* agus féadfaidh an Coimisiún cúraimí eile dá dtagraítear in Airteagal 4(2), (3) agus (5) den Rialachán sin agus i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais a chur uirthi.

7. Ar choinníoll go gcosnófar leasanna an Aontais, féadfar na cúraimí seo a leanas a chur ar GES:

(a) a mhéid a bhaineann le comhpháirt PNT: éabhlóid mórchóras agus dearadh agus forbairt codanna den chuid ar talamh agus satailítí, lena n-áirítear tástáil agus bailíochtú;

(b) a mhéid a bhaineann le fo-chomhpháirt Copernicus:

(i) comhordú agus cur chun feidhme na comhpháirte spáis agus éabhlóid na comhpháirte sin;

(ii) dearadh, forbairt agus tógáil an bhonneagair spáis agus codanna den chuid ghaolmhar ar talamh, lena n-áirítear oibríochtaí an bhonneagair sin agus soláthar gaolmhar, ach amháin nuair is eintitis eile a dhéanann na hoibríochtaí sin, mar shampla an Eagraíocht Eorpach chun Sochar a bhaint as Satailítí Meitéareolaíocha (EUMETSAT);

(iii) i gcás inarb iomchuí, rochtain a thabhairt ar shonraí tríú páirtí;

---

* IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

(c) a mhéid a bhaineann le fo-chomhpháirt SRFC: dearadh agus forbairt misean spáis nua um fhaire na cruinne agus codanna den chuid ghaolmhar ar talamh;

(d) a mhéid a bhaineann le fo-chomhpháirt IRIS²:

(i) maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, ar bhailíochtú agus ar na gníomhaíochtaí gaolmhara imscartha a bhaineann le céimeanna na forbartha, an bhailíochtaithe agus an imscartha le haghaidh na seirbhísí rialtais agus ar an bhforbairt agus an éabhlóid is gá chun seirbhísí rialtais a sholáthar, arna ndéanamh faoi chuimsiú na gconarthaí dá dtagraítear in Airteagal 61(15) agus i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe ranníocaíochta faoin gcomhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 74(1), lena n-áirithítear comhordú idir na cúraimí agus an buiséad a chuirtear ar iontaoibh GES agus rannchuidiú féideartha GES;

(ii) saineolas teicniúil a sholáthar, lena n-áirítear le linn cur chun feidhme;

(da) a mhéid a bhaineann le fo-chomhpháirteanna NEO agus SWE: gníomhaíochtaí réamhtheachtacha taighde agus forbartha.

8. Ar bhonn measúnú ón gCoimisiún, féadfar cúraimí eile a chur de chúram ar GES bunaithe ar riachtanais na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58, lena n-airítear gníomhaíochtaí sonracha taighde agus nuálaíochta, ar choinníoll nach ndéantar dúbláil leis na cúraimí sin ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eintitis eile a bhfuil cúram curtha orthu agus go bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar éifeachtúlacht chur chun feidhme na gcomhpháirteanna sin.

8a. Faoi réir fhormheas Bhord SatCen i gcomhréir le hAirteagal 18 de Chinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle, cuirfear de chúram ar SatCen Seirbhísí SRFC agus Sonraí SRFC dá dtagraítear in Airteagal 60(8), pointí (b) agus (c), a sholáthar d'úsáideoirí údaraithe rialtais agus sraith chónaidhme Bhonneagar SRFC dá dtagraítear in Airteagal 60(8), pointe a, fophointe (i), a oibriú. Le cur chun feidhme na gcúraimí a chuirtear ar SatCen faoin mír seo, lena n-áirítear beartais, srianta agus tosaíochtaí rochtana a shainiú maidir le Seirbhísí SRFC a sholáthar d'úsáideoirí rialtais údaraithe, urramófar leasanna CBES an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle, agus leasanna slándála náisiúnta na mBallstát.

9. Gan dochar do mhír 8a, agus ar choinníoll go gcosnófar leasanna an Aontais, féadfaidh an Coimisiún cúraimí chun na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a chur de chúram, go hiomlán nó go páirteach, ar eintitis ábhartha, mar shampla EUMETSAT, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, SatCen, an Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin, agus Lárionad Idirnáisiúnta Mercator um an Aigéan.

*Airteagal 76*

**Na húdaráis inniúla**

1. I gcás inar gá le haghaidh fo-chomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 a sholáthraíonn seirbhísí d'úsáideoirí rialtais údaraithe, ainmneoidh gach rannpháirtí údarás inniúil. Áiritheoidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh úsáid na seirbhísí ábhartha i gcomhréir leis na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3);

(b) go gcinnfear agus go mbainisteofar na cearta rochtana ar na seirbhísí ábhartha;

(c) go n-úsáidfear an trealamh úsáideora is gá chun na seirbhísí ábhartha agus na naisc chumarsáide leictreonaí agus an fhaisnéis a ghabhann leo a úsáid agus go mbainisteofar é i gcomhréir leis na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 77(3);

(d) go mbunófar pointe teagmhála lárnach chun cúnamh a thabhairt de réir mar is gá chun rioscaí agus bagairtí slándála a thuairisciú, go háirithe trasnaíocht leictreamaighnéadach dhíobhálach a bhrath a mbeadh tionchar aici ar na seirbhísí a fhorbraítear faoi na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58.

2. Foráiltear do ghníomhaíochtaí, do chúraimí agus d'fheidhmiú údaráis inniúla na seirbhíse poiblí rialáilte in Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 1104/2011/AE.

*Airteagal 77*

**Prionsabail an rialachais agus na slándála**

1. Beidh prionsabail an rialachais i gcomhair na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 agus i gcomhair gníomhaíochtaí sonracha bunaithe ar an méid seo a leanas:

(-a) leanúnachas seirbhíse agus iontaofacht agus leanúnachas an bhonneagair is gá, lena n-áirítear cosaint ar bhagairtí ábhartha;

(a) dáileadh soiléir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí idir na heintitis a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme, rud a chuireann lena n-inniúlachtaí faoi seach agus a sheachnaíonn aon fhorluí nó dúbláil i gcúraimí agus i bhfreagrachtaí agus ar an gcaoi sin a áirithíonn cuntasacht shoiléir;

(b) ábharthacht an struchtúir rialachais maidir le riachtanais shonracha gach comhpháirte nó fo-chomhpháirte dá dtagraítear in Airteagal 58 de réir mar is iomchuí;

(c) rialú láidir na gcomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 agus a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear go gcloíonn na heintitis ar fad go docht le costas, sceideal agus feidhmíochtaí, faoi chuimsiú a ról agus a gcúraimí faoi seach;

(d) bainistiú trédhearcach costéifeachtúil;

(f) breithniú córasach agus struchtúrtha ar riachtanais úsáideoirí na sonraí, na faisnéise agus na seirbhísí arna soláthar ag na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58, agus freisin ar éabhlóidí gaolmhara eolaíocha agus teicneolaíocha;

(g) iarrachtaí leanúnacha maidir le rioscaí a rialú agus a laghdú;

(ga) maidir le seirbhísí d'úsáideoirí rialtais údaraithe agus le haghaidh seirbhís phoiblí rialáilte, gníomhaíochtaí oibríochtúla ábhartha a chomhordú leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 76 agus leis na pointí teagmhála arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun ionadaíocht a dhéanamh ar úsáideoirí ábhartha na seirbhísí sin.

1a. Is é an Bord um Chreidiúnú Slándála arna bhunú faoi Airteagal 15 de Rialachán [*EUSPA*] (AE) xx/xx* a bheidh ina údarás um chreidiúnú slándála le haghaidh na gcomhpháirteanna agus na bhfo-chomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58 den Rialachán seo. Déanfar an creidiúnú slándála sin i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin.

2. Beidh prionsabail shlándáil na gcomhpháirteanna faoin Roinn seo, lena n-áirítear a mbonneagair ar talamh agus sa spás, bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) taithí na mBallstát i réimse na slándála a chur san áireamh agus cur le dea-chleachtais na mBallstát;

(b) cosaint na mbonneagar ar talamh atá ina gcuid dhílis de chomhpháirt dá dtagraítear in Airteagal 58 agus atá lonnaithe ar chríoch na mBallstát a áirithiú, trí bhearta a ghlacadh chuige sin atá coibhéiseach ar a laghad leis na bearta is gá chun bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a chosaint de réir bhrí Threoir (AE) 2022/2557 ón gComhairle;

---

* IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

(c) cur i bhfeidhm Chinneadh 2013/488/AE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit agus Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gCoimisiún, lena bhforáiltear, *inter alia*, do dheighilt idir feidhmeanna oibríochtúla agus na feidhmeanna sin a bhaineann le creidiúnú;

(d) an Coimisiún a mheas mar thionscnóir na faisnéise rúnaicmithe uile arna cruthú ag na heintitis a gcuirtear cúram orthu, mar a thagraítear in Airteagal 74(1) dóibh;

(e) a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Bord um Chreidiúnú Slándála arna bhunú faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) [*EUSPA*] xx/xx* a chúraimí gan dochar do fhreagrachtaí an Choimisiúin ná do na heintitis sin a gcuirtear cúram orthu, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát a mhéid a bhaineann le creidiúnú slándála;

3. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar anailís ar rioscaí agus bagairtí a chothabháil agus a nuashonrú le haghaidh na gcomhpháirteanna nó na bhfo-chomhpháirteanna atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 58. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an anailís ar rioscaí agus bagairtí i gcás gach comhpháirte nó fo-chomhpháirte a bheidh ann amach anseo. Bunaithe ar an anailís sin, cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais slándála ghinearálta do gach comhpháirt nó fo-chomhpháirt. Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tionchar na gceanglas sin ar fheidhmiú rianúil na comhpháirte nó na fo-chomhpháirte sin, go háirithe i dtéarmaí costais, bainistiú riosca agus sceidil. Áiritheoidh an Coimisiún freisin nach laghdófar an leibhéal ginearálta slándála, nach mbainfear an bonn d'fheidhmiú an trealaimh atá ann cheana bunaithe ar an gcomhpháirt nó ar an bhfo-chomhpháirt sin agus go gcuirfear rioscaí cibearshlándála san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 83(3). Déanfaidh na heintitis sin a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí spáis a chur chun feidhme faoin Roinn seo na bearta uile is gá, lena n-áirítear na bearta sin is gá i bhfianaise na saincheisteanna a shainaithnítear san anailís ar rioscaí agus bagairtí, chun slándáil na gcomhpháirteanna faoi Roinn seo a áirithiú.

---

* IO: cuir isteach le do thoil sa téacs uimhir an Rialacháin atá i gcomhad 2026/0084(COD)

4. I gcás ina bhféadfaí difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó na mBallstát mar gheall ar oibriú na gcóras, beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/698[55].

## ROINN 4
## TACAÍOCHT DON BHEARTAS MAIDIR LEIS AN TIONSCAL SLÁNDÁLA SIBHIALTA

*Airteagal 79*

**Forálacha sonracha maidir le tacaíocht don bheartas maidir leis an tionscal slándála sibhialta**

Rannchuideoidh gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin Roinn seo leis an gcuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d)(4).

*Airteagal 80*

**Gníomhaíochtaí sonracha chun tacú leis an mbeartas maidir leis an tionscal slándála sibhialta**

1. Leis an tacaíocht don bheartas maidir leis an tionscal slándála sibhialta, tabharfar aghaidh go háirithe ar na réimsí feidhme seo a leanas:

   (a) slándáil agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus dé-úsáide, chomh maith le heintitis chriticiúla, i gcoinne gach cineáil bagartha slándála;

   (b) teicneolaíochtaí, cumais agus réitigh, lena n-áirítear bearta chun caighdeánú, deimhniú agus idir-inoibritheacht teicneolaíochtaí slándála a fheabhsú, atá ábhartha chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, go háirithe an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, agus an choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus an choireacht chibearchumasaithe;

---

55 Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170, 12.5.2021, lch. 178-182, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/698/oj).

(c) teicneolaíochtaí, cumais agus réitigh chun earraí agus daoine a rialú ag teorainneacha, chun teorainneacha agus moil lóistíochta a chosaint, agus ar mhaithe le slándáil agus faireachas muirí agus slándáil chustaim; agus

(d) ullmhacht shibhialta, cumais coiscthe agus freagartha bagairtí slándála, bídís nádúrtha nó de dhéantús an duine, de thaisme nó d'aon ghnó.

2. Déanfar tacaíocht don bheartas maidir leis an tionscal slándála sibhialta a chur chun feidhme go háirithe trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) taighde agus nuálaíocht, uas-scálú, tacaíocht do FBManna, forbairt scileanna, agus gníomhaíochtaí monaraíochta;

(b) teicneolaíochtaí agus réitigh a thástáil agus a bhailíochtú;

(c) teicneolaíochtaí agus réitigh a chur in úsáid agus a ghlacadh sa mhargadh, lena n-áirítear i gcás cleachtóirí slándála;

(d) tacú le gníomhaíochtaí maidir le forbairt, cur chun feidhme, faireachán nó forfheidhmiú gníomhartha dlí agus beartais ábhartha an Aontais, lena n-áirítear fothú acmhainneachta le haghaidh pointí teagmhála náisiúnta.

3. Féadfar tacaíocht a sholáthraítear trí bhíthin na réimsí feidhme nó na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a sholáthar in aon fhoirm, lena n-áirítear trí bhíthin gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) [XXX][an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht] agus a shainaithnítear i gcuid thiomnaithe shonrach den chlár oibre.

4. Na cláir oibre a ghlacfar i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo faoin roinn seo, déanfar iad a chomhtháthú i gcuid thiomnaithe shonrach agus áiritheofar comhleanúnachas le gníomhaíochtaí Iomaíochais agus Sochaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoi Rialachán (AE) [XXX] [Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht].

*Airteagal 81*

**Úinéireacht na dtorthaí**

1. I gcás ina gcuirfear tacaíocht ón Aontas ar fáil i bhfoirm soláthair, beidh na torthaí faoi úinéireacht an Aontais.

2. I gcás ina soláthrófar tacaíocht ón Aontas i bhfoirm deontais, beidh cearta rochtana saor ó ríchíosanna, arna iarraidh sin, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais ar thorthaí chun beartais nó cláir de chuid an Aontais atá ann cheana i réimsí a inniúlachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus an ceart ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó ceangal a chur ar na faighteoirí ceadúnais neamheisiacha a dheonú dóibh, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha cothroma réasúnacha gan aon cheart maidir le focheadúnais a dheonú a bheith acu mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais.

3. Aon aistriú ar úinéireacht torthaí, nó deonú ceadúnas eisiach le haghaidh torthaí, arna nginiúint agus tacaíocht á tabhairt d’eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe nó d’eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, beidh sé faoi réir réamhfhógra agus réamhfhormheas ón gCoimisiún, a thabharfar laistigh de 3 bliana tar éis íocaíocht deiridh na gníomhaíochta, faoi choinníollacha lena n-áirithítear cosaint leasanna slándála an Aontais.

*Airteagal 82*

**Rialacha comhlántacha maidir le deontas**

1. Maidir le gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta i réimse an tionscail slándála sibhialta, féadfaidh an tAontas suas le [100] % de na costais incháilithe a chumhdach, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe.

2. De mhaolú ar Airteagal 184(6) den Rialachán Airgeadais, agus rátaí comhréidhe á gcur i bhfeidhm, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cistiú chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur go dtí leibhéal suas le huasmhéid 25 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána le haghaidh na gníomhaíochta, cé is moite de na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó cnapshuim a bhfuil costais indíreacha san áireamh iontu.

## Caibidil VIII

## Forálacha Críochnaitheacha

*Airteagal 83*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, agus féadfaidh sé teacht le chéile sna foirmíochtaí seo a leanas:

   (a) Coiste Ginearálta CEI, le haghaidh forléargas straitéiseach ar chur chun feidhme CEI, straitéiseach ábhair a bhaineann leis na cuspóirí ginearálta nó ábhair a bhaineann le níos mó ná ceann amháin de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2);

   (b) an Coiste um Aistriú Glan, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (a);

   (c) an Coiste um Shláinte, Bith-theicneolaíocht, Talmhaíocht agus Bithgheilleagar, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (b);

   (d) an Coiste Digiteach, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c);

   (e) an Coiste um an Tionscal Cosanta, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d)(2), ar féidir leis teacht le chéile i bhfo-fhoirmíochtaí éagsúla atá ailínithe leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 44(1);

   (f) an Coiste um Athléimneacht, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d)(1);

(g) an Coiste um an Spás, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d)(3), ar féidir leis teacht le chéile i bhfo-fhoirmíochtaí éagsúla atá ailínithe leis na comhpháirteanna nó na fo-chomhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 58(1);

(h) an Coiste um an Tionscal Slándála Sibhialta, le haghaidh ábhair a bhaineann leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d)(4);

(ha) an Coiste Slándála, le haghaidh chosaint fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais agus gnéithe slándála gaolmhara a thagann chun cinn i ndáil le hábhair a bhaineann le cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d), ar a mbeidh sainchúram ar leithligh le hais shainchúraimí na bhfoirmíochtaí eile, ar sainchúram é nach mbeidh comhréim aige leis na sainchúraimí sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus iarrfar an tuairim ar fhoirmíocht an choiste is mó lena mbaineann.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus iarrfar an tuairim ar fhoirmíocht an choiste is mó lena mbaineann.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

4a. I gcás nach dtugann na Coistí dá dtagraítear i mír 1, pointí (e), (f), (g), (h) nó (ha) aon tuairim uathu, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

6. Féadfaidh na Coistí dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) go (h), teacht le chéile i meithleacha éagsúla atá ailínithe le comhpháirteanna sonracha na n-ionuithe beartais, agus féadfaidh an Coiste i bpointe (ha) teacht le chéile i meithleacha slándála chun déileáil le cosaint fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais agus le gnéithe slándála gaolmhara a thagann chun cinn i ndáil le hábhair a bhaineann le cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (d).

6a. Agus iad ag tionól chun scrúdú a dhéanamh ar an gcuid thiomnaithe shonrach maidir le gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 15(2), cé is moite de chláir oibre maidir le gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil VII, Roinn 2, áireofar i gcláir oibre fhoirmíochtaí na gcoistí ábhartha míreanna tiomnaithe maidir leis an gcuid de na cláir oibre a bhaineann le gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta. Tabharfar cuireadh do bheirt ionadaithe ó gach Ballstát freastal ar na cruinnithe.

7. Féadfar cuireadh a thabhairt d’ionadaithe tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freastal ar chruinnithe fhoirmíochtaí na gcoistí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina gcuid rialacha nós imeachta, agus leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais á gcur san áireamh. Ní bheidh siad i láthair ag vótáil an choiste ná ní ghlacfaidh siad páirt i vótáil an choiste. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha ná ó eagraíochtaí idirnáisiúnta i láthair le linn pléití ar ábhair a bhaineann le hincháilitheacht, lena n-áirítear plé a bhaineann le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 10 den Rialachán seo.

8. Tabharfar cuireadh do SEGS agus do GEC freastal ar chruinnithe an choiste um an tionscal cosanta mar bhreathnóirí agus a dtuairimí agus a saineolas a chur ar fáil le linn obair an choiste.

*Airteagal 84*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa Rialachán seo a thabhairt don Choimisiún le haghaidh na tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2035.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

6a. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do Rialachán Tarmligthe Uimh. 1159/2013 ón gCoimisiún a fhanfaidh i bhfeidhm, más ábhartha, go dtí go modhnófar é ar bhonn an Rialacháin seo.

*Airteagal 85*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/696**

Scriostar Teidil I, II agus III, Airteagail 26, 27, 28, 30, 31, 32, 33 agus 43, Teidil VI, VII, VIII agus X de Rialachán (AE) 2021/696 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 86*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/588**

Scriostar Caibidlí I, II, III, IV, Airteagail 24, 25, 26, 28 agus 29, Teidil VII, VIII, IX agus X de Rialachán (AE) 2023/588 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 87*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2025/2643**

Scriostar Caibidlí II agus IV de Rialachán (AE) 2025/2643.

*Airteagal 88*

**Aisghairm**

Aisghairtear na Rialacháin seo a leanas le héifeacht ón 1 Eanáir 2028:

(a) Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014;

(b) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240;

(c) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092;

(d) Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013.

*Airteagal 89*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí arna dtionscnamh de bhun na mbunghníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 85, a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis na gníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2021/696 agus Rialachán (AE) 2023/588. Fanfaidh na gníomhartha sin i bhfeidhm, más ábhartha, go dtí go modhnófar iad ar bhonn an Rialacháin seo, cé is moite de chinntí arna ndéanamh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/588.

2a. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643. Fanfaidh na gníomhartha sin i bhfeidhm, más ábhartha. Ar thogra ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2025/2643 a leasú.

3. Féadfaidh an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 4 na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin a chumhdach freisin, ar speansais iad a bhfuil gá leo chun an t-aistriú idir CEI agus na bearta arna nglacadh de bhun na mbunghníomhartha dá dtagraítear sa chéad mhír a áirithiú.

*Airteagal 90*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*